



Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2024



**National Asset
Management Agency**

Grianghraf clúdaigh (barr) le Shutterstock
& (bun) le Enda Cavanagh.

€5.5 Billiún

Tá sé tuartha ag GNBS €5.5 billiún a aistriú chuig an Státchiste mar ranníocaíocht saoil iomlán, rud a chuimsíonn barrachas de €5.05 billiún agus breis is €0.45billiún i gcánacha.

€4.69 billiún íoctha leis an Státchiste go dtí seo.

Clár na nÁbhar

Litr chuig an Aire Airgeadais	2
-------------------------------	---

RÉAMHRÁ	3
----------------	----------

Cuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord an GNBS	4
--	---

Amlíne GNBS 2009 – 2025	
-------------------------	--

Gnóthachtálacha GNBS 2009 – 2025	
----------------------------------	--

Buaicphointí Airgeadais 2024	
------------------------------	--

Buaicphointí Gnó	11
------------------	----

Ráiteas an Chathaoirligh	12
--------------------------	----

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	15
-----------------------------------	----

ATHBHREITHNIÚ GNÓ	18
--------------------------	-----------

Bainistíocht Punainne agus Díghiaráil	
---------------------------------------	--

Seachadadh Cónaithe	22
---------------------	----

Criosanna Forbartha Straitéisí	24
--------------------------------	----

ATHBHREITHNIU AIRGEADAIS	28
---------------------------------	-----------

COMHSHAOL, SÓISIALTA AGUS RIALACHAS	34
--	-----------

Ionchur Sóisialta agus Eacnamaíoch	35
------------------------------------	----

Inbhuanaitheacht agus an Comhshaol	37
------------------------------------	----

Eagraíocht	39
------------	----

Rialachas	41
-----------	----

RÁITIS AIRGEADAIS	55
--------------------------	-----------

Gluais Téarmaí	129
----------------	-----



Cuardaigh ar líne

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le tuilleadh eolais a fháil: www.NAMA.ie



Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní National Asset Management Agency

An 15 Bealtaine 2025

An tUas. Paschal Donohoe TD

Aire Airgeadais

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Is mór an onóir dúinn Tuarascáil agus Cuntais na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 a chur faoi do bhráid.

Mise le meas,

Aidan Williams
Cathaoirleach

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Réamhrá



1 Réamhrá

2 Athbhreithniú Gnó

3 Athbhreithniú Airgeadais

4 Comhshaol, Sóisialta Agus Rialachas

5 Ráitis Airgeadais

Cuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord an GNBS	4
Amlíne GNBS 2009 – 2025	6
Gnóthachtálacha GNBS 2009 – 2025	8
Buaicphointí Airgeadais 2024	10
Buaicphointí Gnó	11
Ráiteas an Chathaoirligh	12
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	15

Cuspóirí Straitéiseacha arna leagan síos ag Bord an GNBS

1

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

An barrachas is mó a ghineadh

Is é príomhchuspóir tráchtála an Bhoird an barrachas is mó is féidir a bhaint amach ó bhainistíocht agus diúscairt a phunann atá fágtha, faoi réir dhálaí an mhargaidh atá i réim, faoi mhí na Nollag 2025.

2

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

Foirceannadh pleanáilte GNBS a éascú

Críochnóidh GNBS a foirceannadh céimnithe agus ordúil agus cuirfidh sí a cuid oibre i gcrích i mí na Nollag 2025. Leanfaidh GNBSag obair leis an GBCN agus leis an Roinn Airgeadais chun aistriú na gníomhaíochta go léir atá fágtha chuig Aonad Réitigh an GBCN ag deireadh 2025 a éascú.

3

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

Ionchur dearfach sóisialta agus eacnamaíoch a dhéanamh

Faoi réir phríomhacht a sainordaithe thráchtála Alt 10 ach é a chomhlánú go minic, agus laistigh de chomhthéacs punann urraithe i bhfad níos lú, féachfaidh an GNBS le hionchur dearfach sóisialta agus eacnamaíoch a dhéanamh ar fud a cuid gníomhaíochtaí eile.

GNBS – Torthaí a Sheachadadh don Stát

Bunaíodh GNBSi mí na Nollag 2009 mar cheann de na tionscnaimh an Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim bhaincéireachta na hÉireann. Ag an am sin, bhí Éire i ndeacracht thromchúiseach airgeadais agus eacnamaíoch, den chuid is mó mar gheall ar iasachtaí iomarcacha agus, i go leor cásanna, iasachtaí neamhchúramach ó institiúidí airgeadais na hÉireann, an chuid is mó díobh idir 2003 agus 2008.

Tugadh cuid mhór den iasachtú seo, le haghaidh réadmhaoine, cé nár bhain se le hiasachtú amháin. Agus na bainc ag streachailt lena ngnáth ghnó mar gheall ar líon a sócmhainní iasachta bearnaithe, iarradh ar GNBS formhór a bpunann iasachtaí a bhain le réadmhaoine a fháil agus iad a bhainistiú agus an aidhm ann an oiread agus ab fhéidir a aisghabháil do cháiníocóirí na hÉireann. Tugadh sainchúram tráchtála soiléir do GNBS– an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát. Fuair GNBS iasachtaí bearnaithe agus parfhiachas par billiún ag baint leo. Mar chúiteamh air sin, fuair na bainc €32 billiún, agus ba fhiachas sinsearach ráthaithe ag an rialtas a eisíodh do na hinstiúidí airgeadais 95% de sin agus dá bhrí sin bhí dlíteanas teagmhasach ann do cháiníocóirí na hÉireann. Chun an méid a íocadh as na hiasachtaí a chur i gcomhthéacs, ba é €32.6 billiún ioncam cánach an Stáitchiste in 2009.

	AIB	Anglo	BOI	EBS	INBS	Iomlán
Iarmhéideanna iasachta aistrithe chuig GNBS	€20.4bn	€34.1bn	€9.9bn	€0.9bn	€8.7bn	€74bn
Comaoin íoctha ag GNBS	€9.0bn	€13.4bn	€5.6bn	€0.4bn	€3.4bn	€31.8bn
Lascaíne	56%	61%	43%	57%	61%	57%

Ó bunaíodh í i mí na Nollag 2009, tá an Gníomhaireacht i ndiaidh a sainordú tráchtála a leag an tOireachtas di a bhaint amach go rathúil. Trí bhainistiócht éifeachtach a déanamh ar a punann iasachtaí agus luach a sócmhainní a uasmhéadú, tá brabúis seachadta ag GNBS go seasta le 14 bliana anuas. De bharr feidhmíocht láidir tráchtála bhí tionchar eacnamaíoch agus sóisialta luachmhar níos leithne ag gníomhaíochtaí GNBS freisin. Trína tionscnaimh maidir le soláthar cónaithe agus cláir Chrios Forbartha Straitéisí Dhugaí Bhaile Átha Cliath, tá cuspóirí tráchtála á mbaint amach ag GNBS agus soláthar tithíochta agus tráchtála á sheachadadh aici lena mbaineann buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha.

D'éascaigh GNBS le soláthar tithíochta ar scála suntasach– mhaoineigh nó d'éascaigh GNBS 42,548 teach nua. Chuir GNBS go mór le hathghiniúint inbhuanaithe Dhugaí Bhaile Átha Cliath trí spás tráchtála agus cónaithe nua fairsing a sheachadadh. Mar fhocal scoir, tá a cuid shóisialta thábhachtach déanta ag GNBS trí bheagnach 3,000 aonad tithíochta sóisialta a sheachadadh, rud a sholáthair tithe do 9,000 duine. Rinneadh 1,366 de sheachadadh iomlán tithíochta sóisialta GNBS tríd an bhfeithicil tithíochta sóisialta SRCSN. Coinneoidh an Stát an phunann seo agus aistreofar chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún í. Tá súil ag GNBS freisin dhá shuíomh forbartha cónaithe a bhfuil acmhainneacht shuntasach breisluacha agus acmhainn iontu do thart ar 4,000 aonad cónaithe a aistriú chuig eintiteas stáit eile roimh dheireadh 2025.

Ní raibh sé i gceist riamh go mbeadh GNBS buan agus tá deireadh a saolré ag druidim anois. Tá GNBS ag leanúint ar aghaidh lena céimeanna foirceanta agus tá sí ar an mbóthar ceart chun a chuid gníomhaíochtaí go léir a thabhairt chun críche faoi dheireadh mhí na Nollag 2025. Meastar faoi láthair go ndéanfaidh GNBS ranníocaíocht de €5.5 billiún leis an Stáitchiste ar an iomlán, lena n-áirítear an barrachas saoil réamh-mheasta de €5.05 billiún agus €0.45 billiún in íocaíochtaí cánach corparáide. Go hidirnáisiúnta, luadh an Gníomhaireacht mar cheann de na samplaí is fearr de chur i bhfeidhm rathúil cuideachta bainistíochta sócmhainní Stáit-thacaithe mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda.

Amlíne GNBS 2009 – 2025



2009 – 2011

Bunú agus éadálacha iasachtaí

- **2009**
Cinneadh an Rialtais chun GNBS a bhunú fógartha ag an Aire Airgeadais ag an am, an tUasal Brian Lenihan TD, an 7 Aibreán 2009.
- Bunaíodh GNBS i mí na Nollag 2009 tar éis achtú reachtaíocht GNBS. Thug GNBS faoi roinnt próiseas tairisceana chun príomhsholáthraithe seirbhíse a cheapadh.
- **2010**
Ceadú foirmiúil tugtha ag Coimisiún an AE do scéim GNBS i mí Feabhra 2010.
- Ansin, fuair GNBS breis is €71 billiún i sócmhainní iasachta (parluach) ó na hinstiúidí rannpháirteacha le linn 2010, agus fuair sí €3 billiún breise in iasachtaí (parluach) in 2011.
- Thosaigh GNBS ag plé le féichiúnaithe na n-iasachtaí a fuarthas.
- **2011**
Sa bhliain 2011, chuir GNBS tús leis an bpróiseas chun a Fhiachas Sinsearach ráthaithe Rialtais ar fiú €30.2 billiún é a fhuascailt agus fuascailt tosaigh €1.25 billiún i gceist.



2012 – 2017

Dianphlé le féichiúnaithe, fuascailt Fhiachais Shinsearaigh agus dhá shainchúram nua

- **2012**
Dul chun cinn déanta ag GNBS phleananna gnó a chomhaontú le féichiúnaithe inmharthana agus comhoibríocha agus straitéisí réitigh a chur i bhfeidhm do féichiúnaithe eile.
- Meán speisialta bunaithe, Seirbhísí Readmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta (SRCSN), chun seachadadh tithíochta sóisialta a bhrostu trí phróisis léasaithe a chuíchóiriú agus tithe a fháil ó féichiúnaithe nó ó ghlacadóirí le húsáid le haghaidh tithíochta sóisialta.
- **2013**
Sa bhliain 2013, shroich GNBS a chéad chloch mhíle mhór trí 25% carnach de Bhannaí Sinsearach a fhuascailt.
- Corparáid Réitigh Bainc na hÉireann (IBRC) curtha faoi leachtú speisialta ag Rialtas na hÉireann sa bhliain 2013 agus GNBS ainmnithe mar cheannaitheoir cúltaca d'aon sócmhainní neamhdhíolta.
- **2014**
Thosaigh GNBS a chlár d'idirbhearta móra díolacháin iasachta chun cabhrú lena chlár dílghearála agus chun leachtacht a fheabhsú i margadh maoine tráchtála na hÉireann.
- **2015**
Leathnaíodh sainchúram GNBS, le fógraí go leathnódh sí a pleananna seachadta cónaithe a bhí ann cheana féin chun 20,000 teach nua a éascú agus, ar leithligh, go ndéanfaidh sí clár mór infheistíochta chun beagnach 4 mhilliún troigh cearnach de spás tráchtála, oifige agus miondíola nua a fhorbairt i gCeantar Dhugthailte Bhaile Átha Cliath.
- **2017**
In 2017, bhain GNBS a phríomhchuspóir tráchtála amach trí 100% dá Fhiachas Sinsearach a fhuascailt trí bliana níos luaithe ná mar a bhí beartaithe, rud a chuir deireadh leis an dliteanas teagmhasach de €30.2 billiún ar Stát na hÉireann.



2018 – 2020

Fuascailt an Fhofhiachais agus na n-oibleagáidí cothromais a bhí fágtha agus barrachas shaolré GNBS a mhéadú

- **2018**
Le linn na tréimhse seo, lean GNBS lena ghiniúint láidir airgid trí leas a bhaint as dálaí fabhracha margaidh agus sháraigh sí an chlochmhíle giniúna airgid €40 billiún.
- In 2018, chuir GNBS tús leis an bpróiseas chun a fofhiachas de €1.6 billiún a fhuascailt, agus an chéad €529 milliún fuascailthe trí fhothairiscint tairisceana.
- In 2018, chríochnaigh an Ghníomhaireacht a hidirbheart díolacháin iasachta mór deiridh.
- **2020**
In 2020, shroich GNBS dhá chloch mhíle shuntasacha eile: 1) Fuascailt deiridh an Fhofhiachais a bhí fágtha ar luach thart ar €1.1 billiún. 2) Rinne an Ghníomhaireacht a rogha 51% de chuideachta sealbhaíochta infheistíochta GNBS, Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teo., a bhí faoi úinéireacht infheisteoirí san earnáil phríobháideach roimhe sin, a fháil chun úinéireacht 100% den eintiteas a thabhairt don Stát.
- Mar thoradh ar na tionscnaimh seo, ní raibh aon fhiachas ná oibleagáidí cothromais fágtha ag GNBS agus réitigh siad an bealach don Ghníomhaireacht aistriú a barrachais chuig an Stáitchiste a thosú, le híocaíocht airgid €2 billiún i mí an Mheithimh 2020.



2021 – 2025

An barrachas a uasmhéadú agus a hoibríochtaí a fhoirceannadh

- **2021**
Sa bhliain 2021, sháraigh GNBS a sprioc seachadta cónaithe de 20,000 aonad agus lean sí ag obair ar thithe breise a sheachadadh – rud a d'fhág gur seachaid GNBS breis is 42,500 teach go díreach nó go hindíreach.
- **2022**
Sa bhliain 2022, d'fhógair GNBS go bhfuil clár Dhugthailte Bhaile Átha Cliath beagnach críochnaithe, le 4.2 milliún troigh cearnach de spás tráchtála agus breis is 2,000 teach éascaithe sa cheantar.
- **2023**
Sa bhliain 2023 cuireadh tús le clár foirceanta GNBS, agus ina dhiaidh sin shocraigh an tAire Airgeadais ag an am deireadh 2025 mar dháta do GNBS a chuid oibríochtaí a thabhairt chun críche.
- **2024**
Tosaíodh ar an obair sa bhliain 2024 Aonad Réitigh GNBS nua a bhunú laistigh de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) chun aon sócmhainní fágtha faoi smacht GNBS nó aon dlíthíocht leanúnach a bhaineann le GNBS a bhainistiú.
- **2025**
D'fhógair GNBS in 2025 go sroicfidh a bharrachas saoil, lena n-áirítear íocaíochtaí Cánach Corparáide, €5.5 billiún.

Gnóthachtálacha GNBS 2009 – 2025

“ Is é bunú na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní an réiteach is fearr ar an ngéarchéim bhaincéireachta atá ann d'Éirinn. Trí bhunú na Gníomhaireachta, tá an Rialtas ag dul i ngleic go díreach leis an mbagairt shuntasach bainteach le sócmhainní bearnaithe do chóras airgeadais na hÉireann.

Brian Cowen,

Taoiseach ag an am sin – Meán Fómhair 2009

GNBS tráth a bunaithe



€31.8 bn

Comaoin Iomlán
Lena n-áirítear €5.6 billiún
de Chúnamh Stáit



€26.2 bn

Luach Margaidh Phunann na nlasachtaí



€74 bn

Parfhiachas a Fuarthas



60,000

Réadmhaoin Faighte



12,000

Iasacht Faighte



772

Teagmháil Féichiúnaithe



22

Dlínse



Ár dTionchar



€ 11.1 bn

Sochar don Stát
A chuimsíonn barrachas €5.5 billiún
agus €5.6 billiún i gcúnamh stáit



100% aisíochtha

€30.2 billiún de Fhiachas Sinsearach
& €1.6 billiún de Fhofhiachas aisíochtha
go hiomlán



€48.3 bn

Giniúint Airgid



<€100m

Punann na nlasachtaí Urraithe atá Fágtha



42,548

Seachadadh Cónaithe (Tithe)



3,000

Tithe Sóisialta seachadta



4.2m sq. ft.

Spás Tráchtála i nDughailte
Bhaile Átha Cliath



Go hidirnáisiúnta, luadh an Gníomhaireacht mar cheann de na samplaí is fearr de chur i bhfeidhm rathúil cuideachta bainistíochta sócmhainní Stáit-thacaithe mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda.

Michael McGrath,

An tAire Airgeadais ag an am sin – Márta 2024

Buaicphointí Airgeadais 2024

Brabús

€197 milliún

Brabús tar éis cánach (2023: €68m)



Giniúint Airgid

€600 milliún

Airgead tirim iomlán ginte i rith 2024



€48.3 billiún

Airgead tirim carnach ginte ón tús go deireadh-2024

Fáltais Diúscartha

€570 milliún

Fáltais diúscartha 2024



€41.7 billiún

Fáltais diúscartha carntha ón tús go deireadh-2024

Punann Iasachta

€96 milliún

Luach cóir phunann iasachtaí féichiúnaithe amhail dheireadh-2024



€423 milliún

Réadmhaoin infheistíochta amhail dheireadh-2024

Aistrithe Barrachais

€400 milliún

Airgead tirim aistrithe chuig an Státhchiste i rith 2024



€4.69 billiún

Iomlán an airgid thirim a aistríodh go dáta (lena n-áirítear €439m cánach íoctha)

Ranníocaíocht Státhchiste Saoil

€5.5 billiún

Barrachas saoil réamh-mheasta GNBS faoi dheireadh -2025



Buaicphointí Gnó

Dul Chun Cinn i Seachadadh Cónaithe faoi dheireadh Mhárta 2025

361 Tithe

Seachadta

Seachadta trí mhaoiniú GNBS in 2024 agus i R1 2025



Píblíne Seachadta Cónaithe

Dul Chun Cinn faoi dheireadh Mhárta 2025

81 Tithe

I mbun tógála

Á thógáil faoi láthair agus beidh siad críochnaithe roimh dheireadh 2025



42,548 Tithe

Líon iomlán na n-aonad ó bunaíodh é

Seachadadh éascaithe ag GNBS ó 2014 i leith



4,000 Tithe

Forbairt as seo amach

Acmhainneacht seachadta ar dhá shuíomh a fuair GNBS in 2024 agus a choinneoidh an Stát le haghaidh forbartha amach anseo



Dugthailte Bhaile Átha Cliath Crios Forbartha Straitéisí

100%

Tógáil críochnaithe nó díolta

(4.2m troigh cearnach de spás tráchtála agus 2,183 aonad cónaithe) arb é leas bunaidh an GNBS i dtógáil críochnaithe nó díolta



An Poll Beag Thiar Crios Forbartha Straitéisí

100%

Leas Léasachta díolta

Dhíol GNBS 80% dá leas in 2021 agus an 20% eile a bhí aige i bhforbairt na mBuidéal Gloine in 2023



Tithíocht Shóisialta

2,957

Tithe seachadta

ag GNBS do thithíocht shóisialta, gan iad sin a sheachadtar faoi shocrúithe Chuid V ar fhorbairtí cónaithe arna maoiniú ag GNBS a áireamh



7,600+

Oiriúnach do thithíocht shóisialta

Thar a saolré, d'aithin an GNBS 7,600+ réadmhaoin chónaithe a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta



Buntáistí buana d'Éirinn

Aidan Williams
Cathaoirleach



Seo an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach a fhoilseoidh Bord GNBS roimh dhíscaoileadh ionchasach na Gníomhaireachta i mí na Nollag 2025.

Gné lárnach de na torthaí airgeadais atá á bhfógairt againn inniu ná an dea-scéal go bhfuil Bord GNBS ag tuar barrachas saoil €5.5 billiún don Gníomhaireacht, lena n-áirítear €450 milliún in íocaíochtaí cánach corparáide. Is méadú €300 milliún é seo ar ár dtuar €5.2 billiún roimhe seo.

Agus muid ag ullmhú d'ár gcuid oibre a chur i gcrích agus do fhoirceannadh GNBS ag deireadh 2025, is deis dúinn é foilsiú ár dTuarascála Bliantúla machnamh a dhéanamh ar sheirbhís na Gníomhaireachta don Stát le 16 bliana anuas.

Rud amháin a rith liom go minic i mo bhlianta i mo ról mar Chathaoirleach ná braistint láidir úinéireachta poiblí na Gníomhaireachta seo.

BRABÚS 2024

€197m

DUGTHAILTE BHAILE ÁTHA CLIATH

100%

Críochnaithe nó díolta

BARRACHAS SAOLRÉ

€5.5bn

Tá suim léirithe ag an oiread sin daoine ar fud na hÉireann inti agus lean siad go dlúth í; tá an spéis chéanna léirithe ag ionadaithe polaitiúla agus pobail; chomh maith le go leor páirtithe leasmhara tábhachtacha eile - sna meáin, sna margaí airgeadais, sna margaí réadmhaoin, chomh maith leis na daoine a bhí mar chuid den Ghníomhaireacht agus a d'oibrigh chomh crua sin di le 16 bliana anuas.

Níor chuir sé seo ionadh orm riamh; is gníomhaireacht í a rugadh as an ngéarchéim bhaincúireachta in 2009 nuair a bhí institiúidí airgeadais agus geilleagar na hÉireann i gcruachás mhór - mar a bhí an geilleagar domhanda go cinnte. B'eintiteas í GNBS ina raibh leas airgeadais an-suntasach ag muintir na hÉireann i gcónaí. Ach chiallaigh imthosca chruthú GNBS freisin go raibh i bhfad níos mó ná airgeadais i gceist - bhí gnéithe sóisialta, cultúrtha agus mothúchána ann. Cé go bhfuil na gnéithe seo an-tábhachtach i ndáiríre, ní mór dúinn dearmad a dhéanamh ar an áit a raibh ár ngeilleagar ag an bpointe sin dár stair agus cinneadh rialtas an lae maidir leis an mbealach is fearr chun cinn. Cé nár aontaigh cuid leis an straitéis seo, ní raibh baint ag GNBS féin sa chinneadh.

Spreag bunú GNBS go leor díospóireachtaí poiblí bríomhara. D'éirigh sí le bheith aitheanta go forleathan in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon. Ba dlúthchuid dár saol í. Ag pointe amháin, d'éirigh GNBS le bheith ina chuid den chaint laethúil fiú, mar ghiorrúchán chun cur síos a dhéanamh ar fhéichiúnaí a raibh a chuid iasachtaí faighte againn - nó mar a luaitear go minic sna meáin chlóite, a raibh "GNBS-ed" orthu.

Léirigh an leibhéal sin fiosracha agus spéise poiblí go soiléir cé mhéad suime a bhí ag daoine. Léirigh sé cé chomh tábhachtach is a bhí sé go gcomhlíonfaimis an sainordú a tugadh dúinn chomh maith agus ab fhéidir linn agus, de réir mar a chuaigh an t-am thart, go sáródh muid ionchais maidir leis an méid a d'fhéadfaimis a bhaint amach.

Thug sé dúshlán do gach duine i GNBS leanúint ar aghaidh agus go díreach é sin a dhéanamh, mar a léiríonn ár mbarrachas €5.5 billiún anois.

Ba chuid den díospóireacht phoiblí faoi GNBS léiriú an oiread sin tuairimí éagsúla ar an gcuma a bheadh ar nó ar cheart a bheadh ar rath na Gníomhaireachta.

Tá go leor díospóireachta feicthe agam faoi seo ach, mar eintiteas tráchtála, tá an tsat tómhais ratha sin sainmhínithe againn trí mhéadrachtaí tráchtála. Féadfaidh daoine eile éifeachtacht GNBS a thomhas ar bhealaí eile, ach creidim go léiríonn ár méadrachtaí tráchtála go soiléir dea-theist feidhmíochta láidre ag an nGníomhaireacht le linn a shaolré. Ba é ár bpríomhthasc nó ár sainordú mar ata forordaithe in Alt 10 de reachtaíocht GNBS an toradh eacnamaíoch is fearr a bhaint amach don Stát.

Áirítear leo seo ár mbarrachas saoil, toradh airgeadais atá suas le €15 billiún níos fabhraí don Stát ná cuid de na tuartha duairce a rinneadh nuair a bunaíodh GNBS.

D'aisghabh GNBS gach cent den €5.6 billiún Cúnaimh Stáit a chuireamar ar fáil do na cúig Institiúid Rannpháirteacha trí phréimh a íoc, a comhaontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach, le luach margaidh na n-iasachtaí tráth na hEadála.

Is ionann ár mbarrachas saolré agus aisghabháil Chúnamh Stáit agus níos mó ná €11 billiún i ngnóthachain don Stát nuair a chuirtear le chéile iad.

Tá an Gníomhaireacht brabúsach go seasta, agus brabús tuairiscithe thar 15 dá 16 bliana airgeadais- an t-aon eisceacht ata ann ná an chéad tréimhse tuairiscithe, nuair a thaifeadamar laguithe suntasacha a d'eascair as titim leanúnach i luachanna réadmhaoin na hÉireann tar éis dúinn ár sócmhainní a fháil agus Éire ag dul isteach sa chlár tarrthála faoi mhaoirseacht an Troika.

Ar deireadh thiar thall, is rud uathúil é an éacht is mó atá ag GNBS: d'éirigh léi an eagraíocht a cuspóir a bhaint amach maidir le í féin a bhainistiú amach as gnó.

Ní dhearnamar dearmad riamh gur ceapadh GNBS, murab ionann agus eintitis tráchtála eile, le go rachadh sí as gnó. Ach ní fhéadfadh GNBS imeacht as gnó ach amháin nuair a dhéanfaí an punann iasachtaí a fuair sí a dhíghiaráil go rathúil ar bhealach ina laghdófaí na rioscaí agus a d'uasmhéadófaí aisghabháil don Stát mar atá forordaithe sa reachtaíocht. Tugadh tasc do GNBS a punann faighte a réiteach go pras agus go réamhghníomhach.

Táimid ag tosú ar ár míonna deiridh le leabhar iasachtaí níos lú ná €100 milliún, rud atá i bhfad ónár bpunann €32 billiún ag an mbuaic. Níl fágtha againn ach na cúpla féichiúnaithe deireanacha, a raibh beagnach 800 caidreamh éagsúil de gach saghas castachta i gceist leo tráth agus sócmhainní acu ar fud dlínsí éagsúla ar fud an domhain.

Tá breis is 14,500 teach nua seachadta againn go díreach ar fud na hÉireann, agus 28,000 teach breise seachadta againn go hindíreach trí ghníomhaíocht dhianbhainistíochta sócmhainní, obair ullmhúcháin agus láithreáin a thabhairt go dtí céim inar féidir iad a fhorbairt ar théarmaí tráchtála, agus cuid shuntasach den obair seo déanta agus cúinsí geilleagair dúshlánacha ann.

42,500 teach nua: ranníocaíocht shuntasach le stoc tithíochta na hÉireann tráth nuair a bhí níos mó tithe ag teastáil ónár sochaí dár ndaonra atá ag fás.

1 Réamh-rá

2 Athbhreithniú Gnó

3 Athbhreithniú Airgeadais

4 Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas

5 Ráitis Airgeadais

Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

I gCeantar Dhughthailte Bhaile Átha Cliath, tá an clár athghiniúna agus forbartha nach raibh a leithéid riamh ann cheana a ndearnamar maoirseacht air curtha i gcrích againn cheana féin, agus é ar cheann de cláir is mó i stair an Stáit.

Mar shampla, is féidir le duine ar bith ar mian leis cuid den obair a rinne GNBS a fheiceáil dóibh féin é sin a dhéanamh trí chuairt a thabhairt ar na céanna thuaidh agus theas i gCeantar Dhughthailte Bhaile Átha Cliath idir Nasc an Oirthir agus Droichead Samuel Beckett, Cearnóg na Canála Móire agus Cé Uí Bheoláin. Feicfidh tú ansin raon spásanna oifige, tráchtála, cónaithe, miondóla, cultúrtha agus glasa ardchaighdeán ansin inar fhág GNBS a méarloig orthu.

Chabhraigh an Ghníomhaireacht go cinnte le Ceantar Dhughthailte Bhaile Átha Cliath a chruthú mar áit níos fearr le hinfheistiú a dhéanamh, le poist a chruthú, le dul i mbun gníomhaíochta eacnamaíochta, le maireachtáil, le hobair agus le scíth a lígean.

Rinneamar dífríocht freisin do dhaoine a bhfuil tithíocht shóisialta de dhíth orthu, agus muid ag sárú ár spriocanna maidir le seachadadh tithíochta sóisialta le 3,000 teach seachadta a d'fhreastail ar bhreis is 9,000 duine chun na críche seo.

Chruthaíomar bealach nua nuálach chun tithíocht shóisialta a bhainistiú, Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta, SRCSN, a chuir punann tithíochta sóisialta de 1,366 teach le chéile agus a chuir fuadar faoin seachadadh trí shamhail "torthaí a bhaint amach" chun an obair chasta a bhaineann le tithe a fháil nó a thógáil agus iad a thabhairt ar léas do sholáthraithe tithíochta sóisialta a chuíchóiriú. Aistreofar SRCSN chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus fanfaidh sé faoi úinéireacht an Stáit.

Nuair a thógtar le chéile iad, fágann na gnóthachtálacha agus na torthaí follasacha seo oidhreacht thábhachtach a rachaidh chun tairbhe na nglún atá le teacht.

Tá sé tábhachtach a rá nach raibh an rath seo réamhdhearbhaith riamh, agus nár tharla sé trí thimpiste. Tharla sé mar gheall ar:

- Faoi cheannaireacht ár bPríomhfheidhmeannaigh agus a fhoirne, thóg, chothaigh agus fheabhsaigh GNBS stór ardchaighdeán scileanna, tiomantais, díograise agus gairmiúlachta i measc na ndaoine a d'oibrigh sa Ghníomhaireacht, san am atá thart agus san am i láthair.
- D'éirigh le foireann GNBS, a léirigh a leithéid de nuálaíocht agus de mhórtas ina gcuid oibre, freagairt do dhálaí athraitheacha an mhargaidh chun luach ár sócmhainní urraithe a uasmhéadú.
- Bhí fócas chomh láidir agus chomh díonbháilte sin ar an Stát a fhreastail agus na torthaí is fearr a bhaint amach thar ceann na bpobal agus muintir na hÉireann ar fad ar bunaíodh an Ghníomhaireacht agus ar tugadh sainordú di chun freastal orthu.

- Fuair GNBS an tacaíocht agus an treoir chuiditheach a ó iarchomhaltaí an Bhoird agus ó chomhaltaí reatha, agus ó na cúig Aire Airgeadais a bhí in oifig le linn shaolré na Gníomhaireachta.

Ba é mo thaithí phearsanta ar GNBS ná bheith i measc daoine a bhfuil an-bhród orm mo chomhghleacaithe. A thabhairt orthu

Cé gur bhain mé an-taitneamh as a bheith ag obair le daoine oilte i go leor codanna éagsúla den earnáil phríobháideach i rith mo gairme beatha, bhí mé i gcónaí an-tógtha le muintir GNBS ó thosaigh mé ar an mbord agus ina dhiaidh sin nuair a ceapadh mé mar Chathaoirleach in 2019.

Is iad na daoine sin a scríobhfaidh caibidil dheireanach GNBS le chéile le linn an chuid eile de 2025.

Táim muiníneach go léir go gcuirfidh an chaibidil dheireanach seo leis na héachtaí sin a tháinig roimhe.

Is caibidil é a chríochnóidh obair na eagraíochta uathúla seo a d'éirigh léi sa deireadh an méid a iarradh uirthi a bhaint amach. Eagraíocht a bhain luach agus sochair bhuana amach do na daoine ar bunaíodh í chun freastal orthu - muintir na hÉireann.

Ba mhaith liom ómós ar leith a thabhairt don Aire Donohoe agus dá oifigigh sa Roinn Airgeadais as an tacaíocht a thug siad dúinn, rud a bhí ríthábhachtach do GNBS chun a cuspóirí a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta as an tacaíocht agus an treoir a thug siad dúinn le linn ár saolré.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord idir iarchomhaltaí agus chomhaltaí reatha, agus go háirithe leis an bPríomhfheidhmeannach Brendan McDonagh agus a fhoireann cheannaireachta, agus le gach duine a d'oibrigh chomh dian sin le chéile chun a chinntiú gur bhain GNBS an toradh atá bainte amach aici. Agus mé ag cur deireadh le mo ráiteas, creidim go n-aontóidh formhór na ndaoine gur chomhlíon GNBS an sainordú a tugadh di na blianta ó shin i dtréimhsí eacnamaíocha an-dúshlánacha agus go n-aithneofear é seo nuair a breathnófar siar uirthi.



Aidan Williams
Cathaoirleach

Conair Ratha GNBS

Brendan McDonagh

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá GNBS ag druidim le deireadh a thuras rathúil, agus é uaireanta casta, ag freastal ar an Stát.

Ós rud é gur oibrigh mé mar Phríomhfheidhmeannach ar feadh shaolré na Gníomhaireachta, ba mhaith liom machnamh a dhéanamh ar mhéid an dúshláin a bhí roimh an eagraíocht agus roimh ár sochaí ag an tús agus ar an ról a bhí ag GNBS i gcobhsaíocht eacnamaíoch na hÉireann a chur i gceart.

Fiú 16 bliana ina dhiaidh, ní féidir dearmad a dhéanamh ar an leibhéal sceitimíní agus imní a mhothaigh mé agus mé ag glacadh freagrachta as ceannaireacht a dhéanamh ar eagraíocht úrnua a raibh gá í a bhunú go tapa chun punann ollmhór casta sócmhainní anásta a bhainistiú ar fud dlínsí éagsúla.

Thosaíomar ar an dúshlán ollmhór seo le dornán beag foirne, gan aon chórais ríomhaireachta agus le beagán, más ann dóibh, de na gnéithe a dhéanann eagraíochtaí seanbhunaithe talamh slán díobh. Gan aon stair. Gan aon chuimhne chorparáideach. Gan aon struchtúir leabaithe ná bealaí chun rudaí a dhéanamh. Gan aon fhíorthéimpléad le leanúint agus gan mórán ama.

Bhí sé ar fad nua. Timpeallacht faoi bhrú mór a bhí ann. Bhí sé neamhchinnte. Bhí an cúlra eacnamaíoch neamhfhabhrach ann agus rachadh sé in olcas sna blianta amach romhainn. Bhí an cúlra sochaíoch neamhfháiltiúil. Ag an am, bhí fearg ar go leor daoine an pingin ag titim gur bhrionglóid a bhí sa Tiogar Ceilteach a tógadh ar iasachtaí neamh-inbhuanaithe ó na hinstiúidí airgeadais agus mar thoradh air sin bhí gá ag an Stát idirghabháil a dhéanamh ar chostas ollmhór. Chuir go leor a n-imní in iúl go leanfadh costas deisiúcháin an chórais airgeadais ar cháiniocóirí ag ardú. Is léir nach raibh go leor ag iarraidh go mbunófaí GNBS nó nár thuig siad cén fáth a raibh gá chomh práinneach lei.

Bhí gá leis an tasc a dhéanamh. I bhfianaise an chomhthéacs sin, bhog mé féin agus líon beag de mo chomhghleacaithe sa GBCN ónár bpoist reatha chun tabhairt faoi.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

AONAIÐ CHÓNAITHE
SEACHADTHA

42,548

TITHÍOCHT SHÓISÍALTA

3,000

RANNÍOCAÍOCHT SAOLRÉ
DON STÁTCHISTE

€5.5bn

Ní fhéadfainn a thuar riamh an leibhéal deacrachta agus castachta a bhainfeadh le bunú na Gníomhaireachta ó bhun; ar í a chur ar bun agus ag feidhmiú chun breis is 12,000 iasacht a ghlacadh agus 60,000 sócmhainn réadmhaoine ag urrú na n-iasachtaí sin; chun daoine den scoth agus tiomanta a aimsiú agus a fhostú chun an obair chasta agus thromchúiseach a dhéanamh maidir le plé le beagnach 800 féichiúnaí éagsúil agus na hiasachtaí seo a bhainistiú; agus gach rud a bhí ar ár gcumas a dhéanamh chun luach na n-iasachtaí seo a uasmhéadú d'fhonn ár bhfiacha go léir a fhuascailt ina n-iomláine agus barrachas suntasach a ghiniúint don Stát sa deireadh.

Ar ndóigh, leanamar orainn ag cruthú ardán a bhí páirteach i dtógáil 42,500 teach agus ardán réadmhaoine tráchtála eile a d'fhorbair céim 2 de Cheantar Dhugthailte Bhaile Átha Cliath de bhreis is 4 mhiliúin troigh chearnach atá dhá oiread mhéid na gCeantar Dugthailte bunaidh a tosú ag deireadh na 1980idí.

Mar atá léirithe inár dTuarascáil Bhliantúil 2024, rinneamar é; agus rinneamar é go maith mar fhoireann. Tá rath GNBS thar a bheith suntasach.

Is é an ról a bhí aga GNBS dar linn i gcónaí ná iarracht a dhéanamh ár ndícheall a dhéanamh thar ceann an cháiniócóra agus an Stáit. Gach cinneadh, gach teagmháil le féichiúnaí, gach idirbheart – rinneadh iad de réir cúlra tráchtála chun an méid a chreideamar go fírinneach a d'fhéadfaimis a aisghabháil don Stát a uasmhéadú.

Rinneamar é seo agus muid go hiomlán ar an eolas go raibh GNBS, agus go raibh sé fós, ina ábhar an-infheicthe agus an-chonspóideach agus í faoi ghrinnscrúdú poiblí. Th ainigan grinnscrúdú poiblí seo, ó na meáin agus ón gcóras polaitiúil araon, é dian uaireanta agus naimhdeach uaireanta eile, ach mheasamar i gcónaí mar chéim riachtanach chun a léiriú do mhuintir na hÉireann go raibh GNBS ag déanamh a chuid oibre i gceart.

Níor iarramar riamh ar aon duine glacadh lenár bhfocal gan cheistiú. Bhí daoine ag lorg fianaise, agus an ceart acu, go raibh na cinntí a rinneamar agus na straitéisí a roghnaíomar a leanúint – nó a dhiúltú – bunaithe ar réasúnaíocht tráchtála stuama. Bhíomar faoi réir dian-ghrinnschrúdú, ma ba cheart, ach bhí mé i gcónaí ag maíomh go raibh gá leis sin.

Bhí amanna ann nuair nach rabhamar in ann an oiread fianaise agus a theastaigh ó dhaoine a sholáthar chun tacú lenár gcinntí mar gheall ar fhachtóirí lasmuigh dár smacht – mar shampla, oibleagáidí dlíthiúla chun rúndacht féichiúnaithe a choinneáil nó fogaireachtaí tráchtála a chuirfeadh GNBS faoi mhíbhuntáiste airgeadais. Ach rinneamar ár ndícheall i gcónaí an chothromaíocht cheart a fháil idir gníomhú go tráchtála agus a bheith cuntasach don phobal agus dá n-ionadaithe as cinntí a rinneamar a raibh tionchar acu orthu.

Is ionann éachtaí na Gníomhaireachta agus iarmhairtí cinnteoireachta na Gníomhaireachta le linn a saolré; na breithiúnais tráchtála a rinneamar; na straitéisí a cheapamar agus a chuireamar i bhfeidhm; cáilíocht, gairmiúlacht agus tiomantas mhuintir GNBS; agus cultúr seirbhíse don Stát a thug siad leo chuig a gcuid oibre gach lá.

D'éirigh linn clár ollmhór dílghearála a chur i bhfeidhm, ag bainistiú punann iasachtaí óna luach tráth a n-éadála de €32 billiún go dtí níos lú ná €100 milliún inniu.

D'éirigh linn feidhmiú go tapa agus go héifeachtach in ainneoin na gcastachtaí uile a bhaineann le heagraíocht mhór a chruthú ón tús.

D'éirigh linn athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár gcuid oibre ar an mbealach, ag forbairt agus ag cleachtadh nuálaíochta i gcónaí chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta a bhí ag teacht chun cinn.

Domsa, ba ghné shuntasach de scéal ratha GNBS an chaoi ar chuir sí deireadh le dlíteanas teagmhasach ollmhór a bhí roimh an Stát – tríd an €30 billiún i bhFiachas Sinsearach, arna eisiúint ag GNBS agus arna ráthú ag an Stát, a úsáideadh chun iasachtaí a fháil a fhuascailt go hiomlán.

Chríochnaigh GNBS an tasc dúshlánach seo in 2017, trí bliana iomlána ná mar a bhí sceidealaithe. Bhí ról ollmhór aige seo maidir le muinín an mhargaidh in Éirinn a athbhunú, a raibh an oiread sin suaitheadh uirthi de bharr na géarchéime airgeadais.

Chuidigh sé lenár dtéarnamh eacnamaíoch, ag spreagadh infheistíochta a bhí sár-riachtanach dár ngeilleagar. Chuidigh sé le cobhsaíocht a athbhunú inár margáil airgeadais agus réadmhaoine, trí leachtacht a bhí sár-riachtanach a athbhunú sa mhargadh; agus chun caipiteal na hearnála príobháidí a mhealladh ó fhoinsí intíre agus idirnáisiúnta agus ár ngeilleagar ag teacht chuici féin ó dhúshláin ollmhóra na Géarchéime Airgeadais Domhanda. Chuidigh gníomhartha GNBE le hÉirinn leas a bhaint as timpeallacht ráta úis íseal chun fiachas nua a ardú agus chun fiachas a bhí níos costasaí agus a bhí ag aibiú a athmhaoiniú.

Agus thug sé ráthaíocht shuntasach do mhuintir na hÉireann agus dá n-ionadaithe go mbainfeadh an Gníomhaireacht amach go díreach a raibh an tOireachtas ag iarraidh uirthi a bhaint amach nuair a roghnaigh sé a bhunú – agus i bhfad níos mó ná sin. Ón bpoinnte sin ar aghaidh, bhí sé soiléir nach mbeadh GNBS ag sú airgid ón gcáiniócóir.

Ba thús é le céim de ghnóthachtálacha cloch mhíle; fuascailt an Fhofhiachais €1.6 billiún; fuascailt leas cothromais na scairshealbhóirí sa Mheán Chuspóra Speisialta; tuar maidir le barrachas an-suntasach agus athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarthaí sin suas go €5.5 billiún anois de réir mar a thagann tordh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta.

Domsa, ba é ceann de bhuaiophointí mo ghairme bheatha é aitheantas a bheith tugtha d'obair luachmhar na Gníomhaireachta agus a foireann ag institiúidí domhanda údarásacha a dúirt go rabhamar inchurtha le go leor feithiclí comhchosúla rialtasbhunaithe i go leor dlínsí timpeall ag an tráth chéanna.

Smaoiním ar an tráchttaireacht ar GNBS agus ar go leor dá piar-eagraíochtaí ar fud an domhain a d'fhoilsigh Banc Forbartha na hÁise in 2021: *"Tá Éire ar cheann de na samplaí is fearr de chur i bhfeidhm rathúil AMC [Cuideachta Bainistíochta Sócmhainní] faoi thacaíocht an stáit a raibh cion mór sócmhainní aici ina margadh baile agus thar lear."* Thug a anailís aitheantas do GNBS as an ról a bhí a d'imir sí a chabhraigh le córas baincéireachta na hÉireann a chobhsú.

Ní raibh moladh ar bith ag dul do GNBS ó institiúidí mar seo mar gheall ar a neamhspleáchas, ach d'aithin siad an rath GNBS. Ach is tagarmharc tábhachtach iad dúinne ar cheart dóibh na daoine a ndearnamar iarracht freastal orthu a chur ar a suaimhneas – muintir na hÉireann – nach raibh ráthaíocht ar an rath atá bainte amach againn; go bhfuil cáilíocht ár bhfeidhmíochta an-mhaith i gcomparáid le feithiclí comhchosúla i dtíortha eile; agus go raibh ár mbarrachas saoil don Státchiste diansaothraithe, a mheastar anois a bheith €5.5 billiún lena n-áirítear íocaíochtaí cánach corparáide.

Mar sin féin, ba mhaith liom a admháil freisin gur fhoghlaim GNBS go gasta mar eagraíocht nua de réir mar a d'fhorbair sí. Ní dhéanfainn iarracht fiú ligean orm gur éirigh linn gach rud a dhéanamh i gceart i ngach gné de na mílte cinneadh a rinneamar, ach ní mar gheall ar easpa cur i bhfeidhm ná iarrachta a tharla sé sin. Ach bhíomar solúbtha agus dá bhféadfaí rud éigin a dhéanamh i slí níba fhearr, rinneamar é.

Níos luaithe i mbliana, chuir Bord GNBS fáilte roimh fhoilsiú an Choimisiúin Imscrúdaithe maidir le díol iasachtaí Thuaisceart Éireann le Project Eagle a tharla in 2014. Dheimhnigh tuarascáil an Choimisiúin dearcadh agus anailís Bhord GNBS ar na príomhcheisteanna bainteach leis an idirbheart seo - gur bhain GNBS an praghas is fearr a bhí indéanta amach don phunann seo agus gur bhainistigh GNBS an próiseas díolacháin i gceart. Tá an tuarascáil seo an-tábhachtach mar gur measúnú neamhspleách í.

Agus oibríochtaí GNBS ag teacht chun deiridh agus muid ag ullmhú chun deireadh a chur leis an eagraíocht uathúil seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ról a d'imir an oiread sin daoine i rath tráchtála GNBS. Ní bheadh toradh dearfach ar ár gcuid oibre bainte amach riamh gan an dúthracht, an dearcadh tráchtála agus an tiomantas don tseirbhís phoiblí a léirigh na daoine sin a d'oibrigh chomh stuama leis an nGníomhaireacht, san am atá thart agus sa lá atá inniu ann.

Gabhaim buíochas leis na comhaltaí reatha agus le hiar-chomhaltaí Bhord GNBS, go háirithe ár gCathaoirleach, Aidan Williams, agus a réamhtheachtaí, Frank Daly, as a dtreoir, a ndúshlán, a léargais agus a dtacaíocht ag gach céim d'éabhlóid GNBS.

Bhí ról an lucht déanta beartas ríthábhachtach chun an ról a d'fhéadfadh GNBS a imirt a aithint agus chun rath GNBS a éascú le linn a saolré. Níl aon amhras orm go measfar le himeacht ama go raibh an nuálaíocht sa bheartas as a d'eascair GNBS, tráth tréimhse éiginnteachta ollmhór eacnamaíoch, thar a bheith suntasach. Agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin as tacaíocht go leor geallsealbhoirí GNBS, go háirithe an tAire Airgeadais, a réamhtheachtaithe, agus an Roinn Airgeadais.

Ag deireadh thiar thall, creidim gur bhain GNBS gach a raibh sé mar aidhm aici a bhaint amach agus a ceapadh dia bhaint amach – barrachas, cobhsaíocht agus réitigh ar na fadhbanna cruthaithe ag cleachtais iasachta an ama atá thart.

Bhí a fhios agam i gcónaí go mbeadh an turas seo deacair, ach ní dhearna mé féin ná mo chomhghleacaithe radharc ar an sprioc níos leithne riamh, is é sin an rud is fearr a d'fhéadfaimis a dhéanamh ar son gheilleagar na hÉireann agus ár sochaí. Ba phribhléid mo ghairme bheatha é eagraíocht chomh casta agus daoine chomh cumasach, tiomanta agus chomh suntasach sin a threorú chun a chinntiú gur baineadh an sprioc seo amach.



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Athbhreithniú Gnó



Bainistíocht Punainne agus Díghiaráil	19
Seachadadh Cónaithe	22
Criosanna Forbartha Straitéisí	24

Is é sainchúram reachtach an GNBS an toradh ar shócmhainní bainc faighte na Gníomhaireachta a uasmhéadú agus déileáil go pras leo. Is éard a bhí i gceist leis an sainchúram seo a chomhlíonadh ná dianbhainistíocht sócmhainní agus diúscairtí straitéiseacha. Ina theannta sin, tá iarracht déanta ag Bord GNBS freastal ar éileamh an mhargaidh agus ag an am céanna rannchuidiú eacnamaíoch agus sóisialta follasach a dhéanamh. D'éirigh le GNBS leas a bhaint as feidhmíocht láidir na margaí ina bhfuil sí ag feidhmiú ó bunaíodh í. Chuir diúscairtí straitéiseacha iasachtaí agus sócmhainní ar chumas GNBS a phunann iasachtaí a laghdú go suntasach agus leibhéil shuntasacha airgid á nginiúint ag an am céanna.

Dá réir sin, tá cuspóirí trína dhírítear ar fhorbairt chónaitheach agus thráchtála, chomh maith le soláthar tithíochta sóisialta, leagtha agus bainte amach, agus barrachas suntasach bainte amach don cháiniocóir ag an am céanna.

Bainistíocht Punainne agus Díghiaráil

Tá gníomhaíocht díghiarála GNBS treoraithe ag an gcuspoir maidir le haisghabháil ó iasachtaí réadmhaoin-tacaithe a uasmhéadú trí bhainistíocht straitéiseach infheistíocht stuama, agus trí dhiúscairt chéimnithe. Oibríonn GNBS go dlúth lena féichiúnaithe agus lena glacadóirí chun an straitéis is fearr ó thaobh tráchtála de a cheapadh do gach sócmhainn.


Rannpháirtíocht le Féichiúnaithe

Nuair a bunaíodh í dtús, fuair an GNBS iasachtaí de thart ar 5,000 iasachtóir (SPVanna pearsanta agus corparáideacha) a comhdhlúthaíodh i thart ar 800 nasc féichiúnaí. Faoi Mhárta 2025, tá iasachtaí 34 féichiúnaí á mbainistiú go gníomhach ag GNBS. Is é an cur chuige is fearr le GNBS ná oibriú go comhthoiliúch le féichiúnaithe. Mar sin féin, i gcúinsí áirithe, níl s e seo indéanta agus tá gá le gníomh forfheidhmiúcháin chun luach na sócmhainní a chosaint. Tá monatóireacht á déanamh ar iasachtaí 44 féichiúnaí eile faoi straitéisí staonta nó comhaontuithe scoir.

Diúscairtí Sócmhainní


Bhí iasachtaí faighte ag an GNBS urraithe ag thart ar 60,000 réadmhaoin, atá lonnaithe i ndlínsí iolracha agus thar earnálacha éagsúla. Bhí luach margaidh de €32.4 billiún ag na réadmhaoin urraithe tráth na héadála. Scaoil an GNBS le sócmhainní ar bhealach céimnithe ordúil a bhí comhsheasmhach le leibhéal an éilimh, infhaighteacht creidmheasa agus acmhainn ionsúcháin gach margaidh ábhartha. Faoi dheireadh 2024, bhí punann faighte ag GNBS díghiarálte faoi beagnach 99% agus bhí airgead iomlán de €48.3 billiún ginte aic.

DIÚSCAIRTÍ DE RÉIR EARNÁLA Ó BUNAÍODH É (ÉIRE)



Gintear airgead tirim go príomha trí dhiúscairtí sócmhainní agus iasachtaí. Ba é luach carnach na n-iasachtaí agus na sócmhainní a díoladh go deireadh 2024 ná €41.7 billiún. Gineadh €6.6 billiún breise ó ioncam neamh-diúscairthe, a chuimsíonn ioncam cíosa go príomha ó réadmhaoin urraithe agus fáiltais ó athmhaoiniú iasachtaí.


DIÚSCAIRTÍ DE RÉIR SUÍMH Ó BUNAÍODH Í



Fuascailtí Fiachais Sinsearaigh Ráthaithe ag an Rialtas


Chuir an t-airgead a gineadh ó chlár diúscairthe sócmhainní an GNBS ar chumas na Gníomhaireachta aisiocaíocht luath a fiachais shinsearaigh a chur i gcrích. D'eisigh an GNBS €30.2 billiún i bhfiachas sinsearach faoi ráthaíocht an Rialtais in 2010 agus in 2011 chun iasachtaí a fháil. Rinneadh an fhuascailt deiridh trí bliana roimh sceideal i mí Dheireadh Fómhair 2017 a lig don GNBS deireadh a chur le dliteanas teagmhasach suntasach de chuid Stát na hÉireann.

FUASCAILTÍ FIACHAIS SINSEARAIGH €m




Bainistíocht Punainne agus Díghiaráil (ar lean)

GINIÚINT AIRGID €m



FÁLTAIS DIÚSCARTHA €m



Fuascailtí Fofhiachais

Mar chuid dá éadail bhunaidh d'iasachtaí, d'eisigh an GNBS €1.6 billiún de bhuan-fhofhiachas ar ráta comhlúthach freisin. Fuasclaíodh an fhiachas seo, nach raibh ráthaithe ag an Rialtas, ina iomláine faoi Mhárta 2020.

Maoiniú Forbartha


Tá an GNBS tar éis leanúint le clár dianbhainistíochta sócmhainní chun sreafaí airgid amach anseo agus luachanna diúscartha sócmhainní a chosaint nó a fheabhsú. Ar an iomlán, tá €4.4 billiún tugtha ar aghaidh ag an GNBS dá féichiúnaithe agus glacadóirí chun na gcríoch caiteachais chaipitiúil seo a leanas, faoi réir inmharthanacht tráchtála:

- infheistíocht a dhéanamh i réadmhaoín atá ann cheana féin chun a gcumas táirgthe ioncaim a fheabhsú agus a n-tarraingt do cheannaitheoirí a mhéadú.
- planáil, dearadh agus tógáil tionscadal nua cónaithe agus tráchtála.
- tionscadail chónaithe agus tráchtála neamhchríochnaithe atá ann cheana a thabhairt chun críche, más indéanta ó thaobh tráchtála de.
- oibreacha bonneagair, de réir mar is gá, chun forbairt réadmhaoine a éascú.
- caiteachas riachtanach amhail oibreacha sábháilteachta ó dhóiteán chun a áirithiú go gcomhlíonann réadmhaoine ceanglais sláinte agus sábháilteachta; nó
- oibreacha feabhsúcháin chun tithíocht neamhchríochnaithe nó lochtach a thabhairt chuig caighdeán ináirithe.

Faightear an maoiniú ar fad ó acmhainní an GNBS féin gan aon spleáchas ar fhiachas an Státhiste nó tríú páirtí.

MAOINIÚ CAITEACHAIS CHAIPITIÚIL DE RÉIR EARNÁLA Ó CUIREADH TÚS LEIS

- 49% Cónaitheach
- 39% Talamh & Forbairt
- 4% Eile
- 4% Oifigí
- 2% Miondíola
- 1% Óstán & Fóillíocht
- 1% Tionscail



Cistí Barrachais

Chuir straitéis an GNBS maidir le dianbhainistíocht sócmhainní agus infheistíocht go mór le sreabhadh airgid agus luach diúscartha sócmhainní urraithe, rud a ghín torthaí suntasacha airgid don Ghníomhaireacht. Chomh luath agus a bhí gach fiach (€31.8bn) agus oibleagáidí cothromais (€56m) aisíoctha ag an GNBS, bhí sí in ann tús a chur le haistriú a cistí barrachais chuig an Státchiste. Faoi dheireadh 2024, bhí €4.69 billiún ó bharrachas GNBS aistrithe chuig an Stát, lena n-áirítear íocaíochtaí cánach a rinneadh.

Mhéadaigh Bord an GNBS a réamh-mheastachán barrachais foriomlán le déanaí faoi €250milliún go €5.5 billiún. Tá sé seo sa bhreis ar os cionn €450m i gcáin a d'íoc an GNBS leis an Státchiste. Tá an GNBS ag súil anois le barrachas breise de €800 milliún a aistriú (lena n-áirítear Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta (SRCSN)) faoin am a chuirfidh sí a cuid oibre i gcrích faoi dheireadh 2025.

Aistrithe Barrachais

Iarbhrí					Tuartha	Cáin Íoctha
2020	2021	2022	2023	2024	2025	2016-2024
€2bn	€1bn	€500m	€350m	€400m	€800m*	€450m
Iomlán €5.5bn						

*lena n-áirítear €356m i bhfoirm SRCSN

Foirceannadh GNBS

Tá Aonad Claochlaithe GNBS ag cur foirceannadh na Gníomhaireachta chun cinn, tríd an straitéis foirceanta a cuireadh faoi bhráid an Aire Airgeadais i mí na Samhna 2021 a chur i bhfeidhm. Sula gcríochnóidh sé a chuid oibre ag deireadh 2025, cuirfidh GNBS díghiaráil a phunann atá fágtha i gcrích agus cinnteoidh sí go laghdófar aon ghníomhaíocht iarmharach atá le haistriú chuig Aonad Réitigh GBCN a mhéid is féidir.

Bíonn plé rialta ag GNBS leis an GBCN agus leis an Roinn Airgeadais maidir le bunú an Aonaid Réitigh. Leanfaidh Aonad Claochlaithe GNBS de bheith ag stiúradh agus ag maoirseacht na gcéimeanna atá fágtha i dtreo an Ghníomhaireacht a fhoirceannadh agus aon oibleagáidí atá fágtha a aistriú chuig Aonad Réitigh GBCN. Tabharfar reachtaíocht isteach i dTithe an Oireachtais le linn 2025 chun an Aonaid Réitigh a bhunú agus chun aistriú na ghníomhaíochta iarmhair chuig an GBCN a chumasú.


Is dócha go mbeidh sócmhainní comhréirithe agus dlíthíocht neamhréirithe ina gcuid de ghníomhaíocht neamhchríochnaithe a d'fhéadfadh go dtógfaidh sé cúpla bliain le réiteach. Táthar ag súil le go mbeidh ghníomhaíocht iarmharach neamhréirithe den sórt sin ann tar éis de próiseas réitithe críoach a chur le hoibríochtaí agus is gnách é sin ó thaithí idirnáisiúnta ar phróisis den chineál seo.

Céimeanna Foirceanta

Tráchtála	Oibríochtúil
- An maoiniú atá fágtha atá geallta do fhéichiúnaithe/ glacadóirí a sholáthar chun na 81 aonad cónaithe deiridh a chríochnú in 2025. - Dílghuaráil na punainne iasachtaí atá fágtha a chríochnú. - An parfhiachas atá fágtha a réiteach tar éis oibleagáidí fhéichiúnaithe a shocrú. - Suíomhanna forbartha cónaithe a bhainistiú agus ullmhú le haghaidh aistrithe chuig eintiteas Stáit eile de réir threoir an Aire. - Aistriú phunann tithíochta sóisialta SRCSN chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún a chur i gcrích. - Dlíthíocht neamhréirithe a bhainistiú agus í a réiteach nuair is féidir. - Leasanna cothromais atá fágtha ag GNBS i gCrios Forbartha Dhugthailte Bhaile Átha Cliath a réiteach.	- I Leanúint le cur i bhfeidhm thionscadal bainistíochta sonraí agus taifead agus ullmhú le haghaidh aistriú na dtaifead chuig Aonad Réitigh GBCN. - Leanúint le struchtúr SPV a laghdú agus eintitis ghrúpa a dhíscaoileadh tar éis sócmhainní gaolmhara a dhiúscairt. - An treochlár foirceanta do bhonneagar TF a chur i gcrích. - Éirí as máistirsheirbhíseoir agus príomhsheirbhíseoir iasachta. - Plé leis an Roinn Airgeadais de réir mar a théann reachtaíocht chun GNBS a dhíscaoileadh tríd an Oireachtas. - Oibriú leis an GBCN chun bunú agus acmhainniú éifeachtach a chinntiú don Aonad Réitigh.

Seachadadh Cónaithe

D'oibrigh clár seachadta cónaithe GNBS le féichiúnaithe agus le glacadóirí chun luach sócmhainní cónaithe urraithe a mhéadú agus ag an am céanna ag cabhrú le dul i ngleic leis an nganntanas tromchúiseach i soláthar tithíochta ar fud na tíre. Chomh maith le tithe nua a mhaoiniú go díreach, rinne GNBS idirghabháil le féichiúnaithe/glacadóirí trí gach céim den phróiseas forbartha cónaithe, i gcás inar féidir é sin a dhéanamh ó thaobh na tráchtála de. Bhí fócas lárnach ag GNBS freisin ar shuíomhanna cónaithe a ullmhú le haghaidh forbartha amach anseo, ag aithint nach raibh gach suíomh inmharthana le haghaidh seachadta laistigh de shaolré GNBS. Tá tógáil déanta ar bhreis is 97% den talamh cónaithe de réir achair a fuair GNBS ar dtús do GNBS, nó tá sé athmhaoinithe nó díolta anois.



Seachadadh Aonaid in 2024 agus 2025

Maoinigh GNBD 361 teach nua san iomlán in 2024 agus i ráithe 1 2025, agus sheachaid GNBS **271 teach nua** díobh sin in 2024.

Tá 81 aonad eile atá á dtógáil le bheith críochnaithe in 2025. Is iad seo na haonaid dheireanacha atá maoinithe ag GNBS a sheachadfar roimh fhoirceannadh GNBS i mí na Nollag 2025. San iomlán, tá 14,579 aonad éascaithe go díreach ag GNBS ó 2014 i leith, trí mhaoiniú ó fhéichiúnaithe/glacadóirí, trí chomhaontú ceadúnais nó trí chomhfhiontar.



Aonaid seachadta agus aonaid á dtógáil ag An Seanbhaile, Sord

Seachadadh Iomlán Tithíochta 2014-2025

Tá **14,579** teach


maoinithe go díreach ag GNBS ó 2014 i leith, agus tá an fhoireann Seachadta Cónaithe ag comhoibriú le **78 féichiúnaí nó glacadóir** chun forbairtí nua tithíochta a éascú ar fud na hÉireann.

129 forbairt tithíochta

Chuir GNBS **€2.3 billiún** i gcaiteachas caipitil ar fáil i dtreo **129 forbairt tithíochta** ar fud **13 chontae**, ag soláthar tithíochta a raibh géarghá léi i gceantair ard-éilimh agus ag maoiniú oibreacha críochnaithe tábhachtacha i bhforbairtí atá ann cheana féin.

de fhorbairtí atá maoinithe go díreach

aonaid



1 Réamhrá

2 Athbhreithniú Gnó

3 Athbhreithniú Airgeadais

4 Comhshaoil, Sóisialta Agus Rialachas

5 Ráitis Airgeadais

Aonaid Seachadta go hIndíreach

Tógadh 27,969 aonad cónaithe san iomlán ar shuíomhanna a bhain leas as maoiniú GNBS ar dtús, ach a dhíol nó a d'athmhaoinig féichiúnaithe agus glacadóirí GNBS iad ina dhiaidh sin. D'éascaigh GNBS seachadadh tithíochta amach anseo ar na suíomhanna seo trí cheadanna pleanála, costais dlí, costais shealbhaíochta, nó oibreacha cumasaithe suímh a mhaoiniú.


Bainistíocht Sócmhainní ar Shuíomhanna Cónaithe

Ó 2016, tá iarratais phleanála curtha isteach ag féichiúnaithe agus glacadóirí an GNBS le haghaidh breis agus 23,861 aonad cónaithe (cuid acu atá sa chóras pleanála faoi láthair) agus d'éirigh leo cead pleanála a dheonú do beagnach 20,000 aonad.

Príomhláithreáin a Choinneáil laistigh d'Úinéireacht an Stáit

Le linn 2024, fuair GNBS dhá shuíomh forbartha cónaithe (ceann i mBaile Átha Cliath, ceann i gCill Dara) a bhfuil acmhainneacht shuntasach bhreisluacha acu agus acmhainneacht iontu do thart ar 4,000 aonad cónaithe. Cuimsíonn an dá shuíomh 118 heicteár de thalamh forbartha. Coinneofar na suíomhanna seo faoi úinéireacht an stáit agus meastar go n-aistreofar iad ó GNBS go heintiteas stáit eile roimh dheireadh 2025, de réir threorach ón Aire Airgeadais. Déanfaidh GNBS bainistíocht ar na suíomhanna seo go dtí go dtarlódh an t-aistriú sin. Is é cuspóir GNBS do 2025 aon chéimeanna riachtanacha a ghlacadh chun na suíomhanna seo a ullmhú le haghaidh forbartha as seo amach.

SEACHADADH AONAD CÓNAITHE MAOINITHE AG GNBS Ó 2014 – RÁITHE 1 2025




Seachadfar 81 aonad eile roimh dheireadh 2025, rud a fhágfaidh go mbeidh 14,660 aonad seachadta san iomlán sa tréimhse 2014-2025.

Críosanna Forbartha Straitéisí

Dugthailte Bhaile Átha Cliath SDZ

Bhí leas ar dtús ag GNBS i 75% den 22 heicteár de thalamh infhorbartha i gCríos Forbartha Straitéisí Dhugthailte Bhaile Átha Cliath SDZ. Le deich mbliana anuas, tá ról na Gníomhaireachta rithábachtach maidir le forbairt cheantar na nDugthailte a stiúradh agus a éascú. Is eiseamláir é an tsamhail SDZ de chur chuige stiúrtha ag plean, agus bhí an mhodheolaíocht seachadta a d'fhorbair an GNBS rithábachtach dá chur i bhfeidhm.



SDZ an Phoill Bhig Thiar

Dhíol GNBS 80% de na scaireanna in 2020 agus i mí an Mheithimh 2023 dhíol sé a scairshealúchas 20% eile i bpríomhshuíomh forbartha 37.2 acra i gCríos Forbartha Straitéisí an Phoill Bhig Thiar agus ar an gcaoi sin chuir sé deireadh lena rannpháirtíocht san fhorbairt.

Bhí an GNBS lánach i gcomhdhlúthú agus in ullmhú an láithreáin seo le haghaidh forbartha. Tá tús curtha le hoibreacha tógála ar an láithreán a bhfuil féidearthacht ann do 3,800 teach (lena n-áirítear 25% sóisialta agus inacmhainne), os cionn 1 milliún troigh cearnach de spás tráchtála, agus áiseanna cultúrtha agus pobail.

Samplaí de sheachadadh tithíochta maoinithe ag GNBS

- 1 **Honeypark**
Dún Laoghaire, Co. Átha Cliath
- 2 **Cualanor**
Dún Laoghaire, Co. Átha Cliath
- 3 **Kinsale Manor**
Cionn tSáile, Co. Chorcaí
- 4 **Parklands**
Iarthar na Cathrach, Co. Átha Cliath

- 5 **Rathborne Park**
Baile an Ásaigh, Co. Átha Cliath
- 6 **Millers Glen**
Sord, Co. Átha Cliath
- 7 **Woodbank**
Seanchill, Co. Átha Cliath



SDZ Dhugthailte Bhaile Átha Cliath – Tionscadail GNBS

1	5 Cé Hanover	7	Cé na Cathrach
2	8 Cé Hanover	8	Calaí Bhaile Átha Cliath Tráchtáil
3	76 Cé Sir John Rogerson	9	Calaí Bhaile Átha Cliath Cónaithe
4	Foirgneamh Benson	10	Exo
5	Cé Uí Bheoláin	11	An Duga Thuaidh
6	Duga na Príomhchathrach	12	10 Cé Hanover





7



8



9



10



11



12

Athbhreithniú Airgeadais



Athbhreithniú Airgeadais

Buaicphointí Airgeadais 2024	2024 €m	2023 €m	Ó bunaíodh go deireadh-2024 €m
Giniúint airgid			
Airgead tirim iomlán ginte	600	319	48,314
Fáltais diúscartha	570	271	41,679
Ioncam neamhdhiúscartha	30	48	6,635
Barrachas Saoil			
Aistrithe airgid chuig Státchiste na hÉireann	400	350	4,250
Príomhráiteas ar mhíreanna ioncaim chuimsitheach			
Glanghnóthachain ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL*	157	87	
Glanghnóthachain ar réadmhaoin infheistíochta	42	1	
Glanbhrabús/(glanchaillteanas) glan ar dhiúscairt agus ar athmhaoiniú iasachtaí	29	(10)	
Ioncam/(costais) eile	19	15	
Ioncam úis	12	15	
Brabús oibriúcháin roimh cháin	215	73	
Muirear cánach	(18)	(5)	
Brabús/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	197	68	
Staid airgeadais ag deireadh na bliana			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	370	306	
Iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVTPL	96	449	
Airíonna infheistíochta	423	326	
Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	15	16	

* Luach Cóir Trí Bhrabús nó Caillteanas

Aistriú ranníocaíocht saoil GNBS chuig an Státchiste

Beidh ranníocaíocht saoil réamh-mheasta GNBS leis an Státchiste thart ar €5.5 billiún. Is meascán é seo de bharrachas saoil tuartha de €5.05 billiún agus íocaíochtaí cánach corparáide de €0.45 billiún. Faoi dheireadh 2024, bhí €4.25 billiún d'airgead tirim aistrithe ag GNBS chuig an Státchiste óna bharrachas saoil agus € 0.44 billiún in íocaíochtaí cánach corparáide. Táthar ag súil go ndéanfar na haistrithe atá fágtha faoi dheireadh 2025. Áireofar leis na haistrithe sin luach aistrithe Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A ('SRCSN') chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún bunaithe ar Threoir chuig GNBS ón Aire Airgeadais. In 2024, fuair an Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. ('GINBS') dhá mhaoín infheistíochta. Coinneofar an dá shócmhainn sin laistigh d'úinéireacht stáit agus beidh siad mar chuid de ranníocaíocht saoil GNBS leis an Státchiste.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Príomhchodanna d'fheidhmíocht GNBS don bhliain 2024

Ráiteas ioncaim Cuimsitheach Grúpa GNBS	2024 €m	2023 €m
Glanghnóthachain ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	157	87
Glanghnóthachain ghlana ar réadmhaoin infheistíochta	42	1
Glanbhrabús/(glanchaillteanas) ar dhiúscairt agus ar athmhaoiniú iasachtaí	29	(10)
Ioncam/(costas) eile	19	15
Ioncam úis	12	15
Glanbhrabús ar dhiúscairt socmhainní réadmhaoine	2	-
Costais riaracháin	(46)	(35)
Brabús Oibriúcháin roimh cháin	215	73
Muirear cánach	(18)	(5)
Brabús/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain tar éis cánach	197	68

Glanghnóthachain ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL

	2024 €m	2023 €m
Glanghnóthachain ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	157	87

Príomhréimse breithiúnais i ráitis airgeadais an GNBS is ea luach cóir agus déantar an próiseas breithiúnais mar chuid d'Athbhreithnithe Luacha Chóir. Úsáideann na hathbhreithnithe seo modheolaíocht luacha láithrigh chun luach cóir iasachtaí féichiúnaithe a mheas. I rith na bliana, d'aithin an GNBS gnóthachan luacha chóir de €157 milliún (2023: €87 milliún). Léiríonn an toradh seo roinnt fachtóirí dearfacha ar nós díghiaráil na punainne agus dul chun cinn i dtreo amlínte airgeadaithe agus an glanluach ar chomhthaobhacht a fhaigheann iasachtaí féichiúnaithe áirithe.

Bhí Athbhreithnithe Luacha Chóir bunaithe ar mheasúnuithe aonair mionsonraithe ar shreabhadh airgid ionchais sa todhchaí do gach nasc féichiúnaí. Léiríonn na measúnuithe seo an meastachán is fearr de chuid GNBS ar shreafaí airgid ionchais as seo amach do gach nasc féichiúnaí. Áirítear leo sreafaí airgid measta a eascraíonn as diúscairt na comhthaobhachta (maoin go ginearálta), díolacháin iasachtaí, agus ioncam neamh-diúscairthe (amhail ioncam cíosa).

Gnóthachain ghlana ar réadmhaoin infheistíochta

	2024 €m	2023 €m
Gnóthachain ghlana ar réadmhaoin infheistíochta	42	1

Déantar réadmhaoin infheistíochta a luacháil ag luach cóir. Bhí glanghnóthachan €42 milliún ar an ráiteas ioncaim cuimsitheach in 2024 mar thoradh ar an difríocht idir luach cóir agus suim ghlanuacha na réadmhaoine infheistíochta.

Glanbhrabús/(glanchaillteanas) ar dhiúscairt agus athmhaoiniú iasachtaí

	2024 €m	2023 €m
Glanbhrabús/(glanchaillteanas) ar dhiúscairt agus ar athmhaoiniú iasachtaí	29	(10)

Déantar brabúis nó caillteanais ar dhiúscairt agus athmhaoiniú iasachtaí a thomhas mar an difríocht idir an chomhain a fuarthas (tar éis costais díolacháin/athmhaoinithe) agus luach tugtha anonn an GNBS ar na hiasachtaí ábhartha.

Ioncam eile/(caillteanas)

	2024 €m	2023 €m
Ioncam cíosa léasa	18	16
Dáiltí ó ionstraimí cothromais	1	-
Caillteanas luacha chóir ar ionstraimí cothromais	-	(1)
Iomlán	19	15

B'ionann ioncam eile agus €19 milliún. Tá sé seo comhdhéanta den chuid is mó d'ioncam cíosa léasa SRCSN de €18 milliún agus €1 milliún ó dháiltí ionstraimí cothromais.

Ioncam úis

	2024 €m	2023 €m
Ioncam Úis	12	15

Cuimsíonn ioncam úis de €12 milliún ús tuillte ar airgead tirim, Nótaí Státhchiste gearrthéarmacha agus Nótaí Státhchiste arna gcoinneáil i rith na bliana airgeadais.

Glanbhrabús ar dhiúscairt socmhainní réadmhaoine

	2024 €m	2023 €m
Glanbhrabús ar dhiúscairt socmhainní réadmhaoine	2	-

Le linn na tréimhse, dhíol GNBS a sócmhainn réadmhaoine deiridh. Tomhaistear brabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine mar an difríocht idir na fáлтаis ó dhíolacháin agus luach iompair na réadmhaoine.

B'ionann speansais riaracháin a aithníodh in 2024 agus €46 milliún (2023: €35 milliún). Ó bunaíodh é go dtí an 31 Nollaig 2024, b'ionann speansais iomlána an GNBS a íocadh chun ioncam a chistiú agus €1.4 billiún arb ionann é agus 2.9% den ghiniúint iomlán airgid.

Giniúint airgid GNBS

	2024 €m	2023 €m	Ó bunadh go deireadh-2024 €m
Diúscairtí comhthaobhachta bunúsacha	600	310	37,388
Diúscairt iasachtaí	-	9	10,926
Fáлтаis iomlána	600	319	48,314

B'ionann fáлтаis diúscairtí agus neamh-diúscairtí i rith 2024 agus €600 milliún (2023: €310 milliún), a chuimsigh go príomha fáлтаis ó dhiúscairtí comhthaobhachta réadmhaoine. Ó thaobh giniúint airgid de, bhí idirbheart díola iasachtaí ábhartha amháin ann in 2024 (2023:1), ach bhí sé neamhábhartha.

Staid Airgeadais

	2024 €m	2023 €m
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	370	306

Ag deireadh 2024, bhí iarmhéid airgid agus coibhéisí airgid de €370 milliún (2023: €306 milliún) ag an GNBS agus bhí €42 milliún (2023: €289 milliún) de sin i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann agus €320m (2023: €Nialas) Nótaí Státhchiste Gearrthéarmacha i seilbh an GCBN.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Punann iasachta

Fuair an GNBS iasachtaí ó na hinstitiúidí rannpháirteacha ar chomaoin €31.8 billiún. Is é an luach éadála seo an méid a d'aithin an GNBS ar dtús ar a ráiteas ar staid airgeadais mar luach tugtha anonn na n-iasachtaí féichiúnaithe sin. In éagmais comhaontú réitigh á oibleagáid dhlíthiúil ar fhéichiúnaithe parluach na hiasachta a aisíoc de réir na gcomhaontuithe iasachta bunaidh leis na hinstitiúidí rannpháirteacha. Ba é luach tugtha anonn iasachtaí féichiúnaithe an GNBS ag deireadh 2024 ná €96 milliún (2023: €449 billiún).

Tá achoimre tugtha thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí féichiúnaithe don tréimhse tuairiscithe:

Gluaiseacht i luach tugtha anonn iasachtaí féichiúnaithe

	2024 €m	2023 €m
Iasachtaí féichiúnaithe amhail an 1 Eanáir	449	527
Fáltais ar iasachtaí féichiúnaithe	(582)	(302)
Airleacain d'iasachtaíthe	89	146
Glanghnóthachain luacha chóir ar iasachtaí féichiúnaithe	157	87
Brabús/(Caillteanas) as iasachtaí féichiúnaithe a dhiúscairt agus a athmhaoiniú	29	(9)
Aistriú go réadmhaoine infheistíochta	(48)	-
Gluaiseachtaí eile ar iasachtaí féichiúnaithe arna dtomhas ag FVTPL	2	-
Iasachtaí féichiúnaithe amhail an 31 Nollaig	96	449

Réadmhaoine infheistíochta

	2024 €m	2023 €m
SRCSN	356	326
GINBS	67	-
Réadmhaoine infheistíochta an 31 Nollaig	423	326

Aistreoidh SRCSN chuig an Ghníomhaireacht Forbartha Talún ó GNBS in 2025. Mar chuid den phróiseas aistrithe comhaontaithe, beidh an t-aistriú ag luacháil GNBS agus beidh sé mar chuid de ranníocaíocht Barrachas Saoil GNBS le Stát na hÉireann. Le linn 2024, fuair GINBS dhá láithreán forbartha cónaithe a raibh acmhainneacht agus acmhainn bhreisluacha shuntasach acu do c.4,000 aonad cónaithe. Coinneofar na láithreáin seo laistigh d'úinéireacht stáit agus táthar ag súil go n-aistreoidh siad ó GNBS chuig eintiteas stáit eile roimh dheireadh 2025, tar éis don Aire Airgeadais treoir a thabhairt dóibh.

Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais


	2024 €m	2023 €m
Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais	15	16

Infheistíonn GNBS in ionstraimí cothromais chun luach a uasmhéadú agus chun seachadadh éifeachtach forbairtí tráchtála nó cónaithe a éascú. Déantar na sócmhainní seo a thomhas ag Luach Cóir trí bhrabús nó caillteanas. Tá athruithe sa luach tugtha anonn á dtiomáint ag gluaiseachtaí i luach sócmhainní na gcistí/cuideachtaí bunúsacha, uainiú ionchasach na bhfáltais uathu agus éadálacha a rinneadh i rith na bliana.


Punann fágtha

Leagtar amach thíos an comhchruinniú de phunann iasachtaí féichiúnaithe faighte atá fágtha ag GNBS de réir earnála agus tíreolaíochta bunaithe ar an mbunurrús:

PUNANN FÁGTHA DE RÉIR CEANTAIR 31 NOLLAIG 2024



PUNANN FÁGTHA DE RÉIR AICME SÓCMHAINNE 31 NOLLAIG 2024



Tagarmharc an ráta thoraidh

In 2014, d'fhormheas Bord an GNBS spriocthagarmharc de 20% maidir le haschur ar infheistíocht (EROI). Ba é an toradh réamh-mheasta ag deireadh 2024 ná 41% (2023: 40%).

Ríomhtar an EROI bunaithe ar chomparáid idir suíomh barrachais saoil réamh-mheasta €5.05 billiún an GNBS le hinfheistíocht tosaigh an GNBS, arna choigeartú chun an €5.6 billiún i gCúnamh Stáit a raibh ar GNBS a íoc leis na hinstiitúidí rannpháirteacha a eisiamh mar chuid den phraghas faighte iasachta.

Tar éis clár rathúil bainistithe agus díghiarála sócmhainní agus faoi réir coinníollacha an mhargaidh, is é ráta toraidh tuartha inmheánach phunann na n-iasachtaí féichiúnaithe faighte (gan Státchabhair san áireamh) (IRR), gan costais a áireamh, go dtí deireadh shaolré an GNBS ná timpeall 12.96% (2023: 12.9%) in aghaidh na bliana amhail dheireadh 2024.

Is é an toradh tuartha bunaithe ar an gcostas iomlán chun punann iasachtaí na bhféichiúnaithe a fháil, lena n-áirítear Cúnamh Stáit de €5.6 billiún, ná 6% (2023: 6%) in aghaidh na bliana. Tá sé seo inchurtha leis an ráta toraidh ionchasach 5% nuair a bunaíodh GNBS.

Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas



Ionchur Sóisialta agus Eacnamaíoch	35
Inbhuanaitheacht agus an Comhshaol	37
Eagraíocht	39
Rialachas	41

Ionchur Shóisialta agus Eacnamaíoch

I gcomhthéacs a sainordú tráchtála foriomlán, féachann an GNBS lena punann in Éirinn a bhainistiú ar bhealach a chomhlánaíonn cuspóirí comhlachtaí poiblí eile lena n-áirítear ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus údaráis áitiúla.

Tithíocht Shóisialta



I dteannta lena sainchúram reachtúil, d'aithin an GNBS gur thairg réadmhaoine cónaithe a bhí faoi úinéireacht a féichiúnaithe agus a glacadóirí deis ranníocaíocht a dhéanamh le tithíocht shóisialta in Éirinn. Bhunaigh an GNBS foireann tiomnaithe tithíochta sóisialta chun tithíocht oiriúnach a aithint agus chun a seachadadh a éascú trí rannpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta.

Thar shaolré GNBS, sainaitníodh níos mó ná 7,600 aonad a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta agus oifráladh iad d'údaráis áitiúla. Ní raibh cuid mhaith de na haonaid seo ag teastáil nó mheas na húdaráis áitiúla iad a bheith mí-oiriúnach ag an am, nó ní raibh siad ar fáil de réir mar a rinne GNBS a phunann urraithe a dhíghiaráil

D'éirigh go han-mhaith leis an bpróiseas seo agus seachadadh **2,957 teach** do 9,000 duine dtí seo, thar 50% de sprioc 2,000 teach GNBS. Seachadadh tithe trí ad a dhíol nó a léasú le húdaráis áitiúla nó le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, nó trí dhíolachán díreach le SRCSN.

Faoi láthair, sainaitnítear deiseanna tithíochta sóisialta ó thithe nua a thóg féichiúnaithe agus glacadóirí an GNBS. Roimhe seo, bhí roinnt réadmhaoine a aithníodh neamhchríochnaithe agus bhí gá le hoibreacha feabhsúcháin. Is minic a chuir GNBS réamhmhaoiniú ar fáil do na hoibreacha seo faoi réir inmharthanacht tráchtála. Tríd is tríd, bhí caiteachas iomlán an GNBS ar thithíocht shóisialta thart ar €350m. Áiríonn sé seo costais a thabhaíonn SRCSN chun aonaid chónaithe a cheannach agus caiteachas caipitiúil arna thabhtú ag an GNBS chun aonaid agus eastáit tithíochta a chríochnú.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil seachadadh tithíochta sóisialta GNBS sa bhreis ar sholáthar reachtúil tithíochta sóisialta Chuid V ar fhorbairtí cónaithe atá maoinithe ag an GNBS.

SRCSN



Bunaíodh Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithe Sócmhainní Náisiúnta (SRCSN) in 2012 chun seachadadh na tithíochta sóisialta ó phunann urraithe an GNBS a bhrostu. Seachadadh 1,366 teach trí SRCSN arb ionann é agus 46% de sholáthar tithíochta sóisialta an GNBS ar fad.

Dearadh SRCSN le bheith ina shamhail dea-chleachtais agus bhí sé mar fhasach do thionscnaimh léasaithe eile a cuireadh i bhfeidhm ar fud na hearnála ó shin i leith. Mar aitheantas ar a ionchur tábhachtach maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar, d'ordaigh an tAire Airgeadais go bhfanadh punann SRCSN faoi úinéireacht an Stáit. Faoi straitéis tithíochta an Rialtais, 'Tithíocht do Chách', tá sé beartaithe go n-aistreofar SRCSN chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún.

Maoiniú Feabhsúcháin



Sa chás go bhfuil sé inmharthana ar bhonn tráchtála, chuir an GNBS maoiniú ar fáil dá féichiúnaithe agus dá glacadóirí chun tithíocht neamhchríochnaithe nó lochtach a chríochnú. Maoiníonn an GNBS oibreacha riachtanacha freisin chun a chinntiú go bhfuil réadmhaoine ina punann daingnithe slán ó thaobh struchtúir de agus go gcomhlíonann siad na ceanglais reatha sláinte agus sábháilteachta. Cosnaíonn nó cuireann sé seo le luach na sócmhainní, i gcomhréir le sainordú tráchtála an GNBS.

Tá réamhmhaoiniú feabhsúcháin de thart ar €137m tugtha ar aghaidh ag an GNBS le haghaidh oibreacha ar réadmhaoine cónaithe agus tráchtála atá ann cheana agus a cuid iasachtaí á n-urrú. Áirítear ar na hoibreacha feabhsúcháin sábháilteachta dóiteáin riachtanach, oi-breacha sláinte agus sábháilteachta, agus lochtanna struchtúracha a shocrú.

Ionchur Shóisialta agus Eacnamaíoch (ar lean)

Díolacháin le Comhlachtaí Poiblí



Gné thábhachtach d'obair an GNBS is ea éascú a dhéanamh ar dhíol maoiní chun críocha cathartha. D'oibre an GNBS go dlúth le ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí Stáit agus le húdaráis áitiúla chun réadmhaoiní a aithint a bhféadfadh leas pobail, eacnamaíoch nó sóisialta a bheith acu.

D'éirigh le GNBS breis agus 75 réadmhaoiní a sheachadadh ar chúiseanna éagsúla sibhialta agus sóisialta ar fud na hÉireann, lena n-áirítear: oideachas, páirceanna poiblí, ionaid phobail, cúram sláinte, iompar, agus bonneagar. Leanann an GNBS de bheith ag plé le comhlachtaí poiblí maidir le sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá n-úsáid, cé go bhfuil an scóip chun sócmhainní den sórt sin a shainaithint laghdaithe go mór thar am de réir laghdú phunann iarmharach an GNBS.

Infheistíocht Isteach agus Fostaíocht



Tá iarracht déanta ag GNBS Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus fostaíocht a chothú trína gníomhaíochtaí infheistíochta agus diúscartha. Chuaigh an GNBS i dteagmháil go rialta le GFT Éireann chun réadmhaoiní oiriúnacha a aithint do chuideachtaí atá ag iarraidh oibríochtaí a bhunú nó a leathnú sa Stát. Go háirithe, bhí soláthar cóiríocht oifige Grád A i gceantar Dugthailte Bhaile Átha Cliath rithábhachtach chun infheistíocht isteach agus deiseanna fostaíochta a spreagadh.

Ina theannta sin, chruthaigh tionscadail tógála arna n-éascú ag an GNBS fostaíocht shuntasach san earnáil. Meastar go gcruthaíonn gach €1bn a infheistítear i dtógáil 8,000 post; go dtí seo tá maoiniú de €4.4bn curtha ar fáil ag an GNBS do thionscadail chaiteachais chaipitiúil, a d'fhéadfadh tacú le breis is 34,000 post.

Bonneagar Sóisialta, Eacnamaíochta agus Fisiceach



D'fhéach an GNBS go leanúnach le héascú a dhéanamh ar fhorbairt thráchtála agus chónaithe ard-dlúis il-dlúis i gceantair ina bhfuil éileamh ard agus seirbhísí iompair phoiblí agus pobail atá ann cheana féin.

Tá gá lena leithéid de dhlúthfhorbairt inbhuanaithe chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir bhonneagar sóisialta, eacnamaíoch agus fisiceach a ligeann do phobail rath a bheith orthu. Laghdaíonn sé seo ar a sheal lorg carbóin agus spreagann sé modhanna gníomhacha taistil, cosúil le siúl agus rothaíocht. Bhí an Ghníomhaireacht rithábhachtach maidir le forbairt cheantar Dugthailte Bhaile Átha Cliath a thiomáint agus a éascú, rud atá ina phríomhshampla d'fhorbairt uirbeach dhlúth inbhuanaithe atá tíosach ar fhuinneamh. Eiseamláir de chur chuige faoi threoir an phlean is ea an tsamhail SDZ, agus bhí an mhodheolaíocht seachadta a d'fhorbair GNBS rithábhachtach dá cur chun feidhme.

Ina theannta sin, tá maoiniú curtha ar fáil ag an GNBS le haghaidh tírdhreachú ardchaighdeán ar a forbairtí cónaithe, lena n-áirítear bonneagar siúil agus rothaíochta ardchaighdeán, áiseanna poiblí tábhachtacha ar nós clóis súgartha, faichí spóirt agus limistéir ghlasa, chomh maith le plandáil speiceas crann dúchasach na hÉireann agus eile atá neamhdhíobhálach do phailneoirí plandaí.

Inbhuanaitheacht agus an Comhshaoil

Tá an GNBS tiomanta do chuidiú le baint amach spriocanna inbhuanaitheachta agus athléimneacht aeráide trína cuid gníomhaíochtaí eile.

Sainordú Gníomhaíochta Aeráide



Feictear i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais (CAP) go mbeidh an earnáil phoiblí chun tosaigh mar eiseamláir ar ghníomhaíocht ar son na haeráide chun an sprioc a bhaint amach maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh aeráide de tráth nach déanaí ná 2050.

Éilíonn Sainordú um Gníomhaíocht ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí ("Sainordú") go gcuirfidh comhlachtaí san earnáil phoiblí Treochlár Gníomhaíochta son na hAeráide i bhfeidhm. Tá an treochlár seo réamhbhreathnaithe agus is é an chonair lena gcuirfidh an comhlacht earnála poiblí an Sainordú i bhfeidhm. Toisc go n-oibríonn GNBS faoi choimirce GBCN, agus an GBCN ag soláthar áiseanna, baill foirne agus seirbhísí gnó agus tacaíochta eile don GNBS, oibríonn GNBS go dlúth le GBCN lena chinntiú go bhfuil sí ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí faoin Sainordú. Dá réir sin, cuimsíonn Treochlár Gníomhaíochta Aeráide GBCN ceanglais tuairiscithe an GNBS a bhaineann le córas monatóireachta agus tuairiscithe an SEAI agus clúdóidh GBCN freisin astuithe GHG don GNBS.

Ina dhiaidh sin is uile, tá iarracht déanta ag an GNBS, mar eagraíocht ar leith, tionscnaimh inbhuanaitheachta a chur chun cinn nuair is féidir a bhfuil achoimre orthu thíos, faoi na critéir atá leagtha amach sa Treochlár Gníomhaíochta Aeráide.

1. Ár nDaoine

Tá foireann ghlas ag an GNBS – Coiste Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta an GNBS (NESC) – a bhfuil an Príomhoifigeach Straitéise agus Claochlaithe ina chathaoirleach air mar chrann taca na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta ag GNBS. Is coiste faoi stiúir na foirne é NESC ar a bhfuil ionadaíocht ó gach rannán laistigh den GNBS. Tuairiscíonn NESC go bhliantúil don Choiste Airgeadais agus Oibriúcháin ar a ghníomhaíochtaí.

Bíonn dlúthchaidreamh ag an NESC le foireann an GNBS agus le Foireann Ghlas GBCN chun feasacht aeráide agus tionscnaimh inbhuanaitheachta a chur chun cinn, chomh maith le deiseanna oideachais agus foghlama a sholáthar don fhoireann. Cuireadh oiliúint foirne i bhfeidhm i gcomhar le GBCN le linn 2024.

2. Ár Spriocanna

Tá an GBCN faoi cheangal ag sprioc na hearnála poiblí astaíochtaí a laghdú 51% faoi 2030. Tá GNBS san áireamh i spriocanna laghdaithe astaíochtaí GBCN (ag cur san áireamh go bhfuil an GNBS le foirceannadh faoi dheireadh 2025). De bhreis ar na spriocanna atá leagtha síos ag CAP, tá sé mar aidhm ag GBCN a bheith ina eagraíocht Glan-Nialais faoi 2030.

Foilsítear sonraí astuithe don GBCN (lena n-áirítear GNBS) i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais GBCN.

Forbairt Inbhuanaithe

Cinntíonn GNBS go dtagann forbairt tráchtála agus cónaithe leis na caighdeáin is airde de dheardh agus d'fhorbairt inbhuanaithe agus tíosach ar fhuinneamh.

Féachann GNBS le seachadadh forbartha tráchtála agus cónaithe ard-dlúis measctha a éascú i gceantair a bhfuil éileamh mór orthu le hiompar poiblí agus le seirbhísí pobail atá ann cheana féin. Tá forbairt dhlúth den sórt sin riachtanach chun cothromaíocht cheart an bhonneagair shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiciúil a bhaint amach a ligeann do phobail a bheith rathúil. Laghdaíonn sé seo lorg carbóin ina dhiaidh sin agus spreagann sé modhanna gníomhacha taistil, amhail siúl agus rothaíocht.

Baineann tithe nua a thógtar ar fhorbairtí cónaithe atá maoinithe ag an GNBS Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh A3 (BER) ar a laghad amach agus roinnt acu ag comhlíonadh na gcaighdeán Foirgnimh Fhuinnimh Beagnach Nialasach (nZEB). Áirítear leis na forbairtí seo infrastuchtúr siúlóide agus rothaíochta ardchaighdeáin, chomh maith le taitneamhachtaí poiblí amhail áiteanna súgartha, páirceanna spóirt agus spásanna ghlasa. Cuimsíonn na forbairtí seo réitigh nádúr-bhunaithe freisin chun draenáil inbhuanaithe uirbeach a bhaint amach.

Cloíonn gach forbairt tráchtála GNBS i nDugthailte Bhaile Átha Cliath le caighdeáin Ceannaireachta i bhFuinneamh agus Dearadh Comhshaoil (LEED), agus deimhniú platanam nó ór bainte amach acu. Ina theannta sin, tá go leor tionscadal sna Dugthailte atá á mbainistiú ag an GNBS ag fáil gradam ón tionscal réadmhaoine mar aitheantas ar a gcáilíocht agus ar an méid a chuireann siad le déanamh áite. Tá tábhacht ag baint le comhfhorbairt áite chun infheistíocht a mhealladh chuig timpeallachtaí uirbeacha a ofráilann cáilíocht mhaith beatha do dhaoine le maireachtáil agus le hobair iontu.

3. Ár Slí Oibre

Le inbhuanaitheacht a fheabhsú i bpróisis laethúla agus úsáid acmhainní a laghdú, tá tionscnaimh éagsúla tugtha isteach ag GNBS, lena n-áirítear:

- Gach próiseas formheasa sonraisc agus creidmheasa a dhigitiú,
- Digitiú an pháipéarachais ar fad do chruinnithe foirmiúla an Fheidhmeannais, an Bhoird agus na gCoistí,
- Líon na gcóras TF agus ídiú fuinnimh fhreastalaithe GNBS a laghdú,
- Úsáid eisiach na nguthán póca a spreagadh in ionad guthán deisce atá níos déine ar fhuinneamh, agus
- athsholáthar páipéar printéir tuartha le páipéar athchúrsáilte neamhtuartha agus laghdú foriomlán ar phriontáil a chur chun cinn.

Ionchur Shóisialta agus Eacnamaíoch (ar lean)

Soláthar Poiblí Glas

Tacaíonn an GNBS go hiomlán le Tionscnamh Breithnithe Comhshaoil agus Sóisialta an Rialtais agus tá glactha aici le cleachtais dá leithéid trí bheartais agus nósanna imeachta atá faofa ag an mBord. Ionchorpraíonn GNBS critéir chuí shóisialta agus chomhshaoil ina cleachtais soláthair, mar a bhaineann siad le feidhmíocht seirbhísí. Áirítear ar na critéir:

- dramhaíl a chosc nó a íoslaghdú;
- úsáid táirgí athchúrsáilte agus áiseanna athchúrsála;
- caomhnú fuinnimh i bhfoirgnimh agus in úsáid trealaimh;
- riachtanais stórála a íoslaghdú; agus
- úsáid réitigh oifige gan pháipéar.

Rinne GNBS critéir ghlasa a chuimsiú i bpróisis soláthair na gconarthaí thíosluaite a tugadh i gcrích in 2024.

	A. Líon iomlán na gconarthaí eisithe os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta	B. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta	C. Líon iomlán na gconarthaí a eisíodh os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta a ionchorpraíodh Soláthar Poiblí Glas (SPG)	D. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta a ionchorpraíodh SPG
Bliain tagartha 2024				
Earnáil Tosaíochta				
Eile (Dlí, Acmhainn TF ar an láthair agus ceadúnais TF)	7	€1,106,906	5	€738,019
Iomlána	7	€1,106,906	5	€738,019

Nóta: As an 2 chonradh nár ionchorpraigh critéar glas, bhí ceann acu le haghaidh ceadúnas bogearraí agus bhí an ceann eile le haghaidh acmhainn ar an láthair a d'oibreodh ar aon dul le tionscnaimh ghlasa GNBS. Toisc go bhfuil GNBS i mbun foirceanta tá formhór na gconarthaí a éillíonn GNBS i bhfeidhm cheana féin.

4. Ár gcuid Foirgnimh agus Feithiclí

Tá oifigí an GNBS agus GBCN suite ag Duga an Chiste, atá deimhnithe mar BER A3, LEED Platanam agus nZEB. D'éascaigh GNBS forbairt Duga an Chiste mar chuid den tionscadal Chalaí Bhaile Átha Cliath. Cuireadh córas feidhmíochta agus optamaithe córas foirgníochta i bhfeidhm i nDuga an Chisteáin in 2022 chomh maith leis an gcóras bainistíochta foirgníochta atá ann cheana a chumasaíonn tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh. Cuirtear ar chumas Duga an Chisteáin fuinneamh teirmeach a sholáthar mar chuid de Scéim Téimh Cheantar Bhaile Átha Cliath (DDHS), nuair a chuirtear i bhfeidhm é.

Bhain GBCN an dámhachtain do Smarter Travel ar leibhéal airgid amach in 2024 as áiseanna agus tionscnaimh taistil inbhuanaithe agus gníomhacha. Tugtar tús áite do mhodhanna gníomhacha comaitéireachta go Duga an Chiste, le go leor páirceáil rothair agus áiseanna athraithe cáilíochta ar an láthair. Fuarthas amach i suirbhé comaitéireachta fostaithe in 2023 go bhfuil thart ar dhá thrian de fostaithe ag comaitéireacht chuig Duga an Chisteáin trí thaisteal gníomhach agus/nó trí iompar poiblí.

Eagraíocht

Struchtúr Eagraíochta

Tá GNBS eagraithe thar cheithre rannán, agus déanann ball den Fhoireann Feidhmiúcháin gach ceann díobh a bhainistiú.



1 Réamhrá

2 Athbhreithniú Gnó

3 Athbhreithniú Airgeadais

4 Comhshaol, Sóisialta Agus Rialachas

5 Ráitis Airgeadais

Eagraíocht (ar lean)

Acmhainní Foirne

Tá baill foirne earcaithe ag GNBS, tríd an GBCN, a bhfuil raon éagsúil scileanna agus taithí acu ó dhisciplíní na baincéireachta, airgeadais, dlí, réadmhaoine, dócmhainneachta agus pleanála i measc nithe eile.

Ba é an líon foirne GBCN a sannadh don GNBS ag deireadh 2024 ná 81. Fágfaidh an chuid is mó den fhoireann a shanntar do GNBS trí iomarcaíocht i rith 2025. Féadfaidh líon beag foirne a shanntar do GNBS aistriú chuig Aonad Réitigh GBCN in 2026.



Cothromaíocht

Is saincheist í cothromaíocht inscne atá thar a bheith tábhachtach don GNBS ag gach leibhéal den Ghníomhaireacht. Ba é an miondealú ar fhoireann an GNBS de réir inscne ag deireadh 2024 ná 53% fear agus 47% bean. Ós rud é go bhfuil GNBS ag gabháil do fhoirceannadh le clár iomarcaíochta i bhfeidhm, cruthaíonn sé seo deacrachtaí maidir le cothromaíocht inscne a choinneáil go dtí deireadh 2025 a d'fhéadfadh a bheith deacair. As na seisear ceaptha ag an aire ar Bhord an GNBS, is mná iad ceathrar (67%) díobh rud atá os cionn sprioc an Rialtais de 40%.

Ceanglaíonn an tAcht um Fhaisnéis ar Bhearna Pá Inscne 2021 ar eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu tuairisciú ar an mbearna pá in aghaidh na huaire inscne thar raon méadrachta. Tagraíonn an bhearna pá inscne don difríocht idir an méid a thuilleann fir agus mná ar an meán, bunaithe ar a meánphá in aghaidh na huaire. Toisc go sannann GBCN baill foirne chuig GNBS, tá sonraí bearna pá inscne don GNBS (ag deireadh mhí an Mheithimh 2024) cuimsithe i dTuarascáil Bhearna Pá Inscne 2024 GBCN. Mar eagraíocht ar leith, tá foireann sannta níos lú ná 250 fostaí ag an GNBS agus mar sin ní thuairiscíonn sí sonraí bearna pá ar leith.

Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá comhionannas deiseanna agus éagsúlachta mar thosaíocht ag an GNBS chun timpeallacht oibre thacúil dhearfach a chothú don fhoireann ar fad. Glacann bainistíocht agus foireann an GNBS páirt i gcláir agus i dtionscnaimh éagsúla GBCN chun cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú a spreagadh:



An clár Inscne Matters



Líonra Ban GBCN



Ballraíocht an Chlub 30%



An Fhoireann Abhcóideachta Míchumais



An Líonra LGBT+



An Fhoireann Feasachta Idirnáisiúnta & Ilchultúrtha



GBCN Rathú – ag tacú le tuismitheoirí nua



Oiliúint le haghaidh claonadh gan aithne



Oiliúint feasachta meabhairshláinte



Rannpháirtíocht le Specialisterne, eagraíocht a thugann cumhacht do dhaoine ar speictream an uathachais

Oifigeach Rochtana GNBS

De réir Alt 26(2) den Acht um Míchumas 2005, tá Oifigeach Rochtana ainmnithe ag an GNBS chun cúnamh agus treoir a sholáthar agus a chomhordú d'aon duine faoi mhíchumas ar mian leo rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí ón GNBS. Comhlíonann suíomh Gréasáin GNBS na chaighdeáin inrochtaineachta cuí freisin.

An tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

Mar chomhlacht poiblí, tá aird ag an GNBS ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint, mar atá leagtha amach in Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 (an "tAcht IHREC").

I gcomhlíonadh a dualgais faoi Alt 42(2) den Acht IHREC, chuir an GNBS próiseas féinmheasaithe le trí chéim ar shaincheisteanna agus tuairisciú cearta daonna agus comhionannais a bhain lena feidhmeanna agus lena cuspóirí. Ag tabhairt faoi deara nach gcuireann GNBS seirbhísí ar fáil don phobal, rinneadh measúnú GNBS bunaithe ar idirghníomhú an GNBS lena féichiúnaithe, soláthraithe seirbhíse agus páirtithe leasmhara/geallsealbhoirí eile. Toisc gurb é GBCN an comhlacht a sannann baill foirne don GNBS, mar sin déantar oibleagáidí an GBCN maidir le Dualgas Earnála Poiblí a bhaineann le foireann an GNBS a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu.

Ba é tátal measúnú an GNBS nach ndéanann an GNBS idirdhealú mar go bhfuil a ghnó sainordaithe ag reachtaíocht agus mar ní thairgeann sí aon seirbhísí go hoscailte. I gcás ina ndéileálann an GNBS le daoine aonair mar fhéichiúnaithe, soláthraithe seirbhíse, nó a n-ionadaithe, bíonn idirghníomh-aíochtaí tráchtála, gairmiúla agus rialaithe go hiondúil ag conradh comhaontaithe nó comhaontú dlíthiúil eile.

I gcás ina ndéileálann an GNBS le daoine aonair mar bhaill den phobal, an tOireachtas, na meáin nó infheisteoirí/anailísithe, tá an rannpháirtíocht teoranta, gairmiúil agus chomh trédhearcach agus is féidir, i bhfianaise oibleagáidí rúndachta dlíthiúla an GNBS.

Tá beartais agus nósanna imeachta ag an GNBS, nó teagmhálaithe nó comhaontuithe dlíthiúla a chomhaontaithe go frithpháirteach, chun déileáil le gach ceann de na páirtithe a leagtar béim orthu sa mheasúnú, agus tá beartais ag GBCN maidir le hábhair a bhaineann le foireann an GNBS.

Rinne an IHREC monatóireacht ar mheasúnú agus ar thuarascáil GNBS agus meastar go bhfuil siad comhlíontach.

Tá an measúnú iomlán ar fáil ar shuíomh Gréasáin an GNBS – www.nama.ie.

Bord agus Coistí an Bhoird



De bhun Alt 19 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ("an tAcht"), tá Cathaoirleach agus suas le hoch-tar comhalta ar an mBord. Is é an tAire Airgeadais a cheapann an Cathaoirleach agus seisear comhaltaí agus is comhaltaí ex-officio den Bhord iad Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS agus Príomhfheidhmeannach GBCN. Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 18 den Acht:

- A chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- Cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach don GNBS.
- A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na cuspóirí agus na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
- Gach beart réasúnach atá ar fáil dó a ghlacadh chun na spriocanna agus na cuspóirí seo a bhaint amach.

Tá sceideal ábhar ag an mBord forchoimeáda lena cheadú agus déileálann sé le cúrsaí creidmheasa laistigh dá leibhéal údaráis tarmligthe.

Tá ochtar ball ar an mBord faoi láthair. Tá sonraí chomhaltaí an Bhoird agus ceapacháin leagtha amach ar leathanaigh 42 go 44.

Níl aon chomhalta ceaptha i dteideal a bheith in oifig níos mó ná dhá théarma as a chéile. Cinneann an tAire leibhéal luach saothair na gcomhaltaí ceaptha agus a dteidlíocht ar aisíocaíocht as speansais. Ní fhaigheann na comhaltaí ex-officio aon luach saothair breise as a gcomhaltaí den Bhord.

I rith 2024 tháinig an Bord le chéile 14 huaire agus tháinig sé choiste an Bhoird le chéile 31 uair. Tá sonraí maidir le tinreamh chomhaltaí an Bhoird agus an Choiste ar chruinnithe leagtha amach ar leathanach 45.

De réir Alt 32 den Acht, bhunaigh an Bord ceithre choiste reachtúla: An Coiste Iniúcháireachta, an Coiste Creidmheasa, an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin, agus an Coiste Bainistíochta Riosca. Bhunaigh an Bord trí choiste freisin faoi Alt 33: an Coiste Comhairleach Pleanála, an Coiste Luach Saothair, agus Coiste

Comhairleach Thuaisceart Éireann, ar díscaoileadh an ceann deirneach acu ina dhiaidh sin an 8 Meán Fómhair 2014.

Tacaíonn Rúnaí an Bhoird leis an mBord ina fheidhmeanna a chomhordaíonn feidhmiú choistí éagsúla an Bhoird; faigheann gach ceann de na coistí tacaíocht ó Oifigeach de chuid GNBS a bhfuil an saineolas cuí aige agus a fheidhmíonn mar rúnaí don choiste.

Sceideal Nithe Forchoimeáda

Faoi Alt 18 den Acht, tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil. Féad-faidh an Bord comhlíonadh a fheidhmeanna a tharmligeann chuig oifigeach de chuid GNBS. Tá Sceideal de Nithe Forchoimeáda agus Tarmligthe ceadaithe ag an mBord mar chuid de tharmligeann foirmiúil cuimsitheach feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhoird chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. D'fhaomh an Bord é seo le déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2024. Féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin roinnt feidhmeanna a fhotharmligeann chuig comhalta den Fhoireann Shinsearach Feidhmiúcháin atá faoina rialú agus faoina mhaoirseacht iomlán. Tá tarmligeann feidhmeanna ceadaithe ag an mBord freisin i mBeartas Creidmheasa Údarás Tarmligthe agus i mBeartas Clár Comhardaithe.

Beartas Údarás Tarmligthe an Bhoird

Tá cinntí creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord chuig an gCoiste Creidmheasa agus chuig an bhFoireann Shinsearach Feidhmiúcháin trína Bheartas Creidmheasa Údarás Tarmligthe, atá faoi réir athbhreithniú rialta. Faoin mbeartas seo, tá leibhéal éagsúla údaráis socraithe ag an mBord chun tograí a cheadú. Braitheann siad seo ar neamhchosaint airgeadais iomlán an fhéichiúnaí, ar luach an idirbhirt agus ar cé acu ar iarradh nó nár iarradh cistí nua. Faoi Bheartas Creidmheasa na nÚdarás Tarmligthe, féadfaidh údaráis ar leibhéal níos ísle a gcinntí a tharchur chuig údaráis ardleibhéal má mheastar go bhfuil an dara tuairim inmhianaithe nó i gcás ina bhfuil coinbhleacht tuairime ann.

Meastóireacht an Bhoird agus an Choiste

Déanann an Bord agus gach coiste meastóireacht féinmheasúnaithe gach bliain maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht a chinnte-oireachta. De réir Alt 4.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, déanann an Bord meastóireacht sheachtrach timpeall gach trí bliana. Rinneadh an mheastóireacht sheachtrach is déanaí in 2023 don tréimhse go dtí deireadh 2022. Rinneadh meastóireacht inmheánach don tréimhse go dtí deireadh 2024.

Freagracht an Bhoird as Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a Ullmhú

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2023 a ullmhú. Tar éis mion-athbhreithnithe agus ag féachaint do mholtaí an Choiste Iniúcháireachta¹, measann an Bord go léiríonn na Ráitis Airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an GNBS ag deireadh na bliana 2024.

¹ Chomh maith leis an gCoiste Iniúchta, tá ról ag an gCoiste Bainistíochta Riosca san athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Comhaltaí an Bhoird



Aidan Williams, Uasal
Cathaoirleach



Fad Na Seirbhíse

Ceapadh é ar dtús mar Chomhalta Boird an 2 Aibreán 2019 agus athcheapadh é an 2 Aibreán 2024 ar feadh téarma 5 bliana. Ceapadh é ina Chathaoirleach ar Bhord an GNBS an 20 Nollaig 2019 ar feadh téarma 5 bliana agus athcheaptha ar 20 Nollaig 2024.

Beathaisnéis

Tá breis agus daichead bliain de thaithí ag Aidan Williams i Margáí Caipitil Idirnáisiúnta, Baincéireacht Infheistíochta, Bainistíocht Cistí agus Stocbhróicéireacht. Tá roinnt Stiúrthóireachtaí Neamhfheidhmiúcháin aige agus is iar-Chathaoirleach é ar UniCredit Bank Ireland plc agus ar Macquarie Capital Ireland DAC.

Tá an tUasal Williams ina Stiúrthóir Cairte creidiúnaithe ag Institiúid na Stiúrthóirí, ina Chomhalta Cairte den Institiúid um Urrúis agus Infheistíocht, agus ina iar-Stocbhróicéir Cláraithe ar Stocmhallartán na hÉireann. Tá sé ina bhall d'institiúid na Stiúrthóirí agus de Chumann Stiúrthóirí Ciste na hÉireann.



Brendan McDonagh, Uasal
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Cuireadh tús le ról an Uasail McDonagh mar chomhalta Boird ex-officio an 22 Nollaig 2009 tar éis dó a bheith ceaptha mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS.

Cheap an tAire Airgeadais Brendan McDonagh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar GNBS i mí na Nollag 2009. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca ag GBCN ó 2002 go dtí 2009 agus bhí post aige mar Rialaitheoir Airgeadais GBCN ó 1998 go dtí 2002. Thosaigh an tUasal McDonagh leis an GBCN i 1994 ón BSL, an fiontas cumhachta is mó in Éirinn, áit ar oibrigh sé i roinnt réimsí lena n-áirítear cuntasáocht, iniúchadh inmheánach, agus cistíocht.



Sinéad Curry, Uasal



Arna cheapadh ar 24 Iúil 2023 ar feadh téarma 5 bliana.

Tá os cionn 25 bliain de thaithí bainistíochta riosca & rialachais chorparáidigh ag Sinéad Curry ag feidhmiú ag leibhéal sinsearach sna hearnálacha Baincéireachta Corparáideacha agus Infheistíochta, Cógaisíochta, TF agus Miondíola. Bhí sí ina Príomhoifigeach Oibriúcháin ag Rannóg Seirbhísí Airgeadais Ghrúpa Joe Duffy, ina Stiúrthóir Sinsearach ag Alexion Pharmaceuticals (Aonad Galar Neamhchoitianta AstraZeneca plc) agus ina Príomhoifigeach Creidmheasa ag Dell Bank International DAC. Bhí ról shinsearach éagsúla ag an Uas. Curry freisin laistigh de BNP Paribas. Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann í agus tá Dioplóma i dTreoir Cuideachta aici.

Eochair do Chomhaltas an Choiste



Coiste Iniúcháireachta



Coiste Creidmheasa



Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin



Coiste Bainistíochta Riosca



Coiste Comhairleach Pleanála



Coiste Luacha Saothair



Mari Hurley, Uasal



Eileen Maher, Uasal



Frank O'Connor, Uasal



Davina Saint, Uasal



Ceapadh í an 8 Aibreán 2014 ar feadh téarma 5 bliana agus athcheapadh í an 9 Aibreán 2019 ar feadh téarma 5 bliana.

Téarma deiridh ceapacháin tugtha chun críche an 8 Aibreán 2024.

Is í Mari Hurley Príomhoifigeach Airgeadais RTÉ faoi láthair agus roimhe sin bhí sí ina Príomhoifigeach Airgeadais ar AA Ireland, Príomhoifigeach Airgeadais ar Premier Lotteries Ireland agus Hostelworld Group plc agus ina Stiúrthóir Airgeadais ar Sherry FitzGerald Group. Is Comhalta í d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn tar éis di oiliúint agus cáilíocht a fháil in Arthur Andersen. Tá céim Bhaitisiléara Tráchtála ag an Uas. Hurley ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí sí ina stiúrthóir ar Ervia go dtí Lúnasa 2021.

Ceapadh í an 3 Iúil 2018 ar feadh téarma 5 bliana agus athcheapadh í an 3 Iúil 2023 ar feadh téarma 5 bliana.

Is comhairleoir straitéiseach í Eileen Maher a bhfuil an-taithí, saineolas tráchtála, bunathraithe, rialála agus dlí aici. Tá céim Bhaitisiléara Tráchtála agus MBS aici ó Choláiste na hOllscoile Gaillimh agus tá sí ina ball d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn. Tá dea-theist aici maidir le príomhthionscadail bhonneagair straitéisigh a fhorbairt agus a chur i gcrích chomh maith le comhfhiontair, comhpháirtíochtaí agus éadálacha tráchtála a chaibidil. D'oibrigh sí sa tionscal teileachumarsáide ar feadh 30 bliain agus is Cathaoirleach ar Fhóram an Tionscail Cumarsáide Núis agus ina Cathaoirleach ar Fhóram Rannpháirtíochta an Tionscail Teileachumarsáide í faoi láthair. Is ball í Uas. Maher de Bhord Uisce Éireann. Tá sí ina iarchomhalta de Bhord Eirgrid agus de Choiste Comhlíonta Údarás Craolacháin na hÉireann freisin. Is iarchomhalta de Bhord Eirgrid í Uas. Maher. Bhí sí ina Stiúrthóir Straitéise agus Gnóthaí Seachtracha le Vodafone agus ina ball de Bhord Feidhmiúcháin Vodafone Ireland.



Cuireadh tús le ról an Uasail O'Connor mar chomhalta Boird ex-officio an 1 Iúil 2022 tar éis a cheapacháin mar Phríomhfheidhmeannach GBCN.

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ráiteas a thabhairt faoi cibé acu a ndearnadh na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nótaí; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh.

Tá an Bhord freagrach as, i cibé foirm a fhaomhann an tAire Airgeadais ('an tAire'), gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead go léir faighte nó caite aici a choinneáil agus as taifid chuntasaíochta a chothú a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a haonáin ghaolmhara.

Tá an Bhord freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Bainistíocht Riosca

Le linn na bliana, bhí an Grúpa nochta do phríomhrioscaí le cumas acu tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha iomlána an Ghrúpa a bhaint amach:

- Suaithheadh maicreacnamaíoch nó airgeadais baile nó idirnáisiúnta
- Caillteanas ábhair neamhphleanáilte de chaipiteal daonna
- Mainneachtain ag GNBS clabhsúr céimnithe ordúil a thabhairt i gcrích;
- Teip ag GNBS na pleananna um Sheachadadh Cónaithe a chur i gcrích;
- Damáiste don cháil

Tá na príomhrioscaí á n-athbhreithniú go leanúnach ag Coiste Bainistíochta Riosca GNBS agus déantar aon athrú a thuairisciú do Bhord GNBS. I mí Márta agus mí Mheán Fómhair 2024, d'fhaomhaigh an Bord Ráiteas Éilimh ar Riosca do gach ceann de na Príomhrioscaí a shainíonn claonadh GNBS chun rioscaí áirithe a ghlacadh lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Bhí an Grúpa i mbaol riosca creidmheasa, riosca margaidh (i bhfoirm riosca ráta úis, riosca malairte eachtraí agus riosca praghas eile) agus riosca leachtachta i ngnáthchúrsa gnó le linn na bliana. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach atá ag an nGrúpa leis na rioscaí seo a bhainistiú le fáil i nótaí 18 go 20 leis na ráitis airgeadais.

Leasanna na gComhaltaí Boird

Níl aon leas tairbhíúil (2023: nialas) ag Comhaltaí an Bhoird sa GNBS nó in aon aonán de ghrúpa an GNBS agus táthar tar éis cloí le hAlt 30 den Acht maidir le nochtadh na leasanna.

Iniúcháir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúcháir an Ghrúpa de bhua Alt 57 de chuid an Achta.

Thar ceann an Bhoird

16 Aibreán 2025

Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Aidan Williams
Cathaoirleach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na gníomhaireachta laistigh de chreat rialachais arna bhunú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('GNBS'). Tá an Bord agus na coistí arna mbunú ag an mBord freagrach as monatóireacht agus maoirseacht rialachais ar na haonáin uile de ghrúpa an GNBS.

Baineann na torthaí a gcuirtear i láthair anseo leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2024, le torthaí comparáideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Bord a chuid freagrachtaí do chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an GNBS. Ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Timpeallacht Rialaithe

Foráiltear san Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (an 'tAcht') gur iad seo a leanas feidhmeanna an Bhoird:

- A chinntiú go bhfeidhmítear feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- Na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan don GNBS;
- A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an GNBS a bhaint amach agus chun na céimeanna réasúnta uile a ghlacadh de láimh d'fhonn na spriocanna agus cuspóirí úd a bhaint amach.

Soláthraítear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) cúrsaí riaracháin agus gnó an GNBS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta, mar aon leis an bhfoireann atá sannta di, agus comhlíonfaidh sé feidhm ar bith eile a thugann an Bord dóibh. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an duine atá freagrach freisin chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá ceithre choiste reachtúil ag an mBord atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an GNBS agus a Foireann Feidhmiúcháin; Coiste Iniúcháireachta, Coiste Bainistíochta Riosca, Coiste Creidmheasa, agus Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Tá dhá choiste eile ag an mBord chomh maith: Coiste Comhairleach Pleanála agus an Coiste Luach Saothair. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aontaithe ag an mBord dá choistí reachtúla, coistí atá faoi réir athbhreithnithe rialta. Tá cinní creidmheasa áirithe tarmligthe ag an mBord don Choiste Creidmheasa agus don Fhoireann Feidhmiúcháin tríd an Beartas Creidmheasa Údarás Tarmligthe atá a chuirtear faoi aithbhreithniú rialta. Chomh maith leis sin, tá gnéithe áirithe dá chlár comhardaithe agus dá bheartais a bhaineann leis an státchiste tarmligthe ag an mBord don Choiste Bainistíochta Riosca agus Foireann Feidhmiúcháin.

Tá léirmheas agus breathnú de gnáth tuairisciú an Coiste Iniúcháireachta (a dhéanann maoirsiú ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh), an Coiste Bainistíochta Riosca, an Coiste Creidmheasa, An Coiste Airgeadais agus Oibríocháin, an Coiste Luach Saothair, an Ceannasaí Iniúcháir agus Riosca agus an Foireann Feidhmiúcháin chun an Bhord san áireamh i monatóireacht éifeachtacht rialú inmheánach an Bhoird.

Ghlac an Bord chucu féin an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód") a cuireadh in óiriúnt dá struchtúr rialacháin agus riachtanais reachtúil an tAcht. Chuir an Bord an Cód i bhfeidhm óna dháta éifeachtúil, faoi réir uimhir míniúcháin teoranta (mar a fhoráiltear sa gcur chuige 'cloí nó míniú' a glacadh leis sa Chód) a bhaineann amach, i ngach cás, cuspóirí an Chód tríd beart reachtúil agus rialachas malartach. Áit ar ghá, mar pháirt do cuir i bhfeidhm an Cód, tá socrúithe curtha in áit ag GNBS chun comhlíonadh an Cód a chinntiú agus déanann sé athbhreithniú ar a pholasaithe agus a ghnáthamh ar bhun thréimhsiúl leanúnach le comhlíonadh an Chód a chinntiú chomh maith le dea-chleachtas i rialachas corparáideach.

Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód. I measc fhreagrachtaí an Choiste tá maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúchta inmheánacha agus seachtracha agus an Beartas Frithchaloise agus Éillithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú bliantúil ar Bheartas Frithchaloise agus Éillithe GNBS agus d'fhaomh an Bord é le déanaí i mí na Samhna 2023. Faoi bpolasaí seo, tá an Coiste Iniúchta le cur ar an eolas faoi gach tuairisc ar chalois nó ar chalois amhrasta. Tá Beartas um Nochtadh Cosanta ag GNBS freisin a ndéanann an Bord agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú air gach bliain agus a d'fhaomh an Bord le déanaí i Meitheamh 2023. Cuireann an beartas seo prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh chun cinn trí fhoráil a dhéanamh maidir le tuairisciú agus aghaidh a thabhairt ar ábhair inné faoi "éagóir ábhartha" a d'fhéadfadh a bheith ann mar a shainmhínítear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). Baineann an beartas le gach "oibriú" de chuid GNBS agus déantar foráil ann maidir le faisnéis ábhartha a nochtadh go hinmheánach trí bhainisteoir líne nó trí Cheann Comhlíonta GBCN nó go seachtrach trí "Duine Ainmnithe" (mar a shainmhínítear i Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta GNBS). Foilsítear an Beartas ar shuíomh gréasáin GNBS. Ceanglaítear ar Cheann Comhlíontachta GBCN agus ar an Duine Ainmnithe nochtuithe a chur in iúl do Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus ní mór dóibh a chinntiú go ndéantar meastóireacht agus imscrúdú cuí ar aon tuarascálacha a fhaightear. Tá an Coiste Iniúchta freagrach as úinéireacht an Bheartais um Nochtadh Cosanta agus as a chur i bhfeidhm, mar aon le maoirseacht ar aon imscrúdaithe.

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), foilsíonn GNBS tuarascáil ar a láithreán gréasáin gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus aon ghníomhartha a rinneadh mar fhreagra ar nochtadh den sórt sin a chuirtear ar fáil freisin don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Tá Foireann Feidhmiúcháin ag an GNBS atá, i gcomhar leis an bPOF, freagrach as gnó an GNBS a bhainistiú. Tá freagracht, údarás agus cuntasacht bainistíochta mínithe agus comhaontaithe go foirmiúil leis an mBord.

Tá Cóid Chleachtais (na "cóid") comhaontaithe leis an Aire Airgeadais (an tAire) de réir Alt 35 den Acht, lena n-áirítear inter alia Cóid ina leagtar amach na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó oifigigh an GNBS. Déanann an Bord athbhreithniú bhliantúil ar na cóid agus cuirtear aon leasú faoi bhráid an Aire lena gceadú roimh foilsíúchán ar shuíomh ghreásáin GNBS.

Braitheann an GNBS cuid mhaith ar na rialuithe arna bhfeidhmiú ag roinnt tríú páirtithe lena n-áirítear GBCN, an Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir. Ina leith seo ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Tá córas oiriúnach um rialú inmheánach ag GBCN agus tá aon seirbhísí comhroinnte atá á soláthar don GNBS á soláthar de réir an chreata rialaithe seo;
- Tá nósanna imeachta bunaithe ag GNBS leis an Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir le haghaidh tuairiscíu teagmhas, lena n-áirítear teipeanna rialaithe agus nósanna imeachta formhéadaithe;
- Loirgeann agus faigheann an GNBS dearbhuithe ó GBCN, BCM Global ASI Limited agus Bainc-Aontas Éireann cpt go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar a gcórais um rialú inmheánach airgeadais i ndáil foráil seirbhísí do GNBS.

Le linn na bliana airgeadais, lean GNBS ag áirithiú go raibh timpeallacht rialaithe iomchuí ann laistigh de ghrúpa GNBS chun na dlíthe cánach uile is infheidhme a chomhlíonadh. Bhí an cruinniú is déanaí idir GNBS agus na Coimisinéirí loncain faoin Chreat um Chomhlíonadh Comhoibritheach i Meán Fómhair 2024. Tá an creat seo taobh thiar den gcaidrimh comhoibritheach idir na Coimisinéirí loncain agus GNBS.

Fanann Bord GNBS tiomanta do chomhlíonadh eiseamláireach leanúnach na ndlíthe cánach is infheidhme.

Measúnú Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú beartas riosca agus leibhéal lamháltais atá faofa ag an mBord. Cinntíonn an Coiste Bainistíochta Riosca go bhfuil an riosca á bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ar mhaithe le tacú le toradh foriomlán tráchtála de réir an Achta. Tá meicníochtaí tuairiscithe bunaithe ag an gCoiste Bainistíochta Riosca chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus straitéisí maolaithe, le cinntiú go bhfuil na rioscaí seo á bhfeidhmiú laistigh de theorainneacha faofa an Bhoird.

Le linn 2024, bhí Clár Rioscaí á choimeád ina n-aithníodh agus ina rangáíodh rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS a cuspóirí a bhaint amach agus a dhéanann measúnú ar an impleacht agus ar an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais éagsúla riosca ar fud na heagraíochta agus laistigh dá timpeallacht oibriúcháin. Bunaithe ar na rioscaí aitheanta, aontaítear ar ghníomhartha chun na rioscaí seo a bhainistiú agus a mhaolú. Rinneadh uasdátú ar chlár rioscaí roinne ar bhun rialta agus rinne feidhm Iniúchta agus Riosca GNBS athbhreithniú orthu. Thaispeán gach rannóg paipéar ardlibhéil dá chlár rioscaí don Coiste Bainistíochta Riosca uair amháin le linn na bliana ar a laghad.

Chuir Iniúchadh agus Riosca GNBS nuashonrú bainistíochta ar chlár riosca Rannáin faoi bhráid an Choiste Bainistíochta Riosca ar bhonn ráithiúil agus don Bhord uair sa bhliain ar a laghad. Ar bhonn rialta, ceanglaítear ar an mBainistíocht Shinsearach oibriú rialuithe a aontaíodh ina rannáin a fhianú chun rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú.

Le linn na bliana, d'aithin an Coiste Bainistíochta Riosca cúig phríomhriosca a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha iomlána an GNBS a bhaint amach. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí:

- Suaitheadh maicreacnamaíoch nó airgeadais baile nó idirnáisiúnta;
- Cailteanas ábhair nemahphleanáilte de chaipiteal daonna;
- Mainneachtain ag NAMA clabhsúr céimnithe ordúil a thabhairt i gcrích;
- Mainneachtain ag NAMA na pleananna um Sheachadadh Cónaithe a chur i gcrích;
- Damáiste don cháil.

Tá na Príomhrioscaí á n-athbhreithniú go leanúnach ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus déantar aon athruithe a mholadh do Bhord an GNBS ar mhaithe le faomhadh. I mí Márta agus mí Mheán Fómhair 2024, d'fhaomhaigh Bord an GNBS Ráiteas Éilimh ar Riosca do gach ceann de na Príomhrioscaí a shainigh claonadh GNBS chun rioscaí áirithe a ghlacadh lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Chuir BCM Global ASI Limited agus Bainc-Aontas Éireann cpt clár rioscaí ar fáil gach ráithe ar aon dul leis na teimpléid chaighdeánacha comhaontaithe le feidhm Iniúchta agus Riosca GNBS.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Príomhphróisis Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag an GNBS maidir le príomhghnéithe riaracháin agus bainistíochta an ghnó. Tá sainmhíniú agus feabhas leanúnach déanta ag na úinéirí gnó ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo de réir mar atá an GNBS forbartha.

Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an GNBS le tacú lena tuairisciú airgeadais míosúil, ráithiúil agus bhliantúil agus d'uillmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite agus na Gníomhaireachta a ionchorpraíonn na próisis agus na rialuithe uile a bhfuil cur síos déanta orthu sa ráiteas seo. Tá próiseas comhdhlúthúcháin atá go hiomlán uathoibríoch i bhfeidhm ag GNBS.

Cuireann an GNBS feabhsuithe i bhfeidhm mar is gá ar a córais faisnéise bainistíochta d'fhonn tuairisciú feabhsaithe a éascú chuig an mBord, an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Feidhmiúcháin maidir lena feidhmíocht. Tá fhaisnéis bainistíochta ag an GNBS chun tacaíocht a thabhairt don GNBS lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmilgthe ag an mBord dó. Áirítear ina measc seo inter alia faomhadh bainistíocht sócmhainní féichiúnaithe/straitéisí laghdaithe fiachais, réamhíocaíocht airgid nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní/iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmhaoinne agus cinntí gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh áit ar cuí. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiarratais sonracha ar chreidmheas sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás i ndáil lena leithéid. Tá sé freagrach as beartais ábhartha um Aisghabháil Sócmhainní a mheas roimh fhaomhadh an Bhoird, agus soláthraíonn sé ról maoirseachta maidir le mórchinntí creidmheasa déanta faoi leibhéal údaráis tarmilgthe an Choiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheasa athbhreithniú ar an bhfaisnéis bainistíochta ag baint leis rannán Príomhoifigeach Tráchtála i ndáil le punann an GNBS lena chinnteoireacht a thacú.

Maidir leis an gCoiste Iniúcháireachta, trína fhreagrachtaí a chomhlíonadhmar a leagtar amach sna Téarmaí Tagartha, cuireann sé leis an bpróiseas Rialaithe Inmheánaigh freisin.

Soláthar

Tá Polasaí Soláthair agus doiciméad Treoir agus Ghnáthaimh Soláthair ("Doiciméid Soláthair GNBS" le chéile) curtha ar bun ag GNBS a dhéantar athbhreithniú orthu agus a chuirtear i láthair an Bhoird le formheas gach bliain. Comhlíontar riachtanais soláthair GNBS de réir na doiciméad thuasluaite a ionchorpraíonn dlíthe infheidhmithe.

Tá GNBS faoi réir Treoir AE 2014/24/EU atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin an AE (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Dhámhachtain) 2016 (na "Rialacháin"), maidir le soláthar earraí, oibriúcháin agus seirbhísí thar luach tairisí áirithe leagtha amach ag an AE³. Nuair nach bhfuil feidhm le na Rialacháin – mar go bhduil luach an soláthair faoi tairisú an AE nó nuair atá sé lasmuigh den Rialacháin – tógann GNBS próiseas i gcúram atá deartha leis an luach airgead is fearr a bhaint amach de bhun Dhoiciméid Soláthair GNBS.

Tá GNBS tiomanta d'úsáid cúinsí comhshaoil agus sóisialta a ionchorprú ina cleachtais soláthair nuair a thagann an deis chun cinn agus nuair is cuí déanamh amhlaidh.

Tá treoirlínte soláthair eisithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) i dtaca le soláthar earraí, oibre agus seirbhísí ag luachanna faoi tairisú an AE luaite roimhe thuas. Tá riachtanais comhlachtaí poiblí treoirlínte soláthair eisithe an Oifig um Sholáthar Rialtais a chur i bhfeidhm sa Chód.

I litir chuig an Roinn Airgeadais maidir le cuir i bhfeidhm an Chód, leag GNBS amach nach mbeartaíonn sé cloigh leis an sraith iomlán treoir soláthair náisiúnta leagtha amach ag an OSR mar gheall ar na fáthanna leagtha amach thíos:

- Tá Doiciméid Soláthair GNBS comhseasmhach le prionsabail na treoir éagsúla leagtha síos ag an OSR, ach amáin i leith an chuid sin de Imlitir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 05/2023 ina néilítear go bhfógraítear gach soláthar that €50,000 ar an suíomh gréasáin soláthar náisiúnta www.eTenders.gov.ie. Nuair a chuirtear san áireamh fo gníomhaíonn GNBS i dtimpeallacht tráchtála agus go gcaithfidh sé a iomaíochas tráchtála a chothbháil, ghlac GNBS próisis soláthair malartach a dhéanann iarracht luach ar airgead barmhaith a chuir ar fáil agus ag an am chéanna ag cur fachtóirí eile san áireamh ina measc, éifeachtúlachtaí gnóthaithe ó phainéal curtha ar fáil ó sholáthraithe/comhairleoirí sheirbhíse a úsáid, rúndacht, coinbhleacht leasa agus amlínte ar thús sheachadadh seirbhísí. I gcásanna áirithe, faoi Dhoiciméid Soláthair GNBS, cinnítear go bhfuil sé oiriúnach maolú ceadaithe cuí a fháil ó sholáthar GNBS (i. gan próiseas tairisceana iomaíoch a reachtáil). Ní cheadaítear maolaithe ach i dálaí teoranta atá mar bhonn agus mar thaca ag fáthanna tráchtála agus/nó dlíthiúla dlísteanaacha.

Ní hionann úsáid maolú faoi Dhoiciméid Soláthair GNBS agus neamhchomhlíonadh polasaí soláthar. Baineann reachtaíocht an AE le conarthaí atá thar tairseach an AE.

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon mhaoluithe ar Dhoiciméid Soláthair GNBS a fhaomhadh. Tuairiscítear na maoluithe uile don Choiste Airgeadais agus Oibriúcháin agus ansin don Bhord sa chás go bhfuil an maolú níos mó ná €100,000.

³ Ba é €221,000 an tairseach soláthair de chuid an Aontais a bhí infheidhme maidir le formhór na n-earraí agus na seirbhísí a solátharaíodh le linn 2024. Tá tairseacha soláthair an Aontais faoi réir athbhreithnithe gach dhá bhliain agus bhí athbhreithniú is déanaí i mí Eanáir 2024 i bhfeidhm go críoch 2026. Bíonn córas difriúil i gceist i leith seirbhísí eile, amhail seirbhísí dlí neamhchonspóideacha ina bhfuil tairseach de €750,000 infheidhme – féach Nóta 1.

Tá sonraí na maoluithe leagtha amach i dtábla 1.1 agus i dtábla 1.2 anseo thíos. Le linn na bliana 2024, d'fhaomh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin maoluithe dar luach thart ar €2.2m in iomlán (ar cuireadh thart ar €1.9m de sin i leith seirbhísí dlí de chuid is mó – féach na nótaí faoi tábla 1.1). B'ionann na maoluithe iomlána sa bhliain 2023 agus thart ar €0.92m, ar cuireadh thart ar €0.96m de sin i leith seirbhísí dlí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtuairiscíonn GNBS gach maolú beag beann ar an luach atá i gceist agus dá bhí sin, go n-áirítear maoluithe níos lú ná €25,000 (nach gá iad a thuairisciú de réir an Chóid) chun trédhearcacht iomlán a áirithiú ó thaobh caiteachais de.

Tá na méideanna atá curtha i leith maoluithe bunaithe ar mheastacháin tráth a iarrtar an maolú agus a dhámhtar an conradh. Féadfaidh téarma a bheith i gceist le roinnt conarthaí a shíneann thar dheireadh na bliana airgeadais agus déanfar iad sin a thuairisciú sa bhliain a dámhadh an conradh. Eisceacht amháin air sin ná sa chás go n-iarrtar méadú ar luach measta conartha faoi mhaolú, ansin is é beartas GNBS maolú breise a iarraidh agus an luach measta carnach leasaithe á thabhairt ar aird. Ansin, déantar an conradh a thaifeadadh mar mhaolú sa tréimhse cuntasaoíochta sin chomh maith, agus a luach carnach leasaithe á thabhairt ar aird. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise an mhéid thuas, áiríonn GNBS ina dtuarascálacha ar mhaolú conarthaí lena mbaineann luach measta leasaithe, d'ainneoin an conradh bunaidh/méadú roimhe sin a bheith tuairiscithe sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Ar na cúiseanna leis na maoluithe atá sonraithe sna táblaí thíos tá: cineál an-leochaileach/an-rúnda an ábhair; saincheisteanna maidir le coibhneachtaí leasa a bheith i gceist; eolas a bheith ag na soláthraithe seirbhíse ar an ábhar cheana féin, amhail an féichiúnaí/an tsócmhainn lena mbaineann agus go ndéanfaí costais ábhartha a choigilt; nó ar chúis práinne nó ar chúiseanna dlí leochaileacha.

Tábla 1.1 Maoluithe ó sholáthar le haghaidh seirbhísí dlí – conspóideacha agus neamhchonspóideacha araon:

Catagóir	Líon na gConarthaí 2024	Luach measta na gconarthaí a dámhadh sa bhliain 2024 €'000	Líon na gConarthaí 2023	Luach measta na gconarthaí a dámhadh sa bhliain 2023 €000
(A) Seirbhísí dlí conspóideacha/Seirbhísí dlí a bhaineann le dlíthíocht	3	1,174	3	765
(B) Seirbhísí dlí neamhchonspóideacha	4	703	3	97
Iomlán	7	1,877	6	862

Nóta 1: Catagóir (A) Eisiatar seirbhísí dlí conspóideacha/seirbhísí a bhaineann le dlíthíocht faoi na Rialacháin Soláthair. (B) Tuairiscítear seirbhísí dlí neamhchonspóideacha trí chóras “éadrom” faoi na Rialacháin Soláthair sa chás gurb ionann luach aon chonartha amháin agus €750,000.

Nóta 2: Aithníonn GNBS mar mhaoluithe, aon cheapacháin a rinneadh ó phainéil dlí bhunaithe GNBS de thoradh ar phróiseas soláthair tosaigh lena ndaingnítear rátaí iomaíocha in aghaidh na huairé, ach nár cuireadh faoi réir dhara babhta tairisceana (nó miontairiscint) sa chás gur aithníodh raon áirithe seirbhísí. Is gnáthchleachtas GNBS an dara babhta tairisceana sin faoina chuid bpainéil/creataí mar go n-éascaíonn sé gnéithe táille seasta a cheadú do chaiteachas faoi smacht, chun a áirithiú go mbainfear amach an luach ar airgead is fearr is féidir. Tá líon mór de na maoluithe a luaitear i dTábla 1.1 sa chatagóir sin.

Tábla 1.2 Maoluithe ó sholáthar d'aonaid ghnó GNBS (seachas na cinn dlí):

Roinn GNBS	Líon na gConarthaí 2024	Luach measta na gconarthaí a dámhadh sa bhliain 2024 €'000	Líon na gConarthaí 2023	Luach measta na gconarthaí a dámhadh sa bhliain 2023 €'000
Rannóg an Phríomhoifigigh Straitéise agus Claochlaithe	2	282	-	-
Rannán Príomhoifigeach Tráchtála	2	47	1	49
Rannán Príomhoifigeach Airgeadais	-	-	1	10
Iomlán	4	329	2	59

Leanfaidh GNBS ag cloí le Doiciméid Soláthair GNBS, a chreideann GNBS gur leor iad chun cuspóirí caiteachais phoiblí an Chóid a bhaint amach. Áirithíonn GNBS leibhéal ard maoirseachtatrédhearcachta trína phróisis soláthair agus úsáideann sé e-tenders agus Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE) más infheidhme.

Coráis agus Infreastruchtúr Teicneolaíocht Faisnéise

Leanann GNBS cur chuige struchtúrtha i tabhairt faoi tionscadail córais ghnó atá rialaithe ag mion-doiciméid solártha. Le linn 2024 rinneadh clár feabhsa in áit athraithe shúntasach ar na croí córais. Sé sin Stór Iasachtaí GNBS, an Córas Bainistíocht Punann, an Córas Bainistíocht Doiciméad agus an Córas Bainistíocht Faisnéise. Tá smachtanna ag GNBS i leith rochtain teicneolaíocht faisnéise a fháil ar fhostaigh nua, athraithe i gceartanna rochtain ó athraithe foirne nó tar éis ball foirne éirí as a fhógrú. Déanann an Foireann Tacaíochta Córais athbhreithniú leathbhliantúil ar rochtain chuig córais agus sonraí agus tuairiscítear go an Ceann Ailtireachta agus Tacaíochta na gCóras é.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá creat cuí curtha i bhfeidhm ag GNBS chun a chinntiú go gcomhlíonann sí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018. Mar chuid den chreat seo, chuir GNBS Beartas Bainistíochta Taifead i bhfeidhm le córais agus rialuithe i bhfeidhm chun tacú le cloí leis an mbeartas sin, lena n-áirítear catagóirí taifead agus rochtain shrianta ar fhaisnéis rúnda. Tá próisis bunaithe ag GNBS chun sáruihte sonraí agus úsáid neamhúdairithe faisnéise rúnda a shainaithint agus nuair a thagann GNBS ar an eolas faoi shárú féideartha sonraí nó úsáid neamhúdairithe faisnéise rúnda, rinneadh imscrúdú iomlán orthu seo de réir an phróisis. Ní raibh aon sáruihte ann a raibh gá le tuairisciú don Choimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) ná do na hábhair sonraí in 2024.

Tuirisceáil Airgeadais agus Bainistíochta

Déanann an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin monatóireacht ar bhainistiú airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a cuid tuairiscithe bhuiséadaigh agus bainistíochta, lena n-áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil. Soláthraíonn an GNBS measúnú rialta ar a hioncaim agus costais iarbhir go buiséid don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin. Déanann an Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin monatóireacht freisin ar fhorbairt agus forfheidhmiú chórais an GNBS.

Sa bhliain 2024, d'aistrigh GNBS go córas nua Mórleabhar Ginearálta. Cuirtear faisnéis airgeadais faoi bhráid gach cruinnithe den Choiste Airgeadais agus Oibriúcháin agus den Bhord. Cuirtear faisnéis airgeadais ráithiúil agus bhliantúil faoi bhráid an Aire freisin de réir mar a éilítear faoin Acht.

Lena chois sin, soláthraíonn an GNBS faisnéis bhainistíochta don Fhoireann Feidhmiúcháin, don Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin agus don Bhord i ndáil le feidhmíocht na bhféichiúnaithe agus na punainne iasachtaí.

Iniúchadh Inmheánach

Gníomhaíonn PricewaterhouseCoopers Ireland mar Iniúcháir Inmheánach GNBS. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Iniúcháir Inmheánach, atá ag feidhmiú de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. D'fhaomh an Coiste Iniúcháireachta plean iniúcháireachta inmheánaigh don bhliain 2023. De réir an phlean seo, tá roinnt iniúchtaí déanta ag an Iniúcháir Inmheánach ar rialuithe atá i bhfeidhm ag an GNBS, BCM Global ASI Limited agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tuairiscíonn an tIniúcháir Inmheánach a chuid torthaí díreach chuig an gCoiste Iniúcháireachta.

Aibhsíonn na tuarascálacha seo easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus moltar bearta ceartaitheacha atá le glacadh nuair is cuí. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta nuashonruithe, ar bhonn rialta, ar stádas na saincheisteanna tugtha chun solais ag na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha agus leantar suas le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheisteanna úd.

Monatóireacht Feidhmíocht Soláthraithe Seirbhíse

Tá próisis curtha ar bun ag GNBS chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Mhaistir-sheirbhíseoir agus Príomhsheirbhíseoir. Ina measc seo tá tuarascálacha míosúla seirbhíse, cruinnithe athbhreithnithe seirbhíse rialta agus cruinnithe rialta coiste stiúrtha chun feidhmíocht a athbhreithniú agus aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna oibríochta.

Bunaíodh Coiste Seirbhíse GNBS/GBCN i 2014 agus casann an choiste le chéile nuair is gá le maoirseacht a dhéanamh ar seachadadh seirbhísí comhroinnte curtha ar fáil ag an GBCN go GNBS.

Tuairisciú Poiblí

Tá feidhm Cumarsáide bunaithe ag GNBS a bhfuil bainistíocht cumarsáid seachtrach le páirtithe leasmhara agus leis an phreas mar fhreagracht aige, le cinntiú go n-íompraíonn an Gníomhaireacht chomh trédhearcach agus is féidir lastigh do pharaiméadar a dhualgais dlíthiúla.

Bunaíodh próisis le glacadh le, athbhreithniú a dhéanamh ar agus freagra a thabhairt ar ceisteanna ginearálta an phobal, chomh maith le láimhseáil agus freagairt Ceistanna Parlaiminteach agus ceisteanna Oireachtais. Tá freagracht iomlán ag Foireann Cumarsáide GNBS ar eolas a chur ar fáil do agus freagairt a thabhairt ar cheisteanna Coistí an Oireachtais.

Déileálann an rannán um Chlaohlú, Straitéis agus Cumarsáid le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise ('FOI') le beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí agus a fhoireann chun déileáil le hiarratais den sórt sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímid go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chórais um rialú inmheánach airgeadais an GNBS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh sé a chuid torthaí don Bhord i Márta 2025. San athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais áiríodh:

- Athbhreithniú agus breithniú ar athraithe ón athbhreithniú dheirneach agus rioscaí suntasacha roimh GNBS agus a ábaltacht freagra a thabhairt ar na hathraithe i gnó agus an timpeallacht seachtrach;

- Athbhreithniú agus breithniú ar thuairisciú rialta an Coiste Iniúcháir agus an Coiste Bainistíocht Riosca ar an córas smacht inmheánach;
- Athbhreithniú agus breithniú ar éifeachtacht próiseas tuairisciú poiblí GNBS;
- Athbhreithniú agus breithniú chlár oibre an Iniúcháir Inmheánaigh agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí;
- Athbhreithniú ar shaincheistean rialuithe inmheánacha airgeadais aitheanta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ag iniúcháirí reachtúla fóchuideachtaí Grúpa GNBS, le linn a chuid oibre mar iniúcháir seachtrach;
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta an Iniúcháir Inmheánaigh ar stádas na timpeallachta rialaithe airgeadais inmheánaí, agus stádas na saincheistean tugtha chun solais roimhe seo óna dtuarascálacha féin agus ábhair tugtha chun solais ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ag iniúcháirí reachtúla fhochuideachtaí Ghrúpa GNBS, ina gcuid oibre mar iniúcháirí seachtracha (más infheidhme). Leanann an Coiste Iniúchta suas freisin le lucht bainistíochta an GNBS chun a chinntiú go bhfuil gníomh iomchuí agus tráthúil á ghlacadh de láimh i ndáil leis na saincheistean tugtha chun solais;
- Athbhreithniú ar litreacha dearbhaithe faighte ó GBCN, BCM Global ASI Limited agus Bainc-Aontas Éireann opt i ndáil le feidhmiú a gcóras um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana;
- Athbhreithniú ar ráitis dearbhaithe rialaithe curtha i gcrích ag Lucht Bainistíochta agus Foireann Feidhmiúcháin Sinsearach an GNBS i ndáil le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i rith na bliana.

Níor sainaithníodh aon laig sa rialú inmheánach maidir le 2020 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



Aidan Williams

Cathaoirleach

16 Aibreán 2025



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi Bhráid Thithe an Oireachtais

Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Grúpa agus Gníomhaireacht an Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 57 an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- ráitis comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh agus ráiteas ioncaim chuimsithigh na Gníomhaireachta
- ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais agus ráiteas na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais
- ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas agus ráiteas na Gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas
- ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus ráiteas na Gníomhaireachta ar shreabhadh airgid; agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas 2024 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) mar a ghlacann an Aontas Eorpach leo agus faoi fhórlacha an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna). Tá mé neamhspleách ón gcomhlacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlánta agam i gcomhréir leis an Cód Eitice arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta (INTOSAI).

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Bunús ullmhúcháin ráitis airgeadais an ghrúpa agus na Gníomhaireachta

I mí Iúil 2024, d'fhaomh an Rialtas dréachtú reachtaíochta lena bhforáiltear do dhíscaoileadh GNBS agus d'aistriú aon sócmhainní iarmharacha de chuid GNBS chuig Aonad Réitigh laistigh de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá bearta tráchtála agus oibriúcháin á nglacadh ag GNBS faoi láthair chun díscaoileadh ordúil na Gníomhaireachta a chinntiú faoi dheireadh 2025. Sna cúinsí, tá cinneadh déanta ag Bord GNBS gan na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh (*féach nóta 2.1 Bonn ullmhúcháin*).

Mar a thuairiscítear san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, ceanglaítear orm teacht ar chonclúid maidir le hoiriúnacht an chinnidh seo, agus aird a tharraingt ar an nochtadh ina leith sin. Níl mo thuairim ar na ráitis airgeadais modhnaithe i leith an ábhair seo.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Aibreán 2025

Aguisín a Ghabhann le Tuarascáil an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí na Comhaltaí Boird

Mar a leagtar amach i dtuarascáil an Bhoird tá na comhaltaí Boird freagrach as an méid seo a leanas

- ullmhú na ráiteas airgeadais bhliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 54 an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 57 an Achta iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaíocht nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaíocht nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin a dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaíocht níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nocht a gaoimhar.

- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscim freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasáíochta dóthanach le iniúchadh an ráitis cuntais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil an ráiteas cuntais ag teacht le na taifead cuntasáíochta.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscim má aithníom nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim má aithníom aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2024

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 Grúpa €'000
Glanghnóthachain ar iasachtaí fhéichiúnaithe tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó caillteanas	4	156,872	86,776
Glanghnóthachain ar réadmhaoine infheistíochta	5	42,072	624
Ioncam úis	6	12,318	15,539
Ioncam/(caiteachas) eile	8	18,831	14,980
Glanbhrabús/(glanchaillteanas) ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí	9	29,147	(9,623)
Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine	10	1,895	72
Costas úis agus a chosúil	7	(1)	(1)
Glanioncam oibriúcháin		261,134	108,367
Costais riaracháin	11	(46,021)	(35,324)
Gnóthachán/(caillteanas) eachtrach	12	218	153
Brabús oibriúcháin roimh cháin		215,331	73,196
Muirear cánach	13	(17,830)	(4,968)
Brabús/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		197,501	68,228
Brabús inchurtha i leith:			
Úinéirí an mháthaireagraíocht		197,501	68,228

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

16 Aibreán 2025



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Aidan Williams
Cathaoirleach

Ráiteas ioncaim chuimsithigh na gníomhaireachta

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2024

		Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024 Gníomhaireacht €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 Gníomhaireacht €'000
	Nóta		
Glanghnóthachain ar iasacht idirghrúpa tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó caillteanas	4	37,727	150,722
Ioncam úis	6	72	2,001
Ioncam eile	8	272,958	21,241
Costas úis agus a chosúil	7	-	(1,779)
Costais riaracháin	11	(31,185)	(21,487)
Brabús/iomlán ioncaim chuimsithigh don bhliain airgeadais		279,572	150,698

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

16 Aibreán 2025



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Aidan Williams
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais

Amhail ag 31 Nollaig 2024

	Nóta	31 Nollaig 2024 Grúpa €'000	31 Nollaig 2023 Grúpa €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	14	370,391	305,501
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó cailteanas	15	95,625	449,207
Sócmhainní eile	24	8,531	8,543
Infheistíochtaí in ionstramaí cothromais	22	15,213	15,579
Fardail – réadmhaoín trádála	16	-	100
Réadmhaoine infheistíochta	17	423,450	326,000
Iomlán na sócmhainní		913,210	1,104,930
Dlíteanais			
Dlíteanais eile	25	34,295	23,806
Cáin infíochta	26	693	431
Cáin iarchurtha	23	2,247	2,219
Iomlán na ndlíteanas		37,235	26,456
Gnáthscair			
Caillteanais choinnithe	28	875,975	1,078,474
Gnáthscair iomlán		875,975	1,078,474
Gnáthscair agus dlíteanais iomlána		913,210	1,104,930

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

16 Aibreán 2025



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Aidan Williams
Cathaoirleach

Ráiteas na gníomhaireachta ar an staid airgeadais

Amhail ag 31 Nollaig 2024

	Nóta	31 Nollaig 2024 Gníomhaireacht €'000	31 Nollaig 2023 Gníomhaireacht €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	14	4,866	2,029
lasacht idirghrúpa tomhaiste ag luach cóir tríd bhrabús nó cailteanas	15	37,946	161,219
Sócmhainní eile	24	15,966	4,993
Infheistíocht i bhfochuideacht	29	105,696	105,696
Iomlán na sócmhainní		164,474	273,937
Dlíteanais			
Dlíteanais eile	25	15,967	5,002
Iomlán na ndlíteanas		15,967	5,002
Cothromas			
Tuilleamh choinnithe	28	148,507	268,935
Gnáthscair iomlán		148,507	268,935
Gnáthscair agus dlíteanais iomlána		164,474	273,937

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo.

Thar ceann an Bhoird

16 Aibreán 2025



Brendan McDonagh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Aidan Williams
Cathaoirleach

Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas

Don bhlian airgeadais ag 31 Nollaig 2024

		31 Nollaig 2024 Grúpa €'000	31 Nollaig 2023 Grúpa €'000
	Nóta		
Iarmhéid ag 31 Nollaig		1,078,474	1,360,246
Brabús don bhliain		197,501	68,228
Ioncam cuimsitheach iomlán		197,501	68,228
Aistriú barrachas chuig an Stáitchiste	28	(400,000)	(350,000)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		875,975	1,078,474

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Ráiteas na gníomhaireachta ar athruithe ar chothromas

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2024

		31 Nollaig 2024 Gníomhaireacht €'000	31 Nollaig 2023 Gníomhaireacht €'000
	Nóta		
Iarmhéid ag 31 Nollaig		268,935	468,237
Brabús don bhliain airgeadais		279,572	150,698
Ioncam cuimsitheach iomlán		279,572	150,698
Aistriú barrachas chuig an Státchiste	28	(400,000)	(350,000)
Iarmhéid ag 31 Nollaig inchurtha i leith na Gníomhaireachta		148,507	268,935

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid

Don bhlian airgeadais ag 31 Nollaig 2024

	Nóta	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 Grúpa €'000
Sreabhadh airgid ó oibriúcháin dhíreacha			
Iasachtaí Féichiúnaithe			
Fáltais ó iasachtaithe		581,405	301,105
Cistí réamhíoctha le hiasachtaithe	15	(88,945)	(146,371)
Airgead glan soláthartha ag iasachtaí féichiúnaithe		492,460	154,734
Spotáí FX			
Glan-insreabhadh airgid ar spotáí airgeadra eachtrach		4,188	13,543
Glan-eis-sreabhadh airgid ar spotáí airgeadra eachtrach		(4,183)	(13,540)
Airgead glan a sholáthair/(úsáidte) ag gníomhaíochtaí spota FX		5	3
Sreabha airgid oibriúcháin eile			
Íocaíochtaí le soláthraithe seirbhísí		(36,806)	(40,582)
Cáin íoctha		(17,137)	(659)
Ús faighte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		3,714	3,354
Cistí a íoctar chun réadmhaoin trádála a fháil		(3,586)	-
Cistí faighte ar dhiúscairt réadmhaoin		2,000	88
Ioncam cíosa faighte		17,037	16,351
Aistriú barrachas chuig an Státchiste	28	(400,000)	(350,000)
Airgead glan úsáidte i gníomhaíochtaí oibriúcháin eile		(434,778)	(371,448)
Airgead glan úsáidte ag gníomhaíochtaí oibriúcháin		57,687	(216,711)

Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid (ar lean)

Don bhliain airgeadais ag 31 Nollaig 2024

		Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024 Grúpa €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 Grúpa €'000
	Nóta		
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Dáileacháin faighte ó ionstraimí cothromais	8	852	433
Ús a fuarthas ó Nótaí Státchiste		(325,000)	(703,128)
Cistí íoctha le Nótaí Státchiste a fháil		325,000	703,128
Cistí a fuarthas ar aibíocht Nótaí Státchiste		7,218	11,612
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		8,070	12,045
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Íocaíocht dliteanais léasa	25	(889)	(1,185)
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		(889)	(1,185)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag tús na bliana			
Airgead glan soláthartha ag/(úsáidte i) gníomhaíochtaí oibriúcháin	14	305,501	511,318
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		57,687	(216,711)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistithe		8,070	12,045
Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistithe		(889)	(1,185)
Éifeachtaí athruithe malairte eachtraí ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	12	22	34
Iomlán an airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim coinnithe ag deireadh na bliana airgeadais	14	370,391	305,501

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

1 Réamhrá

2 Athbhreithniú Gnó

3 Athbhreithniú Airgeadais

4 Comhshaoil, Sóisialta Agus Rialachas

5 Ráitis Airgeadais

Ráiteas na gníomhaireachta ar shreabhadh airgid

Don bhlian airgeadais ag 31 Nollaig 2024

		Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024 Gníomhaireacht €'000	Bliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 Gníomhaireacht €'000
	Nóta		
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Ús faighte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		58	4
Táillí Boird agus coiste íoctha		(167)	(228)
(Íocaíocht ghlan)/aisíocaíocht ghlan ó BISN C.G.A. le haghaidh costas		(54)	211
Íasacht idirghrúpa a aisíoc		3,000	-
Airgead glan soláthartha ag/(úsáidte i) gníomhaíochtaí oibriúcháin		2,837	(13)
Sreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ús a fuarthas ar Nótaí Stáitchiste		-	1,994
Glanairgead tirim curtha ar fáil ag gníomhaíochtaí infheistíochta		-	1,994
Airgead coinnithe ag tús na bliana airgeadais			
	14	2,029	48
Airgead glan soláthartha ag/(úsáidte i) gníomhaíochtaí oibriúcháin		2,837	(13)
Airgead glan soláthartha ag gníomhaíochtaí infheistíochta		-	1,994
Airgead coinnithe ag deireadh na bliana airgeadais	14	4,866	2,029

Tá na nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Tagairt na Nótaí

1. Faisnéis ghinearálta
2. Beartaí chuntasaíochta ábhartha
3. Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla
4. Glanghnóthachain ar iasachtaí féichiúnaí/iasacht idirghrúpa arna dtomhas ag luach cóir tríd bhrabús agus caillteanas
5. Glanghnóthachain ar réadmhaoine infheistíochta
6. Ioncam úis
7. Costas úis agus a chosúil
8. Ioncam/(Caiteachas) Eile
9. Glanbhrabús /(glanchaillteanas) ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí
10. Glanbhrabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí
11. Costais riaracháin
12. Gnóthachain/(caillteanais) ar mhalartú eachtrach
13. Muirear cánach
14. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim
15. Iasachtaí féichiúnaithe/idirghrúpa tomhasite ag luach cóir tríd bhrabús agus caillteanas
16. Fardail – réadmhaoine trádála
17. Infheistíochtaí réadmhaoine
18. Bainistíocht riosca
19. Riosca creidmheasa
20. Riosca leachtachta
21. Luach cothrom na ndlíteanas agus sócmhainní
22. Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais
23. Cáin iarchurtha
24. Sócmhainní eile
25. Dlíteanais eile
26. Cáin iníoctha
27. Tiomantais agus dlíteanais theagmhasacha lasachtaíochtaí agus iasachtaí úsmhara
28. Réiteach cúlchistí
29. Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais ghrúpa
30. Nochtadh páirtithe gaolmhara
31. Faisnéis fhorlíontach i gcomhréir le hAlt 54 de chuid an Achta
32. Bainistíocht caipiteal
33. Teagmhais i ndiaidh an dáta tuairiscithe
34. Faomhadh na ráiteas airgeadais

1 Réamhrá

2 Athbhreithniú Gnó

3 Athbhreithniú Airgeadais

4 Comhshaoil, Sóisialta Agus Rialachas

5 Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Faisnéis Ghinearálta

Fógraíodh i mBuiséad Forlíontach an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009, go raibh sé beartaithe an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a chruthú, agus glacadh leis an Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (an Acht) i Samhain 2009.

Faoi Acht bunaíodh an GNBS mar chomhlacht reachtúil ar leith, lena Bord agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin féin ceaptha ag an Aire Airgeadais, i mí na Nollag 2009. Tá Bord GNBS agus na coistí uile arna mbunú ag Bord GNBS freagrach freisin as maoirseacht agus rialachas eintiteas uile Ghrúpa GNBS.

Is é GNBS máthair-eintiteas bunaidh neamh-mheánach Ghrúpa GNBS. Is é GNBS an grúpa atá an Ghníomhaireacht ina ball de agus dona n-ullmhaítear ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe.

Is é an phríomhaidhm an GNBS sócmhainní a fháil i bhfoirm iasachtaí réadmhaoine ó institiúidí creidmheasa atá ainmnithe ag an Aire Airgeadais mar Institiúidí Rannpháirteacha faoi Alt 67 den Acht. Ba iad seo a leanas na hInstitiúidí Rannpháirteacha bunúsacha: Banc-Aontas Éireann, c.p.t. ('AIB'), Corparáid Bhanc Angla-Éireannach Teoranta ('Angla'), Banc na hÉireann ('BOI'), Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann ('INBS') agus Cumann Foirgníochta EBS ('EBS').

Ag an dáta tuairiscíú tá gach iasacht ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhainistiú ag GNBS agus Bainc-Aontas Éireann. Ní sholathraíonn AIB agus BCM Global ASI Limited (Link Asset Services roimhe seo) ach seirbhísí riaracháin.

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Chun críocha na gcuntas seo, cuimsíonn 'Grúpa an GNBS'; máthair-aonán an GNBS, an Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe ('C.G.A.'), Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A., Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A., Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A., Sócmhainn Náisiúnta Cé Thuaidh C.G.A., Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A., Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A., agus Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Tugtar achoimre ar an gaol idir aonáin de Ghrúpa an GNBS ag 31 Nollaig 2024 i gCairt 1 (leathanach 78).

An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A. (GINBS)

Ionchorpraíodh GINBS ar an 27 Eanáir 2010. Is í GINBS an chuideachta trínar infheistigh infheisteoirí príobháideacha sa Ghrúpa roimh a bhfágáil ar 26 Bealtaine 2020. Ón dáta seo, bhí scairsheilbh 100% ag GNBS in GINBS. Le linn 2024, fuair GINBS sócmhainní maoine infheistíochta. Ar an 30 Meán Fómhair 2024, aistríodh an scairsheilbh i Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SRCSN) atá i seilbh Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BRSN) chuig GINBS. An 13 Feabhra 2025, dháil GINBS a scairsheilbh in SRCSN ar GNBS.

Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SRCSN)

Ar an 18 Iúil 2012 bhunaigh an GNBS fochuideachta nua dar teideal SRCSN. Tá SRCSN ina fhochuideachta faoi lánúinéireacht iomlán BRSN, agus bunaíodh í d'fhonn réadmhaoin chónaitheach a ghnóthú agus an réadmhaoin seo a léasú agus ar deireadh í a dhíol le comhlachtaí tithíochta agus/nó údaráis áitiúla faofa chun críocha tithíochta sóisialta. I Meán Fómhair 2019, d'eisigh an Aire Airgeadais treoir chuig GNBS úinéireacht SRCSN a choimeád. Aistreoidh SRCSN chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún ('LDA') ó GNBS. Mar chuid den phróiseas aistrithe comhaontaithe, beidh an t-aistriú ag luacháil GNBS agus beidh sé mar chuid de ranníocaíocht bharrachas saoil GNBS le Stát na hÉireann. Ag an dáta tuairiscithe, níl an t-aistriú beartaithe críochnaithe fós. An 30 Meán Fómhair 2024, aistríodh an scairsheilbh i SRCSN atá i seilbh BRSN chuig GINBS. An 12 Feabhra 2025, sannadh an iasacht idirghrúpa is iníochta le BISN ag SRCSN ar deireadh thiar do BSA. Tar éis an tsannta seo, d'eisigh SRCSN 440 gnáthscair eile de €1 in SRCSN chuig BSA. B'ionann an chomhaoin don eisiúint scaireanna seo agus €288m. D'aisíoc na scaireanna breise a eisíodh chuig BSA an iasacht idirghrúpa. An 12 Feabhra 2025, dháil BSA an scairsheilbh sin ar GINBS. An 13 Feabhra 2025, dháil GINBS a scairsheilbh in SRCSN ar GNBS.

Sheachaid féichiúnaithe GNBS 2,957 (2023: 2,997) réadmhaoin chónaitheach d'earnáil na tithíochta sóisialta ina iomlán idir tráth a bunaithe agus an dáta tuairiscithe, 2,835 (2023: 2,799) a bhí críochnaithe agus conraithe ar 122 (2023: 198) réadmhaoin eile (do dhíolachán díreach agus tríd SRCSN) malartaithe ag an dáta tuairiscithe. San áireamh le seachadtaí a cuireadh i gcrích ón mbunú tátá díolachán díreach 1,374 (2023: 1,338) réadmhaoin, díolacháin déanta ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí le comhlachtaí faofa tithíochta éagsúla agus/nó údaráis áitiúla, léasú díreach 89 (2023: 89) réadmhaoin ag féichiúnaithe GNBS agus glacadóirí agus 1,372 (2023: 1,372) réadmhaoin faighte ag SRCSN le léasú le comhlachtaí faofa tithíochta. Le linn na bliana, níor dhíol SRCSN aon mhaoin (2023: nialas) agus ar an dáta tuairiscithe tá 1,366 de 1,372 réadmhaoin faighte coinnithe. Ní chuimsíonn na figiúirí seo na haonaid sin a sheachadtar faoi shocrúithe Chuid V ar fhorbairtí cónaithe arna maoiniú ag GNBS.

1. Faisnéis Ghinearálta (ar lean)

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (ar lean)

Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BSA)

Ionchorpraíodh BSN ar an 27 Eanáir 2010. Bhí BSN freagrach as an fofhiachas agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas a eisiúint, a n-úsáidíodh mar chomaoín in éadail sócmhainní iasachta ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Bhí urrúis fiachais arna ráthú ag an Rialtas eisithe ag BSN liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann go dtí a bhfuascailt iomlán i 2017. Faoi Mhárta 2020, bhí an fiach fo-ordaithe a bhí fágtha go hiomlán fuasclaithe.

Tar éis corprú BSA, aistríodh na hionstraimí fofhiachais agus ionstraimí fiachais arna ráthú ag an Rialtas chuig SGBSNT agus d'aistrigh SGBSN iad chuig BISN. D'úsáid BISN na hiontraimí fiachais seo mar pháirtcomaoín do na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Bhí sé fhochuideachta ag BSA le linn na tréimhse tuairiscithe agus tá cúig fhochuideachta aige ar an dáta tuairiscithe.

1) Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (SGBSN)

Ionchorpraíodh SGBSN ar an 27 Eanáir 2010. Faigheann SGBSN na hionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag BSN faoi chomhaontú iasacht rannpháirteach brabúis (PPL), agus dá réir sin, cuirtear na hionstraimí fiachais seo ar fáil do BISN faoi réir téarmaí comhchosúla. Tá SGBSN faoi lánúinéireacht BSN.

Ghníomhaigh SGBSN mar chuideachta shealbháíochta dá cúig fhochuideachta le linn na tréimhse tuairiscithe. Ar an dáta tuairiscithe tá ceithre fhochuideachta aici. BISN, SNCT, NAJV A agus BRNS. An 26 Márta 2025, aistríodh an scairsheilbh in BISN atá i seilbh SBGSN chuig GNBS.

2) Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BISN)

Ionchorpraíodh BISN ar an 27 Eanáir 2010. Is í aidhm BISN na sócmhainní iasachta faighte ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a ghnóthú, a choinneáil, agus a bhainistiú. Tá aon fhochuideacht nua ag BISN, is é sin SNCT. An 26 Márta 2025, aistríodh an scairsheilbh in BISN atá i seilbh SBGSN chuig GNBS.

3) Sócmhainn Náisiúnta Cé Thuaidh C.G.A. (SNCT)

Rinneadh SNCT a ionchorprú ar an 8 Aibreán 2015. Is fochuideachta é SNCT atá faoi úinéireacht iomlán 100% den BISN (Bainistíocht Iasachtaí um Shócmhainní Náisiúnta C.G.A.) agus bunaíodh é chun na tailte a fuair an GNBS ag 72-80 Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 i mí Feabhra 2015 a choimeád agus chun sruth ioncaim cíosa urraithe a shaothrú ó na tailte trí tháille ceadúnais. Bronnadh an ceadúnas ar thríú páirtí ar feadh thréimhse sé bliana chun forbairt an tsuímh a chumasú ar mhaithe le sochar tráchtála fadtéarmach. Tá an forbairt seo críochnaithe anois. Rinne SNCT a leasanna eile a dhiúscairt an 2 Meitheamh 2023. Ar an 18 Meán Fómhair 2024, d'údaraigh BISN SNCT chun iarratas a dhéanamh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun SNCT a bhaint de go deonach ar an mbonn go bhfuil sé scortha de ghnó a sheoladh. Ar an 24 Feabhra 2025 cuireadh deireadh leis an mbaint dheonach agus díscaoileadh SNCT.

4) Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A. (SRCSNT)

Ar an 4 Iúil 2013 bhunaigh GNBS fochuideachta, SRCSNT. Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag SGBSN é SRCSNT. Chuaigh GNBS i socraíocht le cuibhreannas trína bhfuarthas seilbh ar 20% ús i gcomhpháirtíocht theoranta, agus ba chun an idirbheart seo a éascú a bunaíodh SRCSNT. Rinne SRCSNT infheistiú i socraíocht eile tríú pairtíthe óna corpú, áit ar ghlac sé ús mhionlach, leasanna gnáthscair neamh-urlámhais in institiúid infheistiúcháin le seachadadh réadmhaoin trachtála agus eastát réadach a éascú.

5) Bainistíocht Réadmhaoin Sócmhainní Náisiúnta C.G.A. (BRNS)

Rinneadh BRNS a ionchorprú ar an 27 Eanáir 2010. Ba é an aidhm a bhí le BRNS úinéireacht dhíreach a ghlacadh ar shócmhainní nuair agus más gá. Rinne BRNS an mhaoin a bhí fágtha aige a dhiúscairt an 5 Iúil 2024.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí fo-chuideachta amháin ag BRNS, sé sin SRCSN. An 30 Meán Fómhair 2024, aistríodh an scairsheilbh in SRCSN chuig GINBS. An 17 Nollaig 2024, d'údaraigh SBGSN do BRNS iarratas a dhéanamh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun BRNS a bhaint de go deonach ar an mbonn go bhfuil sé scortha de ghnó a sheoladh. An 12 Márta 2025, foilsíodh an fógra um scriosadh as do BRNS in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO). Tá an próiseas seo fós ar siúl.


Is é seoladh na hoifige cláraithe de gach cuideachta ag an dáta tuairiscithe Duga an Stáitchiste, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Tá gach cuideachta ionchorpraithe agus lonnaithe i bPoblacht na hÉireann.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Faisnéis Ghinearálta (ar lean)

1.1 Grúpa an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (ar lean)

Cairt 1 "GRÚPA an GNBS" amhail 31 Nollaig 2024



2. Beartais chuntasaíochta ábhartha

2.1 Bunús an ullmhúcháin

Gnóthas leantach

Ní ullmhaítear na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar bhonn gnóthais leantaigh. Is dhá mhí dhéag ó dháta tuairiscithe na ráiteas airgeadais bliantúil seo an tréimhse mheasúnaithe a úsáideann an Bord.

An 6 Márta 2024 d'fhoilsigh an tAire Airgeadais athbhreithniú ar GNBS faoi Alt 227 d'Acht GNBS. Deirtear sin san athbhreithniú. D'éirigh le GNBS an sainordú tráchtála atá leagtha síos di ag an Oireachtas a chomhlíonadh agus sháraigh sí ionchais maidir lena feidhmíocht. Nótáil an t-athbhreithniú freisin go bhféadfadh roinnt sócmhainní nó dlíthíochta neamhréitithe de chuid GNBS a bheith fós ann ag deireadh 2025 agus mhol sé go mbunófaí Aonad Réitigh agus go gcuirfí acmhainní ar fáil dó laistigh de GBCN chun gníomhaíocht iarmharach de chuid GNBS a bhainistiú ó Eanáir 2026. An 2 Iúil 2024, foilsíodh an Scéim Ghinearálta maidir le Conclúid Bhille na Corparáide Éireannach um Réiteach Banc Speisialta Leachtaithe agus Díscailte GNBS. Tá bearta tráchtála agus oibriúcháin á nglacadh ag GNBS faoi láthair chun díscailte ordúil na Gníomhaireachta a chinntiú faoi dheireadh 2025. Dá réir sin, creideann an Bord go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais neamhleanúnaigh.

2.2 Ráiteas géilliúlachta agus bunús tomhais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Gníomhaireachta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), a bhfuil glactha leo ag an Aontas Eorpach agus Acht GNBS 2009.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Gníomhaireachta ar bhonn gnóthais neamhleanúnaigh. Ní theastaíonn aon athrú ar aitheantas nó ar thomhas shócmhainní nó dhliteanas an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta mar gheall ar an mbonn gnóthais neamhleanúnaigh a bheith á chur i bhfeidhm.

Ba de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil a ullmhaíodh na ráitis chomhdhlúite um shreafaí airgid agus ráitis airgeadais na Gníomhaireachta, cé is moite de ionstraimí cothromaíais, iasachtaí féichiúnaí, an iasacht idirghrúpa agus réadmhaoinne infheistíochta atá tomhaiste ar luach cóir nuair is bainteach.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus Gníomhaireachta curtha i láthair in euro (€), atá mar airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Ghrúpa. Sonraítear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i mílte €.

Cinntear na sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin bunaithe ar an modh díreach, trína nochtar príomhranguithe ollfháltais airgid agus ollíocaíochtaí.

Is ar bhonn ollmhéideanna a thuairiscítear sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus maoinithe. Braitheann sannadh sreabha airgid an ghrúpa do chatagóirí oibriúcháin, infheistithe agus maoinithe ar shamhail ghnó an Ghrúpa.

De réir IAS 1 Léiriú Ráitis Airgeadais, is in ord leachtachta a thugtar léiriú ar shócmhainní agus ar dhliteanas.

2.3 Athruithe ar bheartais chuntasaíochta ábhartha

Ní dhearnadh aon chaighdeán, léirmhínte ná athruithe nua ar pholasaithe cuntasaíochta a raibh éifeacht acu ar ráitis airgeadais an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

2.4 Caighdeán, leasuithe agus léirmhínte IFRS a eisíodh ach nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill

Rinneadh roinnt caighdeán, leasuithe agus léirmhínte nua a eisíodh ach níl siad curtha i bhfeidhm go fóill. Ní dhearna an Grúpa iad a ghlacadh go luath agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige. As na caighdeáin sin nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill, ní meastar go mbeidh tionchar suntasach ag aon cheann acu ar ráitis airgeadais an Ghrúpa nuair a chuirfear i bhfeidhm ar dtús iad.

2.5 Bunús an chomhdhlúthaithe

San áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa tá ráitis airgeadais an mháthair-aonáin, an GNBS agus a fhochuideachtaí uile. Féach nóta 1.1 le haghaidh tuilleadh sonraí. Scoirfidh comhdhlúthú fochuideachtaí ar an dáta a scoireann an mháthairchuideachta den fochuideachta a rialú. Tá ioncam agus speansais fochuideachta san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite go dtí an dáta a thagann deireadh leis an rialú sin. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí a úsáideadh chun na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú dáta tuairiscithe an mháthair-aonáin.

Comhdhlúthaíonn an Grúpa gach aonán a rialann sé. Tomhaistear gur baineadh amach rialú nuair sa chás

- go bhfuil cumhacht ag an Grúpa that an eintiteas;
- go bhfuil an Grúpa neamhchosanta ar, nó a bhfuil cearta aige ar, thuairisceáin inathraitheacha ó bhaint s'aige leis an eintiteas;
- go bhfuil sé in ann a cumhacht a úsáid lena tuairisceán a chuir i bhfeidhm.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Beartais chuntasaíochta ábhartha (ar lean)

2.5 Bunús an chomhdhlúthaithe (continued)

Áirítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag costas lúide bearnú in ráitis airgeadais ar leith an Ghníomhaíocht. Tá beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí ahus an Ghníomhaireacht comhsheasmhach le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Fágтар idirbhearta idirghrúpa agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta idir cuideachtaí grúpa as an áireamh. Fágтар caillteanais idirghrúpa as an áireamh freisin mura soláthraíonn an t-idirbheart fianaise ar bhearnú na sócmhainne aistrithe.

Soláthraítear sonraí na bhfochuideachtaí i Nóta 1.1.

2.6 Aistriú airgeadra coigríche

(a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Déantar míreanna san áireamh i ráitis airgeadais aonáin an Ghrúpa a thomhas ag úsáid airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí a bhfuil gach aonán ag feidhmiú inti ('an t-airgeadra feidhmiúil').

Léirítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite in euro, airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil an Ghrúpa.

(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta ainmnithe, nó idirbhearta a éilíonn réiteach, in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgeadaíochta ainmnithe in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta dúnta ag an dáta tuairiscithe. Aistrítear míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste ag luach cóir in airgeadra iasachta chuig an airgeadra feidhme ag baint úsáide as na rátaí malairte atá i láthair nuair a socraíodh an luach cóir. Aistrítear míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil in airgeadra eachtrach ag úsáid an ráta malairte ar dháta an aitheantais tosaigh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí a eascraíonn ó ghlanadh idirbheart malairte eachtraí agus ón aistriú ag rátaí malairte deireadh na bliana na sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha sa ráiteas ioncaim comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh.

Léirítear gach gnóthachan agus caillteanas malairte i ngnóthachain agus caillteanas eachtracha mar mhír líne aonair sa ráiteas comhdhlúite an ioncaim chuimsithigh.

2.7 Sócmhainní airgeadais

Aithint agus tomhas tosaigh

Aithníonn an Grúpa sócmhainní airgeadais i ráiteas an Ghrúpa ar a staid airgeadais nuair a bheidh an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthachta na hionstraime. Déantar sócmhainní airgeadais a thomhas ar luach cóir ar dtús. Déantar costais idirbheart ar féidir iad a chur i leith sócmhainní airgeadais a fháil ag FVTPL a aithint láithreach mar bhrabús nó mar chaillteanas. I gcás sócmhainní arna dtomhas ar bhealach seachas FVTPL, déantar costais idirbheart a d'fhéadfaí a chur i leith sócmhainní airgeadais a fháil nó a eisiúint, a chur le luach cóir na sócmhainní airgeadais nó a bhaint uaidh sin, de réir mar is cuí, agus iad á n-aithint den chéad uair.

Aicmiú agus Tomhas

ar éis í a aithint den chéad uair, déantar sócmhainn airgeadais a aicmiú agus a thomhas ina dhiaidh sin ag

- (a) Costas amúchta nó
- (b) Luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile (FVOCI) nó
- (c) Luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL)

Déantar sócmhainn airgeadais a thomhas ag costas amúchta má chomhlíontar an dá choinníoll a leanas léi agus mura n-ainmnítear mar FVTPL í:

- Coinnítear an tsócmhainn laistigh de shamhail ghnó a bhfuil sé de chuspóir aici sócmhainní a choimeád chun sreafaí airgid thirim conarthachta a bhailiú; agus
- Tá téarmaí conarthachta na sócmhainne airgeadais ina gcúis le sreafaí airgid ar dhátaí sonraithe ar ionann iad agus íocaíochtaí na príomhsuime agus úis ar an bpríomhsuim atá amuigh amháin.

Déantar sócmhainn airgeadais a thomhas ag FVOCI má chomhlíontar an dá choinníoll a leanas léi agus mura n-ainmnítear mar FVTPL í:

- Coinnítear an tsócmhainn laistigh de shamhail ghnó a bhfuil sé de chuspóir aici sócmhainní a choimeád chun sreafaí airgid thirim conarthachta a bhailiú; agus
- Tá téarmaí conarthachta na sócmhainne airgeadais ina gcúis le sreafaí airgid ar dhátaí sonraithe ar ionann iad agus íocaíochtaí na príomhsuime agus úis ar an bpríomhsuim atá amuigh amháin.

2. Beartais chuntasaíochta ábhartha (ar lean)

2.7 Sócmhainní airgeadais (ar lean)

Nuair a aithnítear ionstraim chothromais den chéad uair d'fhéadfadh an Grúpa í a ainmniú go neamh-inchúlghairthe mar FVOCI ach amháin má choinnítear é ar mhaithe le trádál. Déantar an rogha chun infheistíocht in ionstraim chothromais a ainmniú mar FVOCI de réir gach ionstraime ar leith.

I gcás aon sócmhainn airgeadais nach gcáilíonn lena tomhas ar chostas amúchta nó lena tomhas ag FVOCI, ní mór í a thomhas tar éis í a aithint den chéad uair ag FVTPL ach amháin sa chás gur infheistíocht in ionstraim chothromais í atá ainmnithe ag FVOCI. Féadfaidh an Grúpa cinneadh neamh-inchúlghairthe a ghlacadh chun sócmhainn airgeadais a ainmniú mar FVTPL nuair a aithnítear í ar dtús, más rud é go ndéantar neamhréir cuntasaíochta a dhíchur nó a laghdú go suntasach leis an ainmniú sin sa chás go gcruthófaí an neamhréir sin dá ndéanfaí an tsócmhainn airgeadais a thomhas ar chostais amúchta nó FVOCI.

Is íocaíochtaí príomhshuime agus measúnú úis amháin atá i sreafaí airgid thirim conarthachta

Chun críche íocaíochtaí na príomhshuime agus ús "SPPI" a mheasúnú, is ionann an phríomhshuim agus luach cóir na sócmhainne airgeadais agus é á haithint ar dtús. D'fhéadfadh athrú teacht ar mhéid na príomhshuime sin thar shaolré na sócmhainne airgeadais áfach. Is ionann ús agus comaoin i leith luach ama airgid, maidir leis an riosca creidmheasa a bhaineann leis an bpríomhshuim atá amuigh le linn tréimhse áirithe ama agus maidir le costais agus rioscaí iasachta bunúsacha eile, chomh maith le corrlach brabúis.

Measúnú ar an tsamhail ghnó

Cinneann an Grúpa na samhlacha gnó ar leibhéal lena léirítear an chaoi a mbainistítear grúpaí sócmhainní airgeadais le chéile chun cuspóir gnó ar leith a bhaint amach. Le samhlacha gnó an Ghrúpa cinntear cibé an mbeidh sreafaí airgid ann de thoradh ar shreafaí airgid conarthachta a bhailiú, sócmhainní airgeadais a dhíol, nó an dá rud. Déanann an Grúpa an fhaisnéis seo a leanas a mheas agus measúnú na samhla gnó á dhéanamh aige:

- an chaoi a ndéantar meastóireacht ar fheidhmíocht na samhla gnó agus na sócmhainní airgeadais atá i seilbh laistigh den tsamhail ghnó sin agus tuairisciú ina leith chuig pearsanra bainistíochta riosca an eintitis; agus
- na rioscaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht na samhla gnó (agus na sócmhainní airgeadais atá i seilbh laistigh den tsamhail ghnó sin) agus, go háirithe, an chaoi a mbainistítear na rioscaí sin.

Nuair a aithnítear sócmhainn airgeadais den chéad uair, cinneann an Grúpa cibé an bhfuil sócmhainní airgeadais nua-aitheanta ina gcuid de shamhail ghnó atá ann cheana féin nó an léirítear leo go bhfuil tús curtha le samhail ghnó nua. Déanann an Grúpa athmheasúnú ar a chuid samhlacha gnó gach tréimhse tuairiscithe le cinneadh cibé ar tháinig athrú ar na samhlacha gnó ón tréimhse roimhe sin nó nár tháinig.

(a) Costas Amúchta

Rinne an Grúpa airgead tirim agus coibhéisí airgid a aicmiú agus a thomhas, mar aon le hairgead tirim a socraíodh mar chomhthaobhacht le GBCN agus sócmhainní eile ar chostas amúchta lúide liúntas do chaillteanas creidmheasa ionchais.

(b) Luach cóir trí bhrabús nó caillteanas

Rinne an Grúpa roinnt iasachtaí le féichiúnaithe a aicmiú agus a thomhas ag FVTPL ar an mbunús go bhfuil siad i seilbh acu chun luach comhthaobhachta gaolmhar a réadú trí dhiúscairt leanúnach iasachtaí, maoine agus comhthaobhachta agus sa chás go mbailítear sreafaí airgid conarthachta ar bhonn teagmhasach. Déantar na sócmhainní sin a thomhas ar luach cóir, agus déantar aon ghnóthachain/caillteanais a bhíonn i gceist tar éis iad a thomhas athuair a aithint sa ráiteas ioncain chuimsithigh. Déantar luach cóir a chinneadh ar an gcaoi a sonraítear i Nóta 2.23. Rangaigh agus thomhais an Ghníomhaireacht an iasacht idirghrúpa ag FVTPL.

Is ionstraimí cothromais na hionstraimí airgeadais eile a aicmítear agus a thomhaistear ag FVTPL.

Ionstraimí cothromais

Is éard atá i gceist le hionstraim chothromais ná conradh ar bith is cúis le leas iarmharach i sócmhainní aonáin tar éis a cuid dliteanais uile a asbhaint. Níl aon oibleagáid chonartha luaite le hionstraim chothromais airgead nó sócmhainn airgeadais ar bith eile a sheachadadh.

Déantar ionstraimí cothromais a thomhas ag FVTPL. Tomhaistear luach cóir na n-ionstraimí cothromais seo bunaithe ar theicnící luachála a mheasann luach éileamh an Ghrúpa ar shócmhainní foluiteacha an eintitis. Aithnítear athruithe ar luach cóir sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach mar chuid d'ioncam/(speansais) eile. Nochtar ionstraimí cothromais ar leithligh sa ráiteas ar staid airgeadais. Aithnítear dáileacháin ó ionstraimí cothromais sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach mar chuid d'ioncam/(speansais) eile ar an dáta a dhearbhaítear iad agus a cheadaítear iad le haghaidh íocaíochta.

2.8 Dlíteanais airgeadais

Tuairiscíonn an Grúpa dlíteanais airgeadais i ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime. Déantar dlíteanais airgeadais a thomhas de réir luacha choir ar dtús. Déanann an Grúpa a chuid dliteanais airgeadais a rangú agus ina dhiaidh sin déanann sé iad a thomhas ag an gcostas amúchta cé is moite de díorthaigh atá aicmithe mar FVTPL, agus tuairiscítear aon éagsúlacht a bhíonn ann idir glanfháltais na gcostas idirbheartaíochta agus an luach fuascailte sa ráiteas ioncain chuimsithigh leis an modh úis éifeachtaigh. I gcásanna nach n-aicmítear dlíteanais airgeadais mar FVTPL, déantar gnóthachain agus caillteanais a tharlaíonn mar gheall ar athruithe ar luach cóir a tharlaíonn ina dhiaidh sin a thuairisciú go díreach sa ráiteas ioncain chuimsithigh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Beartais chuntasaíochta ábhartha (ar lean)

2.9 Dí-aithint sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair atá deireadh tagtha leis na cearta conarthacha sreafaí airgid a fháil ó na sócmhainní seo nó sa chás go bhfuil na sócmhainní aistrithe agus go suntasach go bhfuil rioscaí agus luaíochtaí úinéireacht na sócmhainní aistrithe freisin. Déantar dliteanas airgeadais a dhí-aithint nuair atá siad fuascailte nó múchta ar shlí éigin eile.

2.10 Gnóthachain/(caillteanas) ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó

Áirítear le gnóthachain/(caillteanas) ar iasachtaí féichiúnaí ag luach cóir trí FVTPL na gnóthachain agus na caillteanas uile ó athruithe i luach cóir iasachtaí féichiúnaí ag FVTPL. Tá an Grúpa tar éis cinneadh a dhéanamh an ghluaiseacht iomlán sa luach cóir ar an líne seo, agus an tionchar a bheidh aige sin ar ghlanbhaillúcháin airgid tirim sa tréimhse áirithe leis.

2.11 Interest income and interest expense

Aithnítear ioncam agus costas úis na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile seachas iasachtaí féichiúnaí ag FVTPL mar ioncam úis agus costas úis sa ráiteas ioncaim chuimsithigh ag úsáid modh an ráta úis éifeachtach ("EIR").

Is éard is an EIR ná an ráta a dhéanann lascaíniú díreach ar íocaíochtaí airgeadais nó fálaí mheasta amach anseo thar shaolré na hionstraime airgeadais chuig suim oll-luacha sócmhainne airgeadais nó costas amúchta an dliteanas airgeadais.

Nuair atáthar ag déanamh amach an ráta úis éifeachtúil le haghaidh ionstraimí airgeadais seachas sócmhainní bearnaithe, déanann an Grúpa na sreafaí airgid tirim agus téarmaí conarthacha na hionstraime airgeadais á n-áireamh, ach gan na caillteanas chreidmheasa atá beartaithe a áireamh. Le haghaidh sócmhainní airgeadais ceannaithe nó bunaithe, déantar ráta úis éifeachtach coigeartaithe don chreidmheas amach le húsáid bainte as na sreafaí airgid tirim todhchaíoch atá beartaithe lena n-áirítear na caillteanas chreidmheasa atá beartaithe.

Agus ioncam úis agus costas úis á n-áireamh, cuirtear an ráta úis éifeachtach i bhfeidhm le hollsuim ghlánluacha na sócmhainne airgeadais le haghaidh sócmhainní airgeadais bearnaithe nó le costas amúchta an dliteanas airgeadais. Le haghaidh sócmhainní airgeadais atá lagaithe tar éis dóibh a bheith tuairiscithe den chéad uair, déantar amach an t-ioncam úis tríd an ráta úis éifeachtach a chur i bhfeidhm i ndáil le costas amúchta na sócmhainne airgeadais. Más rud é nach bhfuil an tsócmhainn lagaithe go deo, mar sin déantar an t-ioncam úis a áireamh de réir an ollbhonn arís. Le haghaidh sócmhainní airgeadais a bhí lagaithe tar nuair a thuairiscítear iad den chéad uair, déantar amach an t-ioncam úis tríd an ráta úis éifeachtach a chur i bhfeidhm i ndáil le costas amúchta na sócmhainne. Ní dhéantar an áireamh chun an t-ioncam úis a dhéanamh amach de réir an ollbhonn arís, fiú más rud é go thagann feabhas ar an riosca creidmheasa a bhaineann leis an tsócmhainn.

2.12 Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí

Ríomhtar brabús agus caillteanas ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí mar an difríocht idir luach anonn na n-iasachtaí agus an praghas díolacháin conarthach ag an dáta díolacháin/athmaoinithe. Áirítear sa phraghas díolacháin conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an GNBS aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil i gcomhréir le IAS 32. Aithnítear brabús agus caillteanas ar dhiúscairt iasachtaí/réadmhaoine sa ráiteas ioncaim chuimsithigh nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Ní aithnítear brabús ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí nuair atá an nasc féichiúnaí foriomlán bearnaithe i gcomhréir leis na sonraí measúnaithe bearnaithe infhaighte is déanaí, nó dá bhféadfadh bearnú sa nasc a tharlú sa todhchaí mar thoradh ar bhrabús ar dhiúscairt iasachtaí a aithint.

2.13 Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine

Ríomhtar brabús agus caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine mar an difríocht idir luach anonn réadmhaoine agus an praghas díolacháin conarthach ag an dáta díolacháin, lúide costais idirbhearta a bhaineann leis. Áirítear sa phraghas díolacháin conarthach aon chomaoin iarchurtha sa chás go bhfuil ceart conarthach ag an nGrúpa aon sreabhadh airgid iarchurtha a fháil. Tuairiscítear brabús agus caillteanas ó dhiúscairt réadmhaoine sa ráiteas ioncaim chuimsithigh nuair tharlaíonn an t-idirbheart.

2.14 Bearnú na sócmhainní airgeadais

Déanann an grúpa measúnú, ar bhonn rialta, ar laige sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta ar bhonn chaillteanas chreidmheasa bheartaithe (ECL). Déantar an ECL a thomhas ag féachaint do chur chuige trí chéime:

- Céim 1: nuair nach ndearnadh méadú suntasach i riosca creidmheasa maidir le hionstraimí airgeadais ón aitheantas tosaigh, aithnítear foráil do ECL 12 mhí, is é sin an ECL atá ina dtorthaí ó imeachtaí loicthe a d'fhéadfadh tarlú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe;
- Céim 2: nuair a rinneadh méadú suntasach i riosca creidmheasa maidir le hionstraimí airgeadais ón aitheantas tosaigh ach nuair nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú ann, aithnítear ECL saolré, is é sin an ECL atá ina thoradh ó imeachtaí loicthe féideartha uile a d'fhéadfadh tarlú thar shaolré na sócmhainne airgeadais;
- Céim 3: nuair a thaispeántar fianaise oibiachtúil ar bhearnú le sócmhainní airgeadais, aithnítear ECL saolré.

2. Beartais chuntasaíochta ábhartha (ar lean)

2.14 Bearnú na sócmhainní airgeadais (ar lean)

Tá éagsúlacht de bhealaí cur chuige a d'fhéadfá a úsáid chun meas má tá méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa a bhaineann le hionstraim airgeadais ón an a tuairiscíodh é don chéad uair. I gcásanna éagsúla, beidh faisnéis cháinníochtúil mhionsonraithe a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh idir athruithe a thagann ar riosca creidmheasa ar fáil faoin dóchúlacht atá ann go loicfear ionstraim airgeadais nó rátáil chreidmheasa foirmeálta. Déanann an Grúpa monatóireacht ar shócmhainní airgeadais atá faoi réir cheangaltas lagaithe chun meas más rud é go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa ó tugadh faoi deara é den chéad uair ar bhonn rialta.

Déantar an liúntas caillteanais a thomhas de réir luach láithreach na sreafaí airgid tirim atá beartaithe ó na sócmhainní airgeadais i gceist leis an ráta úis atá i bhfeidhm leis i ndáil leis an sócmhainn airgeadais.

2.15 Bearnú sócmhainní neamh-airgeadais

Déantar suim anonn shócmhainní neamh-airgeadais an Ghrúpa a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe d'fhonn a chinneadh an bhfuil comhartha bearnaithe ann. Más ann do chomhartha dá leithéid déantar suim in-aisghabhála na sócmhainne a mheas. Is ionann suim in-aisghabhála sócmhainn agus a luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin.

Agus luach úsáide á mheas, déantar na sreabha airgid measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascaine atá ag teacht le measúnú reatha margaidh luach an airgid agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn. Aithnítear caillteanas bearnaithe sa ráiteas ioncaim chuimsithigh má sháraíonn an tsuim anonn an tsuim in-aisghabhála.

2.16 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim

Is ionann airgead agus airgead ar láimh agus earlaisí éilimh. Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach. Cuimsíonn coibhéisí airgid Nótaí Gearrthéarmacha Státhchiste a choinnítear tríd an GBCN áit a bhfuil an t-am chun aibíochta ar dháta na fála trí mhí nó níos lú.

2.17 Fardail – Trádáil Réadmhaoine

Coinnítear trádáil réadmhaoine le haghaidh athdhíola ag costas de réir liostaí IAS 2. Aithnítear iad ar dtús ar an ráiteas an staid airgeadais ag an pointe ag ar síneadh an conradh ceannaithe leis an díoltóir. I ndiaidh an chéad aitheantas, luaitear í agus glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Socraítear costais ar bhonn na gcostas aonair a bhaineann le gach sócmhainn a aithint go sonrach. Léiríonn an glanluach inréadaithe an praghas díola measta le haghaidh réadmhaoine lúide na costais mheasta uile chun í a chur i gcrích agus na costais is gá chun an díolachán a dhéanamh. Aithnítear athbhreithnithe ar luach anonn na maoine trádála sa ráiteas ioncaim chuimsithigh.

Aithnítear brabúis agus caillteanais ó dhiúscairt maoine trádála sa ráiteas ioncaim chuimsithigh nuair tharlaíonn an t-idirbheart. Tá níos mó sonraí san áireamh i Nóta 2.13.

2.18 Réadmhaoine Infheistíochta

Tomhaistear réadmhaoine Infheistíochta ar dtús ag costas ag an bpointe ar a sínítear an conradh agus luach coir tar éis sin le aon athrú aitheanta sa ráiteas ioncaim. Aithnítear aon gnóthchán nó cailteanas ar dhiúscairt réadmhaoine infheistíochta (ríofa mar an difríocht idir ghlanfáltais ó dhiúscairt agus an suim ghlanluacha) sa ráiteas ioncaim nuair a tharlaíonn an aistriú. Aithnítear ioncam cíosa ó réadmhaoine infheistíochta sa ráiteas ioncaim.

2.19 Cánachas

Cuimsíonn cáin cáin reatha agus iarchurtha araon. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim chuimsithigh, ach amháin chomh fada agus a bhaineann sí le míreanna arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear in ioncam cuimsitheach eile í.

(a) Cáin ioncaim reatha

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin ionchais atá iníoctha ar an ioncam inchánach don bhliain ag baint úsáide as rátaí cánach arna gcur i bhfeidhm nó arna gcur i bhfeidhm go substainteach ar dháta an tuairiscithe agus coigeartú ar bith ar an gcáin atá iníoctha maidir le blianta roimhe sin.

Déantar cáin reatha atá iníoctha ar bhrabús, bunaithe ar an dlí cánach is infheidhme i ngach dlínse, a aithint mar chostas sa thréimhse ina dtagann an brabús chun cinn.

Déantar iarmhairtí cánach na gcaillteanas reatha i gcáin atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh a aithint mar shócmhainn nuair is cosúil go mbeidh brabúis inchánach ar fáil sa todhchaí a ndéantar na caillteanais seo a úsáid ina leith.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Beartais chuntasaíochta ábhartha (ar lean)

2.19 Cánachas (ar lean)

(a) Cáin ioncaim reatha (ar lean)

Ní dhéanfaidh aonán sócmhainní cánacha reatha agus dliteanais chánacha reatha a fhritháireamh ach amháin:

- má tá ceart infhorfheidhmithe le dlí ag an aonán na méideanna aitheanta a fhritháireamh; agus
- má tá sé i gceist ag an aonán socrú ar bhonn glan, nó an sócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh ag an am céanna.

(b) Cáin iarchurtha

Soláthraítear cáin iarchurtha ina hiomláine, ag úsáid an mhodha dliteanais, ar dhifríochtaí sealadacha a thagann chun cinn idir boinn chánach sócmhainní agus dliteanais agus a méideanna carraeireachta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Cinntear cáin iarchurtha ag baint úsáide as rátaí cánach (agus dlíthe cánach) atá curtha i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm go suntasach faoi dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm nuair a réadófar an tsócmhainn cáin iarchurtha lena mbaineann nó nuair a ghlanfar an dliteanas cáin iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cáin nuair is cosúil go mbeidh brabús inchánach ar fáil sa todhchaí a bhféadfaí na difríochtaí sealadacha seo a úsáid agus iad a chur ina leith.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cáin iarchurtha a fhritháireamh nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ann chun dliteanais chánach reatha a fhritháireamh, agus nuair a bhaineann na sócmhainní agus dliteanais cáin iarchurtha le cánacha arna ngearradh ag an údarás cánachais céanna ar an aonán inchánach céanna nó ar aonáin inchánacha éagsúla nuair atá sé beartaithe na hiarmhéideanna a shocrú ar bhonn glan.

Déanann an Ghrúpa measúnú, ar bhun bliantíúil amháin, ar cháin iarchurtha bainteach le caillteanas cánach nach bhfuil in úsáid.

2.20 Soláthairtí, sócmhainní teagmhasacha agus dliteanais

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid dlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an nGrúpa mar gheall ar imeacht atá caite; is ea is dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a réiteach; agus féadfar meastachán iontaoifa a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide. Is é an méid a aithnítear mar sholáthar an meastachán is fearr ar an gcaiteachas a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Dlitéanais theagmhasacha

Is oibleagáid fhéideartha é dliteanas teagmhasach ag brath ar cibé an dtarlaíonn roinnt imeachtaí éiginnte amach anseo, nó oibleagáid reatha ach ní dócha go ndéanfar íocaíocht, nó nach féidir an méid a thomhas go hiontaoifa. Ní aithníonn an Grúpa dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad, ach amháin sa chás gur beag seans a tharlóidh siad.

Sócmhainní teagmhasacha

Ní aithníonn an Grúpa sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad nuair is cosúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha i gceist. Má éiríonn réadú ioncaim geall le cinnte ansin aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann.

Déantar dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha a mheasúnú ar bhonn leanúnach lena chinntiú go léirítear go hiomchuí sna ráitis airgeadais iad.

2.21 Nótaí Stáitchiste

Is nótaí leachtacha, úis iad Nótaí an Stáitchiste a choinnítear tríd an GBCN áit a bhfuil an t-am chun aibíochta ar dháta na fála níos mó ná trí mhí. Aithnítear Nótaí Stáitchiste sa ráiteas ar staid airgeadais. Déantar aon ús is iníochta nó infhaighte ar Nótaí Stáitchiste a thaifeadh i gcostas úis nó in ioncam úis faoi seach.

2.22 Léasanna

Mar Léasaí

Ag tosú an chonartha, measann an Ghrúpa cé acu léas an chonaradh nó an bhfuil léas ann. Is léas é, nó tá léas i, conradh má léiríonn an chonaradh ceart sócmhainn aitheanta a rialú ar feadh tréimhse ama mar chúiteamh ar chomaoin. Déantar an sócmhainn ceart úsáid a dímheas tar éis sin ag úsáid modh an mhéid chothroim. Mar tharlaíonn seo, aithníonn an Ghrúpa sócmhainn ceart úsáid agus dliteanas léasa at dáta tús an léasa.

Tomhaistear an sócmhainn ceart úsáid ag costas ar dtús, a chuimsíonn an méid tosaigh dliteanas léasa coigeartuithe do aon íocaíochtaí léasa déanta ag nó roimh an dáta tosaigh, móide aon costais díreach tabhaithe, lúide aon dreasacht léasa a fuarthas. Dímheastar an sócmhainn ceart úsáid tar éis sin ag úsáid modh an mhéid chothroim ón dáta tosaigh go dtí an dáta ba luaithe idir deireadh saolré ionchais an sócmhainn ceart úsáid nó deireadh an léasa. Déantar sócmhainn an chirt úsáide a mheas le haghaidh lagaithe má tá táscairí lagaithe ann. Má dhéantar measúnú go bhfuil an tsócmhainn cheart úsáide lagaithe laghdaítear an luach tugtha anonn. D'féadfaidh an sócmhainn ceart úsáid do aththomhais áirithe den dliteanas léasa a choigeartú.

2. Beartais chuntasaíochta ábhartha (ar lean)

2.22 Léasanna (ar lean)

As lessee (ar lean)

Tomhaistear an dliteanas léasa ar dtús ag luach reatha na híocaíochtaí léasa nach bhfuil íoctha ag an dáta tosaigh, lascainithe ag úsáid ráta iasachta breisióch. Tomhaistear dliteanas léasa ag costas amúchta ag úsáid an modh ráta úis éifeachtach, Aithnítear speansas úis léasa ar an dliteanas léasa. Aththomhaistear dliteanas léasa nuair atá athrú in íocaíochtaí léasa todhchaíocht. Nuair a aththomhaistear na dliteanais léasa mar seo, déantar coigeartú comhfhreagrach ar shuim ghlanluacha an sócmhainn ceart úsáid.

Mar léasóir

Aithnítear réamhaoine a fuair SRCSN chun críche mar tithíocht shóisialta mar réadmhaoine infheistíochta agus tuairiscítear orthú de déir IAS 40.

Tuairiscítear ioncam cíosa ar éirí ó léasanna oibriúcháin ar mhodh an mhéid chothroim thar téarma an léasa.

2.23 Luach cothrom a chinneadh

Tomhaiseann an Ghrúpa luach cothrom de réir IFRS 13 a sainmhíoníonn luach cothrom agus an praghas a bheadh ar fáil dá ndíolfaí sócmhainn nó dá n-íocfaí as dliteanas a aistriú mar idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ag an dáta tomhais sa phríomh margadh, nó dá éagmais, an margadh is mó tairbhe a bhfuil rochtain ag an nGrúpa air ag an dáta sin, cé acu má tá an praghas sin inbhraite go díreach nó measaithe ag úsáid teicnící luachála eile.

Is ag luach cothrom a aithnítear ionstraimí airgeadais ar dtús agus, ar leith ó shócmhainní airgeadais ag luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas, déantar an tsuim ghlanluacha tosaigh a choigeartú do chostais dhíreacha agus incriminteachta idirbhirt. I ngnáthchúrsa gnó, is ionann an luach cothrom tosaigh agus praghas an idirbhirt (luach cothrom na comaoine tugtha nó faighte).

I ndiaidh aithint tosaigh, is trí úsáid a bhaint as teicnící luachála a chinntear luachanna cothroma. Déanann na teicnící seo iarracht an úsáid is fearr ar fáil go poiblí agus is féidir a bhaint as ionchuir inbhraite ábhartha agus go mbaintear a laghad úsáide agus is féidir as ionchuir neamh-inbhraite. San áireamh sna teicnící luachála a úsáideadh bhí fachtóirí a chreideann bainistíochta bheadh á gcur san áireamh ag rannpháirtithe margaidh agus idirbheart á phraghsáil. Is féidir go mbeadh úsáid a bhaint as idirbhirt ordúla a rinneadh le déanaí idir rannpháirtithe margaidh, tagairt d'ionstraimí cosúla eile, samhlacha praghsála i leith conradh céadrogha, anailís sreabhadh airgid lascainithe agus teicnící luachála eile a mbaineann rannpháirtithe margaidh úsáid astu go minic san áireamh sna teicnící luachála.

Teicnící luachála

I gcás iasachtaí féichiúnaí a thomhaistear ag FVTPL, déantar luach cóir na n-ionstraimí sin a mheas le hionchuir ón mbainisteoireacht trí shamhláí luachála a ghintear go himmheánach bunaithe ar phointí sonraí margaidh in-chomparáide atá roghnaithe. Níl formhór den ionchur suntasach leis na samhláí seo inbhraiteach go héasca sa mhargadh agus mar sin is ó phraghsanna an mhargaidh i ndáil le sócmhainní eile dá macasamhail a dhéantar amach an t-ionchur, nó de réir meastacháin bunaithe ar toimhdí áirithe. Bíonn breithiúnas bainisteoireachta agus meastachán de dhíth chun ionchur príomhúil a úsáidtear a dhéanamh amach dála sreafaí airgid na sócmhainne atá beartaithe don todhchaí, agus srathú na punainne, chomh maith leis na rátaí lascaine oiriúnacha.

Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht luachála le haghaidh iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVTPL ná na sreafaí airgid ionchais a mheas a ghinfidh an tsócmhainn airgeadais agus ansin na luachanna seo a lascainiú ar ais chuig an luach láithreach. I measc na dtoimhdí atá san áireamh sna teicnící luachála seo tá:

- cinneadh a dhéanamh ar an srathú oiriúnach don phunann chun sócmhainní a bhailiú le chéile i ngrúpaí ina bhfuil tréithe riosca cosúla;
- an dóchúlacht atá ann go mbeidh sreafaí todhchaíocha airgid agus an t-amú atá beartaithe leo; agus
- ráta lascaine atá oiriúnach a roghnú le haghaidh sócmhainn airgeadais nó grúpa de shócmhainní airgeadais, bunaithe ar an meastóireacht a dhéanann an mbainisteoireacht ar shaintréithe an urrúis chomhthaobhaigh/an sreabhadh airgid agus faisnéis mhargaidh ábhartha.

Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht luachála na sreafaí airgid ionchais a ríomh faoi théarmaí gach conradh sonrath agus ansin na luachanna seo a lascainiú ar ais chuig an luach láithreach. I measc na dtoimhdí atá san áireamh sna teicnící luachála seo tá:

- Dóchúlacht agus uainiú ionchais sreafaí todhchaíocha airgid na hionstraime. Rialaítear na sreabha airgid sin de réir théarmaí na hionstraime de ghnáth, cé go bhféadfaí gá le breith ón lucht bainistíochta i gcás ina bhfuil amhras faoi chumas an chontrapáirtí freastal ar an ionstraim de réir théarmaí an chonartha. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh sreafaí todhchaíocha airgid íogair do theagmhas imeachtaí todhchaí, athruithe ar rátaí margaidh san áireamh; agus
- Ráta lascaine oiriúnach a roghnú don ionstraim, bunaithe ar na cuair toraidh ráta úis lena n-áirítear cinneadh maidir le raon oiriúnach difríochta don ionstraim don ráta saor ó riosca. Déantar an raon difríochta a choigeartú chun cuntas a dhéanamh de shainphróifíl riosca creidmheasa an nochta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Beartais chuntasaíochta ábhartha (ar lean)

2.23 Luach cothrom a chinneadh (ar lean)

Tá na coigeartuithe i ríomh luach láithreach sreafaí todhchaíocha airgid bunaithe ar fhachtóirí a chreideann bainistíocht a chuirfeadh rannpháirtithe margaidh san áireamh agus an ionstraim airgeadais á praghsáil.

Féadfar ionstraimí airgeadais áirithe eile (sócmhainní agus dliteanais) a luacháil bunaithe ar theicnící luachála a bhfuil gné shuntasach margaidh amháin nó níos mó nach bhfuil inbhraite san áireamh iontu. Nuair a bhíonn teicníc luachála a bhfuil sonraí inbhraite luaite léi á cur i bhfeidhm, déantar meastacháin chun léargas a thabhairt ar neamhchinnteachtaí i luachanna cothroma a eascraíonn as easpa sonraí margaidh. I ndáil leis na hionstraimí seo, níl an tomhas luach cothrom chomh hiontaofa. Is dá nádúr go bhfuil luachálacha bunaithe ar shonraí neamh-inbhraite neamhchinnte mar nach bhfuil ach beagán nó nach bhfuil aon sonraí margaidh reatha ar fáil chun an praghas ag a dtarlódh idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh faoi na coinníollacha margaidh reatha a chinneadh.

D'fhéadfadh go mbeadh coigeartú aschur na teicníce luachála ag teastáil i ndáil le ríomh luach cothrom d'aon ionstraim airgeadais chun léargas a thabhairt ar chostas an riosca creidmheasa, dá mbeadh a leithéid curtha san áireamh ag rannpháirtithe margaidh, sa chás nach bhfuil siad neadaithe sna teicnící bunúsacha luachála.

2.24 Speansais riaracháin

Aithnítear speansais riaracháin ar bhunús fabhrú.

3. Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir IFRS, éilítear go mbainfear úsáid as meastacháin agus go nglacfar le boinn tuisceana a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais chomh maith le nochtheadh sócmhainní agus dliteanais theagmhasacha. Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thairbhí roimhe seo agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar a bheith réasúnach i gcúinsí an cháis. Toisc go mbíonn meastachán ar an dóchúlacht go dtarlódh imeachtaí amach anseo ina chuid de bhreithiúnas an lucht bainistíochta, d'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin sin, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na méideanna a thuairisceofar le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amach anseo.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na boinn tuisceana bhunúsacha a úsáidtear iomchuí agus dá bhrí sin, go léiríonn ráitis airgeadais an Ghrúpa an staid airgeadais agus na torthaí ar bhealach cothrom. Déantar cur síos ar na réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin suntasach i leith na ráiteas airgeadais comhdhlúite, mar a leagtar amach thíos:

3.1 Measúnú ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó cailleanas

Déantar an luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó cailleanas (FVTPL) a mheas ag deireadh gach aon tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis an ionchur príomhúil don mheasúnú ar luach cóir réamhaisnéis ar shreafaí airgid, rátaí lascaine, sreabhadh airgid, toimhdí tráthúlachta agus breithiúnas maidir leis an mbainisteoireacht. Mar chuid de réamh-mheastachán an tsreafa airgid ní mór don lucht bainistíochta meastachán agus breithiúnas suntasach a chleachtadh lena n-áirítear toimhdí maidir le cúinsí eacnamaíocha, feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus luach na comhthaobhachta réadmhaoine bunúscha agus an stráitéis ar glacadh leis go deireanach don fhéichiúnaí sin atá faoi réir athraithe. Féadfar difríocht a bheith ann idir na sreafaí airgid tirim iarbhrí, agus an t-am a tharlaíonn sé, ó na sreafaí airgid tirim formheasta chun na críche an luach cóir a mheas le haghaidh gach aon nasc féichiúnaí.

Déantar na toimhdí a úsáidtear chun méid agus tráthú sreabha airgid na todhchaí a réamh-mheas d'fhéichiúnaithe aonair, maidir le srathú na punainne sócmhainní comhthaobhachta agus maidir leis na rátaí lascaine oiriúnacha le bheith curtha i bhfeidhm in áirímh ar shreafaí airgid lascainithe a athbhreithniú go tréimhsiúil ag an lucht bainistíochta. Is féidir le GNBS breithiúnas bainisteoireachta a fheidhmiú i ndáil le luachanna cóir atá ríomhairithe nó le hionchuir leis an ríomhaireacht um an luach cóir nuair a chreideann sé go léirítear leis sin luach cóir na sócmhainne ar bhealach níos cruinne.

Chun sainaitheantas a dhéanamh, rangáítear iasachtaí féichiúnaí le chéile ar bhonn nasc a dhéanamh. Is éard is nasc ná roinnt mhaith iasachtaí atá rangaithe le chéile agus atá eisithe chuig an iasachtaí céanna nó chuig grúpa d'iasachtaithe atá nasctha ar bhonn eacnamaíochta.

Déantar an luach cóir a mheas le haghaidh gach aon cónasc tríd an luach láithreach den sreabhadh airgid atá formheasta le bheith ginte le gach aon nascadh a dhéanamh amach. Léirítear leis na sreafaí airgid meastachán is fearr an GNBS i ndáil le gach uile nascadh agus áirítear leo diúscairtí comhthaobhacht réadmhaoine agus sreafaí airgid neamh-diúscairte eile (ar nós ioncaim chíosa).

Tá beartas an Ghrúpa maidir le tomhas cóirluacha ar shócmhainní airgeadais leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta 2.23.

Áirítear leis na meastacháin shuntasacha maidir le luach cóir iasachtaí féichiúnaithe an Ghrúpa an amú sreabhaidh airgid, fachtóirí lascainithe agus luach réaduithe luach na sócmhainní chomh maith leis na heis-sreafaí a bhaineann leo. Is ionann an luach tugtha anonn d'iasachtaí féichiúnaí a thomhaistear ar FVTPL amhail an 31 Nollaig 2024 agus €96m (2023: €449m) agus is ionann an t-athrú sa luach cóir le linn na bliana agus €157m (2023: €87m).

3. Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla (ar lean)

3.1 Measúnú ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (ar lean)

Sa tábla a leanann léirítear meastachán ar an tionchar a bhíonn ag athraithe i luachanna comhthaobhachta ag luach cóir iasachtaí féichiúnaí.

Earnáil	+/-1% €m	+/-3% €m	+/-5% €m
Talamh agus Forbairt	+/- 1	+/-3	+/- 6
Réadmhaoin Infheistíochta ⁴	+/- -	+/- -	+/- 1
Iomlán	+/- 1	+/- 3	+/- 7

Sa tábla a leanann léirítear meastachán ar an tionchar a bhíonn ag athraithe i fachtóirí lascainithe ag luach cóir iasachtaí féichiúnaí.

Earnáil	- 5% €m	- 3% €m	- 1% €m	+1% €m	+3% €m	+5% €m
Talamh agus Forbairt	2	1	-	(-)	(1)	(2)
Réadmhaoin Infheistíochta	1	1	-	(-)	(1)	(1)
Iomlán	3	2	-	(-)	(2)	(3)

Sa tábla a leanann léirítear meastachán ar an tionchar a bhíonn ag athraithe i tráthúlacht sreafaí airgid ag luach cóir iasachtaí féichiúnaí.

Earnáil	+ 6 mhí €m	+ 3 mhí €m	- 3 mhí €m
Talamh agus Forbairt	(3)	(2)	2
Réadmhaoin Infheistíochta	(3)	(1)	1
Iomlán	(6)	(3)	3

3.2 Breithiúnas agus meastacháin eile an lucht bainistíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, rinne an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí ag a bhfuil tionchar ar na méideanna a dhéantar a thuairisciú maidir le sócmhainní agus dliteanas ag dáta dheireadh na bliana. D'fhéadfadh torthaí iarbhrí a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Déantar meastacháin agus toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Is iad na breithiúnais shuntasacha arna ndéanamh ag an nGrúpa. Ach amháin iad sin ag baint le luach cothrom iasachtaí féichiúnaí chun na ráiteas airgeadais a ullmhú:

- réadmhaoin infheistíochta,
- infheistíochtaí a rinneadh in ionstraimí cothromais

Réadmhaoin infheistíochta

Is luachálaí réadmhaoin neamhspléach, seachtrach le cáilíochtaí gairmiúla aitheanta cuí agus taithí ar na mallaibh sna catagóirí réadmhaoin atáthar a luacháil a shocraíonn luach cóir réadmhaoin infheistíochta. Tá aschuir ó dhuine de na luachálaí ag brath ar bhreithiúnais na bainistíochta. D'úsáid an luachálaí modh infheistíochta luachála a bhain úsáid as teicníc sreabhadh airgid lascainithe. Ba iad seo a leanas na boinn tuisceanna a bhí san áireamh sa teicníc seo:

- seans feidhmiúcháin roghanna ceannaithe a shocrú;
- ráta glantortha scoir a roghnú bunaithe ar chúinsí a chuimsíonn suíomh agus cineál aonaid cónaithe;
- sreafaí airgid cíosa lascainithe ionchasach a shocrú bunaithe ar rátaí fáis do fho-inneacsanna CPI, ollchéatadáin go glanchéatadáin do chostais oibríochta agus ráta lascainithe.

D'úsáid an luachálaí eile an modh inchomparáide luachála, atá bunaithe ar anailís ar idirbhearta inchomparáide.

Is €423m (2023: €326m) an luach tugtha anonn ar réadmhaoin infheistíochta ag 31 Nollaig 2024 leis an athrú i luach cóir aitheanta sa ráiteas iocaim cuimsitheach ag €42.1m (2023: €0.6m).

⁴ Baineann maoin infheistíochta le Díghiaráil Estáit Neamh-Réadach ("NRE").

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla (ar lean)

3.2 Breithiúnas agus meastacháin eile an luchta bainistíochta (ar lean)

Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais

Agus cóireáil chuntasaíochta iomchuí ar infheistíochtaí in ionstraimí cothromais á gcinneadh, breithnítear eiseadh tionchair shuntasaigh ar bhonn cás le cás, agus na táscairí a leanas á n-úsáid:

- ionadaíocht ar an mbord stiúthóirí nó ar chomhlacht rialaithe coibhéiseach;
- rannpháirtíocht sa phróiseas ceaptha beartas;
- idirbhearta ábharacha idir an dá pháirtí;
- pearsanra bainistíochta a idirmhalartú;
- faisnéis theicniúil rithábachtach a sholáthar; agus
- cearta vótála ionchasacha.

Ag dáta an tuairiscithe, ní raibh aon infheistíochtaí ann in ionstraimí cothromais ina ndearna an Grúpa aon rialú nó tionchar suntasach.

4. Glanghnóthachain ar Iasachtaí Féichiúnaí/Iasachta Idirghrúpa Tomhaiste ag FVTPL

Grúpa	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Gluaiseacht luacha cóir ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	15	156,872	86,776

Déanann an Ghníomhaireacht aicmiú agus tomhas de gach aon sócmhainn airgeadais a mheas de réir thréithe shreafaí airgid tirim conarthacha na sócmhainne agus de réir an tsamhail ghnó atá ag an nGrúpa chun an sócmhainn i gceist a bhainistiú. Déantar athruithe ar an luach cothrom a thuairisciú sa ráiteas ioncaim chuimsithigh de réir bheartas cuntasaíochta 2.10. Áirítear le hiasachtaí arna dtomhas ag FVTPL iasachtaí féichiúnaí a sheilbhítear ó na hinstiúidí a ghlacann páirt agus ó iasachtaí scairshealbhóir.

Féach Nóta 15 le haghaidh tuilleadh sonraí ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL atá i seilbh an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe.

Gníomhaíocht	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Ioncam úis ar iasacht idirghrúpa arna thomhas ag FVTPL	15	37,727	150,722

Déanann an Ghníomhaireacht measúnú ar aicmiú agus ar thomhas gach sócmhainne airgeadais bunaithe ar shaintréithe conartha sreafa airgid na sócmhainne agus ar shamhail ghnó na Gníomhaireachta chun an tsócmhainn sin a bhainistiú. Déantar an iasacht idirghrúpa do BSN a aicmiú mar 'iasacht idirghrúpa a thomhaistear ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas' faoi IFRS 9. Aithnítear athruithe ar luach cóir sa ráiteas ioncaim dcuimsitheach e réir an bheartais chuntasaíochta 2.10. Féach Nóta 15 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le hiasachtaí idirghrúpa arna dtomhas ag FVTPL atá i seilbh na Gníomhaireachta ar an dáta tuairiscithe.

Ghin fochuideachtaí Ghrúpa GNBS brabúis, atá den chuid is mó iníoctha le BSN mar ioncam úis faoi chomhaontuithe iasachta atá rannpháirteach i mbrabús. Ina dhiaidh sin, tar éis aon chaillteanais atá ar fáil a úsáid agus costais a asbhaint, má ghineann BSN brabús tá siad iníoctha le GNBS agus leis an nGníomhaireacht, mar ioncam úis.

5. Glanghnóthchan ar réadmhaoine infheistíochta

Grúpa	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Gluaiseach luach cóir ar réarmhaoine infheistíochta	17	42,072	624

Tomhaistear réadmhaoine infheistíochta ag luach cóir. Aithnítear an difríocht i luach cóir sa ráiteas ioncaim chuimsithigh de réir polasaí cuntasaíochta 2.18. Níos mó sonraí ar réadmhaoine infheistíochta i seilbh an Ghrúpa ag an dáta tuairiscithe ag Nóta 17.

6. Ioncam úis

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Ús ar airgead agus coibhéisí airgid agus Nótaí Státhchiste	12,318	15,539

Cuimsíonn ús ar airgead agus coibhéisí airgid agus Nótaí Státhchiste ús tuillte ar airgead, Nótaí Státhchiste gearrthréimhseacha agus Nótaí Státhchiste coinnithe i rith na bliana.

Gníomhaireacht	2024 €'000	2023 €'000
Ús ar airgead agus coibhéisí airgid agus Nótaí Státhchiste	72	2,001

7. Costas úis agus a chosúil

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Costais úis léasa	1	1

D'aithin an Grúpa costais úis léasa ar dhliteanais léasa de €1k (2023: €1k).

Gníomhaireacht	2024 €'000	2023 €'000
Costais úis ar iasacht idirghrúpa infíoctha	-	1,779

Aithníodh costas úis de €1.8m ar iasacht idirghrúpa ó BISN in 2023. Rinneadh iomlán an iasacht seo a aisíoc i 2023.

8. Ioncam/(Caiteachas) eile

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Dáileacháin ó ionstraim chothromais (a)	852	433
Cailteanas luach coir ar ionstraim chothromais (b)	(451)	(1,468)
Ioncam cíosa Léasa (c)	18,020	16,494
Speansais eile (d)	410	(479)
Iomlán ioncam/(speansais) eile	18,831	14,980

(a) Fuair an Grúpa dáiltí dar luach iomlán €0.9m (2023: €0.4m) ar a ionstraimí cothromais le linn na tréimhse tuairiscithe agus ar a ionstraimí cothromais agus ar fhochuideachta neamh-chomhdhlúite in 2023.

(b) Tá luach coir ionstraimí cothromais GNBS bunaithe ar theicnící luachála lena meastar luach éileamh an Ghrúpa ar shócmhainní foluiteacha an eintitis. Aithnítear athruithe diúltacha ar luach coir €0.5m (2023: €1.5m) sa ráiteas ioncain chuimsithigh de réir bheartas cuntasaoíochta 2.7. Féach Nóta 22 le haghaidh tuilleadh sonraí ar ionstraimí cothromais atá i seilbh an Ghrúpa amhail an dáta tuairiscithe.

(c) Saothraítear ioncam cíosa léasa ó mhaoín chónaithe a léasú le comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus le húdaráis áitiúla chun críocha tithíochta sóisialta. Tugtar cuntas air ar bhonn líne díri thar théarma an léasa de réir bheartas cuntasaoíochta 2.22.

(d) I measc na gcostas eile tá €0.1m (2023: €0.5m) chun dliteanais glacadóireachta a urscaoileadh arna fhritháireamh le scaoileadh €0.4m chun dliteanais glacadóireachta 2023 a urscaoileadh (2023: €Nialas). Laghdaíodh na costais sin tuilleadh le scaoileadh €0.1m (2023: €Nialas) d'fhoráil le haghaidh costais ionchais a bhaineann le hús a ríomh ar iasachtaí féichiúnaí áirithe.

Gníomhaireacht	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Costais cúitithe ó BISN	11	30,958	21,241
Incain rannta ó GINBS		242,000	-
Ioncam iomlán eile		272,958	21,241

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. Glanbhrabús/(glanchaillteanas) ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Glanbhrabús/(glanchaillteanas) ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí	29,147	(9,623)

Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí a thomhas mar an difríocht idir na fáiltais a fhaightear, lena n-áirítear aon chomaoin iarchurtha, lúide costais ghaolmhara agus glanluach glanluacha na n-iasachtaí. Réadaigh an Grúpa brabús comhlán de €29.5m (2023: caillteanas €9.3m) maidir le diúscairt agus athmaoiniú iasachtaí sa bhliain airgeadais. Mar thoradh ar choigeartú le haghaidh costais diúscairtha €340k (2023: €266k), tá glanbhrabús €29.1m ar dhiúscairt iasachtaí (2023: caillteanas €9.6m).

Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon iasachtaí a dhiúscairt.

10. Glanbhrabús ar dhiúscairt sócmhainní réadmhaoine

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Glanfháiltais ó dhiúscairt infheistíochtaí réadmhaoine	2,000	88
Costas bainteach de shócmhainní réadmhaoine a íocadh	(105)	(16)
Glanbhrabús iomlán ar dhiúscairt agus athmaoiniú sócmhainní réadmhaoine	1,895	72

Déantar brabús nó caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine a thomhas mar an difríocht idir fáiltais díolacháin faighte agus luach anonn na sócmhainní réadmhaoine sin lúise na costas díola atá gaolmhar leo. Réadaigh an Grúpa glanbhrabús de chuid €1.9m (2023: €72k) ar dhiúscairt na sócmhainní réadmhaoine trádála sa bhliain airgeadais. Ní dhearna an Ghníomhaireacht aon aonaid réadmhaoine a dhiúscairt mar nach bhfuil aon shócmhainní réadmhaoine ag an Ghníomhaireacht.

11. Costais riaracháin

Grúpa	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Costais in-aisíochta le GBCN	11.1	30,958	21,241
Táillí príomhsheirbhíseora	11.2	2,330	2,911
Táillí máistir-sheirbhíseora	11.3	793	938
Táillí bainistíochta punainne	11.4	1,692	2,180
Táillí dlí	11.5	870	682
Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta	11.6	6,242	4,211
Costais chíosá agus áitíochta	11.7	2,028	1,846
Táillí iniúcháireachta inmheánacha	11.8	431	511
Luach saothair an iniúchta seachtraigh	11.9	450	558
Táillí agus costais an Bhord agus an Choiste	11.10	227	246
Iomlán na gcostas riaracháin		46,021	35,324

Gníomhaireacht	Note	2024 €'000	2023 €'000
Costais riaracháin			
Costais in-aisíochta le GBCN	11.1	30,958	21,241
Táillí agus costais an bhoird agus coiste	11.10	227	246
Iomlán na gcostas riaracháin		31,185	21,487

Aithnítear na costais in-aisíochta le GBCN mar chostas don GNBS. Aisíocann BISN na costais uile, seachas táillí Boird agus coiste agus costais tabhaithe ag an GNBS, leis an GNBS. Chúitigh BISN costais iomlána de chuid €32.3m (2023: €21.2m) le GNBS an Ghníomhaireacht.

11. Costais riaracháin (ar lean)

Gníomhaireacht	Note	2024 €'000	2023 €'000
Costais in-aisíochta le GNBS			
Costais in-aisíochta le BISN	11.1	30,958	21,241

11.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN

Faoi Alt 42 (4) den Acht, tá dualgas ar an GNBS na costais tabhaithe ag GBCN de thoradh a fhoireann a shannadh agus seirbhísí a sholáthar don GNBS a chúiteamh le GBCN. Tá na costais san áireamh sna méideanna nochtaithe i ráitis airgeadais GNBS mar gheall ar am a ghlac sé a dá ráiteas airgeadais a chuir le chéile.

Cuimsítear costais ó costais foirne de €26.0m (2023: €16.1m) agus forchostais agus costais seirbhísí roinnte de €5.0m (2023: €5.1m).

Tabhaíonn GBCN costais indíreacha ar nós tuarastail, cíós, TF, seirbhísí oifige agus gnó. Ina theannta sin, soláthraíonn GBCN seirbhísí comhroinnte do GNBS, lena n-áirítear TF, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Ba ionann costas tuarastail fhostaithe leithdháilte GBCN (nach Oifigigh an GNBS iad) a sholáthraigh na seirbhísí sin do GNBS le linn 2024 agus €2.5m (2023: €2.3m).

D'aontaigh GNBS cuid coibhneasach de chostais forchostais seachtach tabhtah ag an GNBS a aisíoc ar bhun lárnach áit a deachaigh chun leasa GNBS go díreach nó go hindíreach tríd soláthar earraí agus seirbhísí gaolmhar. Tá costais teicneolaíocht faisnéise, seirbhísí oifige agus gnó, chomh maith le dímhéas in mar úsáid sócmhainn seasta agus forchostais lárnach eile san áireamh.

Gearrtar na costais tabhaithe ag GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht) agus déanann NALM an Ghníomhaireacht a chúiteamh.

Costais foirne

Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa. Tá an pearsanra ar fad fostaithe ag GBCN agus déanann GBCN costas tuarastail na foirne atá ag obair go lánaimseartha i ngnó an GNBS a athmhúirearú ar an nGrúpa. Ba ionann an costas tuarastail iomlán lena n-áirítear costais pinsin don tréimhse tuairiscithe agus €26.0m (2023: €16.16m). Is gá na nochtaithe aisíochta a leanas faoi Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód").

Bailiúcháin cistí leasa foirne	2024 €m	2023 €m
Bunphá	10.3	11.3
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	0.3	0.3
Liúntas	0.1	0.1
<i>Sochar foirne gearr-théarmach</i>	10.7	11.7
Sochar foirceannaithe	12.4	1.2
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	1.2	1.3
Ranníocaíochtaí pinsin	1.7	1.9
Bailiúcháin cistí leasa foirne iomlán	26.0	16.1

Ba é líon na bhfostaithe de chuid an GBCN a bhí páirteach go díreach sa Ghrúpa ('Oifigigh GNBS') ag an dáta tuairiscithe ná 81 (2023: 92).

Rinneadh na híocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht 2024 de €0.3m (2023: €0.3m) le 51 ball foirne (2023: 31) agus baineann siad leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Chuir GNBS tús lena Scéim Dheonach Iomarcaíochta deiridh (VRS) in 2024. Déantar foráil do 75 fostaí san iomlán a shanntar do GNBS sa VRS 2024 (2023: 9 bhfostaí). Aithníodh costais €12.4m (2023: €1.2m) a bhaineann le sochair fhoirceanta (lena n-áirítear VRS, saoire gairdín, ÁSPC agus pinsean) in 2024. Bhí costais €7.4m (2023: €0.7m) inchurtha i leith íocaíochtaí reachtúla agus íocaíochtaí iomarcaíochta eile; bhain €1.8m (2023: €0.2m) leis an "scéim coinneála NAMA"⁵ agus €3.2m (2023: €0.3m) le haghaidh saoire gairdín. Is ollchostais ÁSPC agus pinsin iad na costais fhoirceanta go léir. Íocfar saoire gairdín le baill foirne atá ag imeacht mar chuid de VRS 2024 i gcomhréir le gach VRS eile roimhe seo. Faoi VRS 2024, cuirfear 75 ball foirne ar shaoire gairdín idir trí mhí agus sé mhí (2023: 9). Seachas na fostaithe sin a bhí ag imeacht faoi na scéimeanna VRS, níor cuireadh aon bhall foirne ar saoire gairdín le linn 2024 (2023: Niallas).

Tá Oifigigh an GNBS ina mbaill de Scéim Pinsean Sochair Shainithe GBCN agus déanann GBCN ranníocaíochtaí sa scéim seo thar ceann na bhfostaithe úd. Déantar costas na ranníocaíochtaí pinsean seo a athmhúirearú ar an GNBS. Tá costas na ranníocaíochtaí pinsean le fáil i Nóta 30.

5 Níl feidhm ag an scéim choinneála ach amháin i gcúinsí ina ndéantar baill foirne iomarcach, inar chomhlíon siad na caighdeáin riachtanacha go léir agus inar fhan siad le GNBS ar feadh na tréimhse a theastaíonn chun sainordú reachtúil na Gníomhaireachta a chomhlíonadh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

11. Costais riaracháin (ar lean)

11.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN (ar lean)

Costais foirne (ar lean)

I measc na gcostas foirne tá tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar atá luaite anseo thíos:

Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	2024 €	2023 €
Tuarastal	430,000	430,000
Sochair incháinithe	21,812	19,467
	451,812	449,467

San áireamh i luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tá buntuarastal, sochair incháinithe agus íocaíocht i gcoibhneas le feidhmíocht de suas le 60% de thuarastal bliantúil. Is ionannsochar incháinithe agus sochar tuillte le linn an tréimhse tuarastála agus is féidir le árachas sláinte, carr cuideachta agus síntiús proifisiúnach bheith san áireamh. Bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin incháilithe le breithniú chun íocaíochtaí feidhmíochta a dhámhachtain do 2023 agus 2024 araon, áfach, tharscaoil sé a theidlíocht le breithniú do na híocaíochtaí feidhmíochta seo.

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin téarmaí caighdeánacha scéim eiseamláireach aoisliúntais na hearnála poiblí. Is é POF GBCN a chinneann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndiaidh comhairliúcháin le Bord GNBS. Le comhairle á tabhairt maidir le luach saothair, soláthraítear faisnéis do Choiste Comhairleach GBCN ó dhearcthaí Choiste Luach Saothair GBCN amidir le dualgais an Bhoird polasaí Rialtas a chuir i bhfeidhm ag baint leis an luach saothar seo.

Príomhphearsanra bainistíochta

Sainítear príomhphearsanra bainistíochta faoin gCód mar na baill foirne sin a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Bhí 4 (2023: 4) tuarascáil bainistíochta díreach ag Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le linn 2024 agus ba ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leo i 2024 agus €1.0m (2023: €1.0m).

Sochair Uile na bhFostaithe

Tá sochair uile na bhfostaithe, laistigh de bhandaí pá de €25,000 ó €50,000 suas ag 31 Nollaig 2024 agus 2023, leagtha amach sa tábla a leanann.

Banda pá	Uimhir fostaithe 2024	Uimhir fostaithe 2023
suas go €50,000	-	-
€50,001 - €75,000	8	14
€75,001 - €100,000	13	12
€100,001 - €125,000	24	30
€125,001 - €150,000	18	17
€150,001 - €175,000	10	10
€175,001 - €200,000	2	3
€200,001 - €225,000	4	1
€225,001 - €250,000	-	3
€250,001 - €275,000	-	-
€275,001 - €300,000	1	1
€300,001 - €325,000	-	-
€325,001 - €350,000	-	-
€350,001 - €375,000	-	-
€375,001 - €400,000	-	-
€400,001 - €425,000	-	-
€425,001 - €450,000	-	1
€450,001 - €475,000	1	-
Iomlán	81	92

Áirítear leis an luach saothair iomlán an buntuarastal, pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus aon sochair inchánacha íochta le fostaithe. Ní áirítear leis ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra. Cuirtear an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) i bhfeidhm do fhostaithe GBCN.

11. Costais riaracháin (ar lean)

11.1 Costais in-aisíochta leis an GBCN (ar lean)

Caiteachas ar Fháilteachas

Mar is gá a nochtadh faoin gCód, tá an caiteachas ar fháilteachas a tabhaíodh le linn na bliana leagtha amach thíos:

	2024 €	2023 €
Leas Foirne	900	885
Deonacháin Sport agus sóisialta	4,564	5,498
Imeachtaí foirne	12,025	13,150
	17,489	19,533

Bhain an chuid is mó de chostas leasa na foirne ranganna agus clár follaíne. Eagraíonn an GBCN iad sin agus tá foireann an GNBS incháilithe le leas a bhaint as na sochair sin.

Tá Coiste Spóirt agus Sóisialta curtha ar bun ag an GBCN don fhoireann uile, agus is féidir leo dul isteach ann ar bhonn deonach agus táillí ballraíochta a íoc. D'aontaigh an GNBS ranníocaíocht a dhéanamh le costais na ngíomhaíochtaí eagraithe ag an gCoiste sa chás ina mbaineann baill foirne GNBS leas as na gníomhaíochtaí. Thabhaigh an GNBS costas de €4.6k le linn 2024 (2023: €5.5k) i ndáil leis na gníomhaíochtaí eagraithe ag an gCoiste.

Reachtáladh imeacht i rith na bliana chun nuashonrú Gnó agus Straitéise a chur ar fáil d'fhoireann GNBS agus chun aitheantas a thabhairt don ranníocaíocht thábhachtach agus luachmhar a rinne foireann GNBS ar chostas €8.5k (2003: €7.5k). I measc na gcostas eile a bhaineann le himeachtaí foirne tá sciar GNBS d'imeachtaí foirne arna n-eagrú ag GBCN agus tugtar cuireadh d'oifigigh GNBS freastal orthu.

Costais Taistil

Ba ionann na costais taistil iomlána a tabhaíodh le linn 2024 agus €5.5k (2023: €3.5k), nár bhain aon chuid de le taisteal idirnáisiúnta.

11.2 Táillí Príomhsheirbhíseora

San áireamh i dtáillí príomhsheirbhíseora tá táillí íochta le AIB agus BCM Global ASI Limited a sheirbhísiú. a riarann na hiasachtaí agus na hinfháiltais a d'eascair laistigh de gach Institiúid Rannpháirteach. chomh maith le bainistíocht cuntais reatha gearrtha. Tá na táillí Príomhsheirbhíseora bunaithe ar comhaontaithe seirbhísí leis na solathraí seirbhísí (BCM Global ASI Limited) agus aisghabháil costais.

Tá na méideanna iníochta le gach páirtí gaolta (Institiúidí Rannpháirteacha) sonraithe i Nóta 30, nochtadh páirtithe gaolmhara. Is €2.3m (2023: €2.9m) a bhí táillí príomhsheirbhíseora le linn na bliana airgeadais.

11.3 Táillí Máistir-Sheirbhíseora

Áirítear i dtáillí máistir-sheirbhíseora táillí íochta leis an Máistir-Sheirbhíseoir, BCM Global ASI Limited. Soláthraíonn BCM Global ASI Limited seirbhísí riaracháin iasachtaí agus bainistíochta sonraí don Ghrúpa. Is €0.8m (2023: €0.9m) na táillí máistir-sheirbhíseora don chliain airgeadais

11.4 Táillí bainistíochta punainne

Baineann táillí bainistíochta punainne le táillí tabhaithe i mbainistíocht agus tacaíocht leanúnach féichiúnaithe. San áireamh sna costais áirítear táillí luachála réadmhaoine, cuardaigh sócmhainní agus clárlainne táillí, costais díolacháin iasachtaí agus costais árachais.

11.5 Táillí Dlí

San áireamh i dtáillí dlí tá táillí íochta le gnólachtaí seirbhíse gairmiúla i ndáil le comhairle dlí i bainistíocht leanúnach agus tacaíocht féichiúnaithe. San áireamh sna táillí dlí de €0.9m (2023: €0.7m) tá costais iomlán socraíochta de €7k (2023: €Nialas).

11.6 Costais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta

Cuimsítear costais tabhaithe le linn na bliana ag baint le TE, comhairle úis agus costais riaracháin eile i gcostais airgeadais, cumarsáide agus teicneolaíochta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

11. Costais riaracháin (ar lean)

11.7 Costais chiosa agus áitíochta

Áirítear i gcostais chiosa agus áitíochta costais tabhaithe i rith na bliana i ndáil leis na háitribh a bhfuil an Grúpa ag baint úsáide astu.

Tá léasa ag an ghrúpa le GBCN maidir le Duga an Státchiste. Bhí an comhaontas i bhfeidhm ó Bhealtaine 2018 le haghaidh téarma léasa 4 bliana. Cuireadh síneadh leis na léasanna d'úrláir áirithe i nDuga an Státchiste go dtí deireadh mhí na Nollag 2025. Áirítear sa mhuirear muirear dímheasa €1.3m (2023: €1.3m) ar shócmhainní cearta úsáide agus costais áiseanna roinnte €0.4m (2023: €0.4m).

Tá breis eolais faoi léasanna i Nóta 24 Sócmhainní eile, Nóta 25 Dlíteanais eile, Nóta 27 Tiomantais agus dlíteanais theagmhasacha agus Nóta 30 Nochtadh páirtithe gaolmhara.

Baineann an t-iarmhéid atá fágtha le costais áitíochta.

11.8 Táillí iniúchóireachta inmheánacha

D'úsáid an Grúpa seirbhísí gnólacht iniúchóireachta seachtraí (Deloitte) chun ról an iniúchta inmheánaí a chomhlíonadh don Ghrúpa. Baineann na táillí atá tabhaithe go dtí seo leis an iniúchadh ar phróisis ghnó a rinne na hiniúcháirí inmheánacha agus tuairisciú a rinneadh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha.

11.9 Luach saothair iniúchta sheachtraigh

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Iniúchadh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ghrúpa GNBS agus fíochuideachtaí	192	300
Iniúchadh an Iniúcháir Reachtúil ar fhóchuideachtaí cuideachta GINBST DAC	258	258
Luach saothair iomlán an iniúchta sheachtraigh	450	558

Ní chuireann an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (mar inichóir seachtrach) aon seirbhísí ráthaíochta, comhairle cánach nó seirbhísí neamhiniúchóireachta ar fáil go an GNBS.

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Iniúcháir an GNBS i gcomhréir le hAlt 57 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

De bhun na gceanglas in Acht na gCuideachtaí 2014, éilítear ar GNBS iniúcháir reachtúil a cheapadh ar leithligh i leith chuideachtaí laistigh de Ghrúpa an GINBST a meastar a bheith ag trádáil ar mhaithe le sochar. Ós rud é go bhfuil GINBST afus a fhóchuideachtaí cuideachta af feidhmiú le díbhinní a thabhairt ar ais dá scairshealbhóirí meastar é a bheith ag trádáil ar mhaithe le sochar. Ceapadh Forvis Mazars, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla agus Cuntasóirí Cairte, mar iniúcháirí reachtúla ar fhóchuideachtaí Ghrúpa GNBS in 2022. Ba é €210k (gan CBL san áireamh) an táille iniúchóireachta a comhaontaíodh do 2024 (2023: €230k).

Le linn na bliana, chuir Forvis Mazars seirbhísí dócmhainneachta ar fáil inar cheap GNBS iad le gníomhú ar son fhéichiúnaithe GNBS a bhfuil dualgas cúraim orthu i leith GNBS de réir mar atá forordaithe sa dlí. Is iad féichiúnaithe GNBS faoi seach a íocfaidh na táillí de €0.1m (2023: €0.1m) a tabhaíodh le linn na bliana agus ní hionann iad agus costas oibríochtúil de chuid GNBS, agus dá bhrí sin níl siad léirithe i ráiteas ioncaim chuimsithigh an Chuideachta.

11. Costais riaracháin (ar lean)

11.10 Táillí an Bhord agus an Choiste GNBS

Tá táillí an Bhoird agus an Choiste GNBS leagtha amach sa tábla a leanas, agus iad faomhaithe and an Aire Airgeadais.

	2024 €	2023 €
Aidan Williams (Cathaoirleach)	45,000	45,000
Sinead Curry (thosaigh téarma 24 Iúil 2023)	30,000	13,171
Oliver Ellingham (téarma críochnaithe 09 Aibreán 2023)	-	8,137
Mari Hurley (téarma críochnaithe 8 Aibreán 2024)	9,467	35,000
Eileen Maher	30,000	30,000
Davina Saint	33,648	30,000
Charlotte Sheridan	30,000	30,000
Michael Wall	30,000	30,000
Táillí Boird	208,115	221,308
Costais an bhoird	65	908
Costais Iomlán an Bhoird	208,180	222,216
An Coiste Comhairleach Pleanála		
Angela Tunney	3,000	4,000
An Coiste Iniúcháireachta		
Liam Gallagher	8,000	10,000
Sean Quigley	8,000	10,000
Táillí an Choiste	19,000	24,000
Iomlán na dTáillí Boird agus Coiste	227,180	246,216

Socraíonn an tAire Airgeadais táillí Bhord GNBS. Ní fhaigheann Conor O’Kelly (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBCN go dtí 30 Meitheamh 2022), Frank O’Connor (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS ó 1 Iúil 2023), Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS), mar bhaill ex-officio aon luach saothair de bhrí gur ag feidhmiú mar chomhaltaí de bhrí oifige an Bhoird atá siad. Tá costais inioctha i leith an Bhoird agus bhaill Coiste leagtha amach thíos.

	2024 €	2023 €
Oliver Ellingham	-	821
Eile	65	87
	65	908

11.11 Táillí comhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta, de réir mar atá sainmhínithe sa Chód, an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don ghnó ach ní áirítear feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’ arna seachfhoinsiú. Tá na costais chomhairleachta a leanas san áireamh leis na ceannteidil ábhartha sna costais riaracháin íoctha le linn na bliana:

Grúpa	2024 €’000	2023 €’000
Táillí dlí	1,106	394
Costais airgeadais, chumarsáide agus teicneolaíochta	1	2
Iomlán na dtáillí comhairleachta	1,107	396

Tuairiscítear iomlán na dtáillí dlí a thuairiscítear faoi tháillí Comhairleoireachta ar bhonn airgid thirim ach aithnítear costais Riaracháin ar bhonn fabhraithe. San áireamh le hathmhuirearú GNBS, tá costas €56k (2023: €45k) le haghaidh táillí comhairleachta arna dtabhú ag GNBS agus arna n-athmhuirearú ag GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

12. Gnóthchain airgeadra eachtraigh

Grúpa	Note	2024 €'000	2023 €'000
Gnóthchain airgeadra eachtrach ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL (a)	15	191	116
Gnóthchain airgeadra eachtrach réadaithe malairte ar spotaí airgeadais (b)		5	3
Gnóthchain airgeadra eachtrach ar airgead tirim (c)		22	34
Gnóthchain iomlána ar airgeadra eachtrach		218	153

(a) Eascraíonn gnóthchain um aistriú airgeadra eachtrach ar iasachtaí féichiúnaithe ar athluacháil iasachtaí agus infháltas airgeadra eachtrach ainmnithe. Aithnítear méideanna aistrithe airgeadra eachtrach de réir bheartas 2.6.

(b) Is féidir leis an Grúpa páirt a ghlacadh in idirbhearta airgeadaíochta nó spotaí d'fhonn a nochtadh do luaineachtaí ráta malairte a laghdú, luaineachtaí a eascraíonn ó iasachtaí féichiúnaithe. Cuimsíonn an gnóthchain ar spotaí gnóthchain réadaithe.

(c) Eascraíonn gnóthchain airgeadra eachtraigh ar airgead tirim mar thoradh ar luaineacht i rátaí airgeadra eachtraigh sna hiarmhéideanna airgid éagsúla neamh-Euro.

13. Muirear cánach

Grúpa	Note	2024 €'000	2023 €'000
Cáin reatha			
Cáin chorparáide Éireannach		(17,802)	(4,886)
Cáin iarchurtha			
Ar ghluaiseachtaí luach cothrom ar ionstraimí cothromais agus difríochtaí shealadacha eile		(28)	(82)
Cáin iarchurtha iomlán aitheanta sa ráiteas ioncaim chuimsithigh	23	(28)	(82)
Muirear úis iomlán		(17,830)	(4,968)

Seo a leanas réiteach na cánach ar bhrabús ag ráta corparáideach ábhartha na hÉireann i ndáil le muirear cánach iarbhair an Ghrúpa don bhliain:

Réiteach cánach ar bhrabús

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Brabús roimh cánachas	215,331	73,196
Cáin ríofa ag ráta cánach 25%	53,833	18,299
Éifeacht:		
Speansais asbhainte	(15,755)	(14,458)
Caillteanais chánach nár úsáidíodh/(úsáidte)	5,493	(106)
Coigeartú an bhliain roimhe	98	-
Ioncam cáinithe ag ráta níos airde	-	26
Ioncam cáinithe ag ráta níos ísle	(16,659)	(4,283)
Gluaiseachtaí luach cóir neamh-inchánach	(9,371)	5,026
Sócmhainn chánach iarchurtha nach n-aithnítear	191	464
Muirear cánach	17,830	4,968

13. Muirear cánach (ar lean)

Eascaíonn muirear cánach corparáide Éireannach reatha de chuid €17.8m (2023: €4.9m) ar an mbrabús tuillte ag GINBS. Tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó cháin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóthachan caipitiúil na hÉireann.

Tá brabús formhór na cuideachtaí lastigh den Ghrúpa faoi réir cáin ag ráta 25%, ach amháin GINBST ag a bhfuil ráta cáin infheidhme cothrom le 12.5%.

Níl aon dliteanais theagmhasacha bainteach le cáin ioncaim agus sócmhainní teagmhasacha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de réir IAS 37, Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha. Ní eascraíonn éifeachtaí suntasacha ar bith as athruithe ar rátaí cánach nó dlíthe cánach i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe.

14. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	42,144	289,163
iarmhéideanna le bainc eile	8,247	16,338
Nótaí Stáitchiste gearrthéarmacha	320,000	-
Airgead agus coibhéisí airgid iomlána	370,391	305,501
Gníomhaireacht	2024 €'000	2023 €'000
iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann	4,866	2,029

Áirítear iarmhéideanna le Citibank agus AIB hiarmhéideanna le bainc eile. Is nótaí úsmhara iad Nótaí Stáitchiste Gearrthéarmacha a choinnítear tríd an GBCN le haibíochtaí de thrí mhí nó níos lú ar dháta na fála.

Níor aithníodh aon cailteanas creidmheasa ionchais ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

15. Iasachtaí féichiúnaí/iasachta idirghrúpa tomhaiste ag FVTPL

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag luach cóir trí bhrabús nó cailteanas	95,625	449,207

Léirítear sa méid atá leagtha amach thuas luach tugtha anonn na n-iasachtaí féichiúnaí amhail an dáta tuairiscithe atá aicmithe agus tomhaiste mar FVTPL. Déanann an Ghníomhaireacht aicmiú agus tomhas de gach aon sócmhainn airgeadais a mheas de réir thréithe shreafaí airgid tirim conarthacha na sócmhainne agus de réir an tsamhail ghnó atá ag an nGrúpa chun an sócmhainn i gceist a bhainistiú. Áirítear leis an iarmhéid seo iasachtaí féichiúnaí a sheilbhítear ó na hinstiitúidí a ghlacann páirt, ó iasachtaí féichiúnaí arna n-airleacan ag an nGrúpa. Ag 31 Nollaig 2023 bhí iasachtaí scairshealbhóra san áireamh san iarmhéid sin chomh maith. Áirítear leis an iarmhéid seo creidmheas €2.5m (2023: €5.1m) a bhaineann le roinnt nasc iasachta féichiúnaí i gcás ina sáraíonn eis-sreafaí airgid ionchasacha insreafaí ionchais ar an dáta tuairiscithe. Leanann GNBS ag iarraidh luach a bhaint as na naisc iasachta féichiúnaí seo.

Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVTPL don tréimhse tuairiscithe.

Grúpa	Nóta	2024 €'000	2023 €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		449,207	526,602
Gluaiseacht sa bhliain			
Fáltais ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL (airgead tirim agus neamh-airgead tirim)		(581,577)	(301,743)
Réamhíocaíochtaí d'iasachtaithe (airgead tirim agus neamhairgid)		88,945	146,371
Gnóthachain malartán eachtrach ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste tomhaiste ag FVTPL	12	191	116
Gluaiseachtaí eile ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL		155	442
Aistriú chuig infheistíochtaí réadmhaoine		(47,655)	-
Brabús/(cailteanas) ar dhiúscairt agus athmaoiniú iasachtaí féichiúnaí tomhaiste ag FVTPL	9	29,487	(9,357)
Gnóthachain ar luach cóir ar iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	4	156,872	86,776
Iasachtaí féichiúnaithe iomlán a thomhaistear ar FVTPL		95,625	449,207

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Iasachtaí féichiúnaí/iasachta idirghrúpa tomhaiste ag FVTPL (ar lean)

Áirítear le fáiltais ar iasachtaí féichiúnaí arna dtomhas ag FTPVL €12.6m (2023: €51m) a fuair GNBS ó naisc/ghlacadóirí féichiúnaí maidir le diúscairtí sócmhainní chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún (comhlacht tráchtála, státurraithe). Cuireadh na sócmhainní seo ar an margadh go hoscailte agus bhí diúscairtí ar bhonn téarmaí neamhthuilleamaí/tráchtála.

An Gníomhaireacht	2024 €'000	2023 €'000
Iasachtaí idirghrúpa tomhaiste ag FVTPL	37,946	161,219

Léirítear sa mhéid atá leagtha amach thuas luach tugtha anonn an iasacht bhrabúsbhainte le BSN amhail an dáta tuairiscithe atá aicmithe agus tomhaiste mar FVTPL. Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar an ngluaiseacht in iasachtaí féichiúnaí san idirghrúpa tomhaiste ag FVTPL don tréimhse tuairiscithe.

An Gníomhaireacht	2024 €'000	2023 €'000
Iar mhéid ag 1 Eanáir	161,219	417,855
Gluaiseacht sa bhliain		
Aisíoc iasacht idirghrúpa (airgead tirim agus neamh-airgead)	(161,000)	(407,358)
Ús iasachta ar iasachtí idirghrúpa tomhaiste ag FVTPL	37,727	150,722
Iasacht idirghrúpa iomlán tomhaiste ag FVTPL	37,946	161,219

Más rud é gur féidir an an iasacht idirghrúpa seo a íoc ar éileamh, níl aon gnóthachan nó cailteanas ar luach cóir ag baint leis.

16. Fardail – ionaid réadmhaoine arna dtrádáil

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
Réadmhaoine infheistíochta	-	100

Aithnítear réadmhaoine de réir bheartas cuntasafíochta 2.19. Diúscaíodh an mhaoin trádála eile le linn 2024.

17. Réadmhaoine infheistíochta

Group	2024 €'000	2023 €'000
Réadmhaoine infheistíochta - SRCSN	356,000	326,000
Réadmhaoine infheistíochta - GINBS	67,450	-
Iomlán réadmhaoine infheistíochta	423,450	326,000

I mí Mheán Fómhair 2019, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir do GNBS úinéireacht a choinneáil ar SRCSN. Aistreoidh SRCSN chuig an Gníomhaireacht Forbartha Talún ó GNBS in 2025. Mar chuid den phróiseas aistrithe comhaontaithe, beidh an t-aistriú ag luacháil GNBS agus beidh sé mar chuid de ranníocaíocht Barrachais Saoil GNBS le Stát na hÉireann. Ag an dáta tuairiscithe, níl an t-aistriú beartaithe curtha i gcrích go fóill.

Le linn 2024, fuair GINBS dhá láithreán forbartha cónaithe a raibh acmhainneacht agus acmhainn bhreisluacha shuntasach acu do c.4,000 aonad cónaithe. Coinneofar na láithreáin seo laistigh d'úinéireacht stáit agus táthar ag súil go n-aistreoidh siad ó GNBS chuig eintreas stáit eile roimh dheireadh 2025, tar éis don Aire Airgeadais treoir a thabhairt dóibh.

Iompraítear réadmhaoín infheistíochta ar luach cóir. Áirítear ioncam cíosa ar réadmhaoín infheistíochta i Nóta 8 mar Ioncam Cíosa Léasa. Áirítear costais a íocann SRCSN agus GINBS ar na réadmhaoine infheistíochta laistigh de tháillí bainistíochta punainne i Nóta 11.

17. Réadmhaoine infheistíochta (ar lean)

Achoimríonn an tábla a leanas an ghluaiseacht i réadmhaoine infheistíochta don tréimhse tuairiscithe.

Réadmhaoine infheistíochta	Note	2024 €'000	2023 €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		326,000	325,000
Costais tabhaithe ar réadmhaoine infheistíochta		4,007	376
Costais idirbhirt ar éadálacha		3,716	
Fáil ó iasachtaí féichiúnaí	15	47,655	-
Gluaiseachtaí luach cóir	5	42,072	624
Iarmhéid ag 31 Nollaig		423,450	326,000

18. Bainistíocht riosca

Tá an Grúpa faoi réir roinnt rioscaí agus éiginnteachtaí i ngnáthchúrsa a ghníomhaíochtaí gnó. I measc na bpríomhrioscaí agus éiginnteachtaí gnó tá gnáthchoinníollacha maicreacnamaíocha. Ní féidir a bheith cinnte faoi impleacht nó dóchúlacht na rioscaí seo agus níl smacht ag an nGrúpa ar go leor acu. Is é an Bord atá freagrach as rialachas gach gníomhaíocht riosca agus tá creat bunaithe chun riosca ar fud an Ghrúpa a bhainistiú.

Le cois na ngnáthrioscaí thuasluaite, eascraíonn rioscaí sonracha as ionstraimí airgeadais a úsáid. I measc na bpríomhchatagóirí riosca aitheanta agus á mbainistiú ag an nGrúpa mar chuid dá ghnó laethúil tá riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus maoinithe, riosca margaidh, praghasriosca agus riosca oibriúcháin.

Bainistiú sócmhainní agus dliteanas

Baintear bainistiú shócmhainní agus dhliteanas GNBS amach trí straitéisí atá ceadaithe ag an mBord a chur i bhfeidhm. Tá GNBS neamhchosanta ar riosca ráta úis maidir le saoráidí iasachta (PAR fhiachas den chuid is mó) agus sócmhainní leachtacha a bhainistiú agus ar riosca malairte eachtraí maidir le sócmhainní airgeadra eachtraigh a bhainistiú.

Tá glactha ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord le beartas stuamachta leachtachta a cothabháil maolán leachtachta íosta nó cúlchiste airgid. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an maolán seo ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán bainistíochta sócmhainní agus dliteanas.

Rialachas agus Maoirseacht Riosca

An Coiste Bainistíochta Riosca

Tá an Coiste Bainistíochta Riosca, fochoiste den Bhord, freagrach as bainistíocht agus comhlíonadh riosca sa Ghrúpa trí chéile. Déanann sé athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar phríomhrioscaí bunúsacha an ghnó agus cinntíonn sé go bhfuil creat oiriúnach bainistíochta riosca i bhfeidhm chun próifíl riosca agus nochtáí ábhartha an Ghrúpa a bhainistiú.

An Coiste Iniúcháireachta

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta a chinntiú go bhfuil riachtanais tuairiscithe airgeadais á gcomhlíonadh. Tuairiscíonn sé don Bhord maidir le hábhair cosúil le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. Tuairiscíonn sé ar neamhspleáchas agus ionrachas na bpróiseas iniúchta seachtraigh agus inmheánaigh, éifeachtúlacht chóras um rialú inmheánach an GNBS, na próisis atá i bhfeidhm i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht soláthraithe seirbhíse na hiasachta lena gcuid oibleagáidí conarthacha don GNBS agus géilliúlacht an GNBS le riachtanais ábhartha dlí, rialála agus cánachais.

An Coiste Creidmheasa

Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntiú creidmheasa a dhéanamh laistigh den údarás atá tarmligthe ag an mBord dó. Áiríonn siad seo inter alia faomhadh bainistiú sócmhainní féichiúnaí/straitéisí laghdaithe fiachais, comhghéilte fiachais, réamhíocaíocht airgead nua, faomhadh diúscairtí sócmhainní/iasachtaí, socrú agus faomhadh téarmaí aisíocaíochta, cinntiú bainistíochta réadmhaoine agus cinntiú le gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh nuair is cuí. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste Creidmheasa moltaí maidir le luach coir agus le hiarratais chreidmheasa sonracha faoi bhráid an Bhoird sa chás gur ag an mBord atá an t-údarás cuí ina leith. Tá sé freagrach freisin as beartais Chreidmheasa agus Riosca a mheas chun críche fhaomhadh an Bhoird agus soláthróidh sé ról maoirseachta i dtéarmaí cinntiú creidmheasa suntasacha a ndéantar faoi bhun an leibhéil údaráis atá tarmligthe ar an gCoiste Creidmheasa. Ar deireadh, déanann an Coiste Creidmheas athbhreithniú ar fhaisnéis bhainistíochta a ullmhaíonn na feidhmeanna um CCO agus CFO i ndáil le punann an GNBS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht riosca (ar lean)

Iniúchadh agus Riosca – Rannóg an Phríomhoifigigh Airgeadais (CFO)

Tá Iniúchadh agus Riosca mar aonad laistigh de rannóg CFO an GNBS agus é freagrach as comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar iniúchadh agus riosca inmheánach agus seachtrach. Tá sé freagrach freisin as dearadh agus cur i bhfeidhm Chreat Bainistíochta Riosca an GNBS, monatóireacht a dhéanamh ar phríomhrioscaí GNBS agus tuairisciú don Choiste Bainistíochta Riosca ar phróifíl riosca GNBS. Déanann an t-aonad Iniúcháireachta agus Riosca bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar chuntais bhainc oibríochtúla freisin. Tacaíonn an t-aonad le GNBS CFO chun a chinntiú go bhfeidhmíonn GNBS laistigh de theorainneacha agus lamháltais riosca atá ceadaithe ag an mBord. Soláthraíonn an t-aonad dúshlán agus measúnú neamhspleách d'fhóntacht na timpeallachta rialaithe, comhordaíonn sé gníomhaíochtaí iniúchta inmheánacha agus seachtracha ar fud an GNBS, an Phríomh-Sheirbhíseoir agus Máistir-Sheirbhíseoir agus déanann sé monatóireacht agus tuairisciú don Choiste Iniúcháireachta agus don Bhord i ndáil leis an dul chun cinn le haghaidh a thabhairt ar ghníomhartha tugtha chun solais i dtorthaí iniúchta. Tacaíonn an aonad leis an ghnó in athbhreithniú ar an leibhéal comhréir le gach polasaí agus nós imeachta agus comhairle a chuir ar fáil áit ar feictear deiseanna smacht a fheabhsú chomh maith.

Aonad Riosca an GBCN

Bainistíonn GBCN riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar idirbhearta áirithe (m.sh. aon díorthaigh), de réir bheartas an Bhoird.

18.1 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann le cailteanas poitéinsiúil in ioncam nó glanfhíúchas an Ghrúpa ag eascairt as athruithe ar rátaí úis, rátaí malairte nó praghsanna margaidh eile.

Eascraíonn rioscaí margaidh ó staideanna oscailte i dtáirgí ráta úis agus airgeadra, atá nochta do ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí nó praghsanna margaidh dála rátaí úis, raon difríochta creidmheasa agus rátaí malairte eachtraí. Tá an Grúpa nochta do riosca margaidh ar a iasachtaí agus sócmhainn leachtach. Cé go bhfuil sraith chuimsitheach nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa chun impleacht gluaiseachtaí ar rátaí úis, rátaí malairte eachtraí agus rioscaí margaidh eile a bhfuil sé nochta dóibh a mhaolú agus a rialú, is deacair a rá go beacht céard iad na hathruithe atá i ndán ar choinníollacha geilleagracha nó margaidh nó a rá go cinnte cad iad na héifeachtaí a bheadh ag a leithéid sin d'athruithe ar an nGrúpa.

Tá úsáid fhairsing bainte ag an nGrúpa as díorthaigh airgeadra eachtraigh chun próifíl airgeadra a shócmhainní agus dliteanas a bhainistiú. Ar an dáta tuairiscithe, ní raibh aon díorthaigh airgeadra eachtraigh nó díorthaigh eile ag an nGrúpa. Déantar faireachán ar neamhchosaintí airgeadra ar bhonn seachtainiúil chun an ceanglas maidir le maolú riosca e.g. díorthaigh airgeadra eachtraigh a fhionnadh.

18.2 Bainistíocht riosca margaidh

Cuspóir

Tá córais agus modheolaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun rioscaí margaidh ina ráiteas ar staid airgeadais a aithint agus a thomhas. Ina dhiaidh sin, déantar na rioscaí seo a bhainistiú laistigh de theorainneacha diana agus i gcomhthéacs éileamh coimeádach riosca atá ag teacht le reachtaíocht an GNBS.

Polasaithe

Tá bainistíocht an riosca margaidh laistigh den Ghrúpa á rialú ag beartais riosca margaidh atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ag an mBord. Faomhann an Bord lámháltas foriomlán riosca margaidh agus cuireann sé teoranta cuí i bhfeidhm. Soláthraíonn aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS maoirseacht agus tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat teorann laistigh de chomhthéacs na dtéorainneacha atá faofa ag an gCoiste Bainistíochta Riosca.

Maolú riosca

San áireamh i maolú riosca tá meaitseáil staideanna riosca sócmhainní agus dliteanas a mhéid agus is féidir, agus úsáid a bhaint as díorthaigh chun tréimhse agus íogaireacht ráta úis a bhainistiú laistigh den struchtúr teorainne faofa mas gá. Tá beartais Chlár Comhardaithe an Ghrúpa deartha lena chinntiú go bhfuil córas rialaithe dian i bhfeidhm a áiríonn raon sonrach táirgí agus teorainneacha faofa a fhorordú a chumhdaíonn na híogaireachtaí riosca ar fad a bhaineann le táirgí faofa. Tá an Grúpa freagrach as tuairisciú chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca agus anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na staideanna suntasacha riosca agus ar chomhlíonadh le teorainneacha riosca.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca moltaí a athbhreithniú, a fhaomhadh agus a dhéanamh i ndáil le próifíl agus teorainneacha riosca margaidh sa Grúpa trí chéile. San áireamh i dtuarascáil sheachtainiúil a chuireann aonad Iniúcháireachta agus Riosca GBCN i dtoll a chéile tá anailís mhionsonraithe ar gach staid riosca shuntasach agus géilliúlacht le teorainneacha riosca.

18. Bainistíocht riosca (ar lean)

18.3 Tomhas riosca margaidh

18.3.1 Riosca ráta úis

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca rataí úis tríd gluaiseachtaí sna rátaí úis atá sé neamhchosanta orthu. Tá córais éifeachtacha curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na neamhchosanta seo agus iad a mhaolú.

Baineann an Grúpa úsáid as íogaireachtaí riosca, tástáil struis an fhachtóra riosca agus anailís ar chásanna chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca an ráta úis agus é a bhainistiú. Is féidir íogaireachtaí riosca a ríomh trí an athrú aníos comhthreomhar sa chuar toraidh a thomhas chun measúnú a dhéanamh ar impleacht gluaiseachtaí ráta úis.

Ní gá gurb ionann faisnéis aimsithe tríd an anailís íogaireachta agus an t-athrú iarbhair ar luach cothrom a thabhdh an Grúpa de réir gnáthchoinníollacha margaidh mar, bunaithe ar theorainneacha praiticiúla, is ar bhonn seasmhach a choinnítear gach athróg seachas fachtóirí riosca sonracha margaidh. Is féidir le hathruithe ar rátaí úis tionchar indíreach a imirt freisin ar luach na comhthaobhachta atá i seilbh GNBS cé go bhfuil sé deacair é seo a thomhas.

Tá achoimre le fáil sna táblaí seo a leanas ar nochtadh uaintráinsithe an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta (sonraithe roimh ré ag athphraghsáil chonarhach nó dáta aibíochta) do riosca ráta úis réamhshocráithe. Sonraítear ann, de réir uaintráinse, na sócmhainní agus dliteanais ar féidir a bheith faoi réir athshocrú ráta úis.

Riosca Ráta Úis Grúpa 2024	0-12 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	370,391	-	370,391
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	95,625	-	95,625
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	15,213	15,213
Sócmhainní eile	-	4,055	4,055
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	466,016	19,268	485,284
Dlíteanais airgeadais			
Dlíteanais eile	-	34,295	34,295
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	-	34,295	34,295

Riosca Ráta Úis Grúpa 2023	0-12 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	305,501	-	305,501
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	449,207	-	449,207
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	15,579	15,579
Sócmhainní eile	-	2,425	2,425
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	754,708	18,004	772,712
Dlíteanais airgeadais			
Dlíteanais eile	-	23,806	23,806
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	-	23,806	23,806

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht riosca (ar lean)

18.3 Tomhas riosca margaidh (ar lean)

18.3.1 Riosca ráta úis (ar lean)

Riosca ráta úis Gníomhaireacht 2024	0-12 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	4,866	-	4,866
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	37,946	-	37,946
Infheistíochtaí i ionstraim gnáthscaireanna	-	105,696	105,696
Sócmhainní eile	-	15,966	15,966
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	42,812	121,662	164,474
Dlíteanais airgeadais			
Dlíteanais eile	-	15,967	15,967
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	-	15,967	15,967
Riosca ráta úis Gníomhaireacht 2023	0-12 mhí €'000	Neamh- úsmhar €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní airgeadais			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2,029	-	2,029
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	161,219	-	161,219
Infheistíocht i bhfochuideacht	-	105,696	105,696
Sócmhainní eile	-	4,993	4,993
Iomlán na sócmhainní airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	163,248	110,689	273,937
Dlíteanais airgeadais			
Dlíteanais eile	-	5,002	5,002
Iomlán na ndlíteanas airgeadais nochta d'athshocrú ráta úis	-	5,002	5,002

18. Bainistíocht riosca (ar lean)

18.3 Tomhas riosca margaidh (ar lean)

18.3.1 Riosca ráta úis (ar lean)

Íogaireacht riosca ráta úis

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar íogaireacht an ráta úis a eascraíonn ó mhéadú 50 bonnphointe (bp) nó laghdú ar rátaí úis thar an gcuar, faoi réir ráta úis fosta de chuid 0%. Déantar an riosca a thomhas mar impleacht glanluacha láithrigh, ar ráiteas na staide airgeadais, an athraithe sin ar rátaí úis. Athraíonn an anailís seo gach ráta úis do gach airgeadra agus gach aibíocht an méid céanna ar bhonn comhuaineach.

Socraítear na rátaí úis do gach airgeadra amhail an 31 Nollaig 2024. Measann na figiúirí an éifeacht atá ag gluaiseacht 50 bps i rátaí úis ar iasachtaí féichiúnaí, iarmhéideanna airgid thirim le Banc Ceannais na hÉireann agus Nótaí Státchiste Gearrthéarmacha.

Anailís íogaireachta ráta úis – gluaiseacht 50bp thar chuar ráta úis.

Grúpa	2024		2023	
	+50bp €'000	-50bp €'000	+50bp €'000	-50bp €'000
EUR	(364)	365	(474)	474
GBP	(1)	1	(2)	2
USD	-	-	1	(1)

Tá sócmhainní airgeadais agus dlíteanais airgeadais na Gníomhaireachta neamhíogair ó thaobh ráta úis de seachas a hiarmhéid airgid thirim le Banc Ceannais na hÉireann.

18.3.2 Riosca malairte eachtraí

Tá an Grúpa neamhchosanta ar éifeachtaí luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh, ar shealbhú iasachtaí ainmnithe airgeadra eachtraigh agus iarmhéideanna airgid thirim. Déanann an Grúpa monatóireacht rialta ar leibhéal nochta an airgeadra agus cé acu an bhfuil sé riachtanach fáluithe a bhunú chun na rioscaí seo a mhaolú. Ag an dáta tuairiscithe níl aon díorthaigh airgeadra eachtrach coinnithe ag an Ghrúpa.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar nochtadh an Ghrúpa do riosca airgeadra eachtraigh ar an 31 Nollaig 2024. San áireamh sa tábla freisin tá sócmhainní agus dlíteanais an Ghrúpa luaite ag luachanna anonn, agus rangaithe de réir airgeadra. Áirítear sna táblaí seo aon ionstraimí fálaithé ábhartha a bhfuil d'éifeacht acu riosca airgeadra a laghdú.

Group 2024	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	79	408	487
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	-	1,033	1,033
Nochtadh glan do riosca airgeadra eachtrach	79	1,441	1,520
Grúpa 2023	Dollair na Stát Aontaithe €'000	Steirling €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	109	430	539
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL	(663)	1,408	745
Nochtadh glan do riosca airgeadra eachtrach	(554)	1,838	1,284

Is in euro atá sócmhainní agus dlíteanais uile na Gníomhaireachta sonraithe. Dá réir sin, níl an Ghníomhaireacht nochta do riosca airgeadra eachtraigh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht riosca (ar lean)

18.3 Tomhas riosca margaidh (ar lean)

18.3.2 Riosca malairte eachtraí (ar lean)

Nochtadh do riosca airgeadra eachtrach – anailís íogaireachta

Bheadh neartú 10% an euro i gcoinne na n-airgeadraí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2024 mar bhonn le cothromas agus brabús laghdaithe/(méadaithe) na méideanna thíosluaite roimh cánachas. Glactar leis de réir na hanailíse seo, go bhfuil na hathróa eile ar fad, rátaí úis go háirithe, seasmhach. Bheadh éifeacht chothrom ach chodarsnach ag lagú 10% ar an euro i gcoinne na n-airgeadraí céanna, ar an mbonn go bhfanann na hathróa eile ar fad seasmhach.

Grúpa	2024 €'000	2023 €'000
GBP	(131)	(164)
USD	(7)	50

18.3.3 Praghasrioscaí eile

Tá an Grúpa nochtadha do phraghasriosca cothromais a eascraíonn as ionstraimí cothromais. Déantar luach cothrom ionstraimí cothromais a thomhas bunaithe ar ghlanluach sócmhainní an aonáin infheistíochta ag an dáta tuairiscithe. Déantar monatóireacht ar phraghasrioscaí cothromais tríd meastóireacht sócmhainní glan, a sholátharaíonn na bainisteoirí ciste agus measúnuithe ar na bunluachanna comhthaobhachta.

Anailís íogaireachta ar phraghsanna cothromais

Cinneadh an anailís íogaireachta thíos bunaithe ar an nochtadh do phraghasrioscaí cothromais ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Dá mbeadh na luachanna cothromais na ionstraimí cothromais 10% ní b'airde/ní b'ísle, thiocfadh méadú/laghdú €1.5m (2023: €1.6m) mar bhrabús roimh cháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024, mar thoradh ar na hathruithe ar luach cothrom ionstraimí cothromais GNBS, a ndéantar a aicmiú mar luach cothrom trí bhrabús nó caillteanas, de réir bheartas cuntasáíochta 2.7.

Tá an Ghníomhaireacht cosanta ar phraghasrioscaí eile.

19. Riosca creidmheasa

Is é atá i riosca creidmheasa ná an riosca de chaillteanas airgeadais a thabhtú, agus aird á tabhairt ar an gcomhthaobhacht arna gealladh mar urrús a bheadh i gceist dá dteipfeadh ar fhéichiúnaí nó ar chontrapáirtí margaidh an Ghrúpa a chuid oibleagáidí conartha a i leith an Ghrúpa a chomhlíonadh. Baineann príomhriosca creidmheasa an GNBS le feidhmíocht a féichiúnaithe, agus le sócmhainní gaolmhara atá á gcoinneáil mar urrús.

Tá neamhchosaint i gcoinne riosca comhdhlúite GNBS ag éirí ó neamhchosaint that a phunann. Tá éifeacht ag comhdhlúite i bpunann ar leith, mar punann réadmhaíne, ar foriomlán leibhéil rioscar creidmheasa.

Tháinig neamhchosaintí maidir le féichiúnaithe an Ghrúpa chun chinn sa chéad dul síos de thoradh ar phunann suntasach iasachtaí réadmhaíne a fháil, san earnáil réadmhaíne tráchtála agus chónaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe go príomha, agus ar bhonn nach bhfuil chomh suntasach i SAM agus sa chuid eile den domhan. Tá an phunann atá fágtha ar 31 Nollaig 2024 urraithe den chuid is mó ar mhaoín in Éirinn. Bíonn riosca creidmheasa i gceist maidir le gníomhaíochtaí iasachtaí an Ghrúpa, a dtugtar fúthu chun luach a choinneáil nó a fheabhsú (maoiniú forbairt aonaid cónaithe san áireamh) d'fhonn an toradh airgeadais uasta a bhaint amach don Stát faoi réir an riosca inghlactha. Cruthaíonn ionstraimí airgeadais, amhail ráthaíochtaí agus tiomantais iasachta neamhtharraingthe, riosca creidmheasa chomh maith.

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó an Ghrúpa. Dá bhrí sin, déanann an Grúpa a neamhchosaint i leith riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach. Maolaíodh an riosca creidmheasa a tháinig chun cinn de thoradh na punainne iasachtaí a fháil ar dtús trí ghrinnphróiseas díchill chuí dlí agus réadmhaíne a chur i gcrích. Dearadh an próiseas sin lena chinntiú go ndearnadh iasachtaí a luacháil i gceart i gcomhréir leis an scéim reachtúil ina ndearnadh foráil go bhfaigheadh an Grúpa iad. Déantar an riosca creidmheasa ag eascairt as gníomhaíochtaí bainistíochta riosca creidmheasa agus iasachtaí leanúnaí an Ghrúpa a mhaolú le Creat Nósanna Imeachta agus Beartaí Bainistíochta Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní an Ghrúpa.

Tagann riosca creidmheasa chun cinn agus bainistítear é go príomha laistigh de rannán Príomhoifigeach Tráchtála ('CCO') an Ghrúpa.

An Rannán Príomhoifigeach Tráchtála

Tá a ghnó struchtúrtha ag rannán an Phríomh-Oifig Staidrimh chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí faofa Bhord GNBS a dhíríonn ar ghiniúint agus diúscairtí airgid, chomh maith le feabhsú ar luach sócmhainní trí bhainistíocht sócmhainní gníomhacha lena n-áirítear maoiniú iarratas pleanála agus forbairt chónaithe agus tráchtála.

19. Riosca creidmheasa (ar lean)

An Rannán Príomhoifigeach Tráchtála (ar lean)

Tiomáineann an rannóg fáiltas airgeadais agus comhlíonann sé aidhmeanna straitéiseacha níos leithne GBSN tríd oibriú le féichiúnaí, glacadóirí agus pairtnéirí fiontair infheistíochta institiúideach le sócmhainní a aithint, a fhorbairt agus a bhainistiú nuair is féidir cur le luach tríd forbairt tomhaiste agus straitéisí bainistíochta sócmhainne.

Leanann an rannóg as a fhreagracht as idirghníomhaíocht shuntasach le féichiúnaithe/cleachtóirí dócmhainneachta ann mar chuid den iarracht chun an aisghabháil a uasmhéadú agus dianbhainistíocht laethúil trí chur chuige nuálach agus réiteach-bhunaithe: straitéisí, spriocanna agus garspriocanna soiléire a shonrú agus monatóireacht ghníomhach a dhéanamh orthu; costais féichiúnaithe, soláthraí seirbhíse agus ghlacadóirí a laghdú; ioncam a fháil agus a uasmhéadú; luachanna díolacháin a bharrfheabhsú trí bhainistíocht réamhghníomhach sócmhainní; caiteachas caipitiúil breise a sholáthar sa chás gur féidir luach breise a fháil nó luach a chosaint; agus ar deireadh straitéisí cuí le airgead a shaothrú cosúil le díolacháin iasachta, díolacháin sócmhainní agus punainn.

Le na straitéisí seo a chuir i bhfeidhm, tá scairsheilbh mhionlaigh GNBS i bhfeithiclí infheistíochta áirithe a bhainistiú, I gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath (féach Nóta 22).

In 2015 chomhaontaigh Bord GNBS an cuspóir chun seachadadh 20,000 aonad cónaithe ar thalamh urraithe GNBS a éascú faoi réir inmharthanacht tráchtála agus chun an líon láithreán atá réidh le forbairt a uasmhéadú. Oibrítear an próiseas um Cheadú Creidmheasa chun an sprioc seachadta cónaithe seo a bhaint amach laistigh de Chreat Beartais agus Nós Imeachta reatha an Ghrúpa. Ina theannta sin, tá Foireann Creidmheasa agus Riosca tiomanta ar leith i bhfeidhm chun maoirseacht bheise a chur ar fáil ar fhorfheidhmiú pholasaithe, nósanna imeachta agus threoirilínte iasachta, ar shárú baic inmharthanachta, chomh maith le chomhlíonadh foshuíomhanna trádála sreafa airgid i dtaca le cistiú breise réamhíochta. Mar gheall ar phríomhrialtán sa réimse seo beidh ag an Rannán Soláthair Tithíochta Cónaithe a chistiú do ghníomhaíocht foirgníochta a mhodhnú lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht le líon iarbhair na ndíolachán atá á mbaint amach.

Creat Nósanna Imeachta agus Beartais

Is é cuspóir foriomlán an Chreata Nósanna Imeachta agus Beartais agus Ralachas an Grúpa cúnma le comhshaol smachta éifeachtach agus éifeachtúil a chuir i bhfeidhm agus a mhaoiniú.

Ar deireadh thiar, is é an Bord atá freagrach as riosca creidmheasa an Ghrúpa a bhainistiú. Tá rialú agus bainistiú riosca creidmheasa curtha i bhfeidhm ag an roinn CCO mar atá leagtha amach thuas. Déantar riosca creidmheasa a thuairisciú don Bhord agus an Coiste Creidmheasa ar bhonn rialta agus tá an Creat faoi réir athbhreithnithe bhliantúil foirmiúil.

Tá an Grúpa freagrach as iasachtaí a bhainistiú, a fhaightear faoi sholáthairtí an Achta. Cuirtear iasachtaí a fhaightear ó Institiúidí Rannpháirteacha a cuireadh i ngrúpaí le chéile agus a dhéantar a bhainistiú trí rannpháirteachas le féichiúnaithe.

Ní mór don Ghrúpa cinnti creidmheasa éagsúla a dhéanamh atá ceadaithe ag an Údarás Tarmilgthe iomchuí de chuid GNBS agus, a d'fhéadfadh baint a bheith acu le iasachtaí nua, athstruchtúrú iasachtaí nó gníomh forfheidhmithe a ghlacadh. Go sonrach, d'fhéadfadh cinneadh creidmheasa tarlú de thoradh ar imeacht ar bith a d'fhéadfadh próifíl riosca bhunúsach neamhchosanta nó nasc le féichiúnaí a athrú, lena n-áirítear:

- Iarratas ar chreidmheas ó féichiúnaí/cleachtóirí dócmhainn;
- Díolacháin sócmhainní a fhaomhadh;
- Togra spreagthaí nó comhréitigh phragmatacha/tráchtála a bheith i gceist d'fhonn staid fhoriomlán an GNBS a uasmhéadú;
- Straitéisí féichiúnaí molta;
- Síneadh molta téarmaí le haghaidh neamhchosaintí uile féichiúnaí nó cuid díobh;
- Togra chun gníomh dócmhainneachta a chuir i bhfeidhm sa thionscnamh;
- Togra bainistíochta sócmhainní do shócmhainní urrúis, m.sh. léasanna nua a cheadú;
- Gníomh ag tríú páirtí maidir le féichiúnaí coiteann mar shampla institiúid neamh-rannpháirteach.

San áireamh le straitéisí oibriú amach ceadaithe ag GNBS líon féichiúnaithe tá socrúithe tráchtála féideartha a spreagtar nuair a bhaintear spriocanna uaillmhianacha airgeadais agus oibriúcháin amach. I gcásanna áirithe, má bhaineann féichiúnaithe amach na cuspóirí uaillmhianacha sin, féadfaidh siad cuid d'aon ioncaim a bhaintear amach os cionn na spriocleibhéil a choinneáil. Is í an chuspóir atá leis seo ná cinnte a dhéanamh go spreagtar féichiúnaithe chun an t-uasluach a bhaint as oibriú amach agus réadú a gcuid sócmhainní. Mar gheall ar an bhfeabhas láidir leanúnach ar choinníollacha an mhargaidh réadmhaoiné ó bhí deireadh 2013 ann, spreagadh iocaíochtaí nó gníomhaíochtaí socrúcháin i líon áirithe cásanna. Áit is ceart é, breithnítear íoc táillí bainistíochta ar bhunús cás ar chás mar phairt de maoiniú forbairt cónaithe feidhmiúil.

Déantar riosca creidmheasa a thomhas, a mheas agus a rialú le haghaidh na n-idirbheart agus na n-imeachtaí creidmheasa uile a eascraíonn de thoradh ar ghnóthú iasachtaí an Ghrúpa, agus de thoradh ar bhainistiú leanúnach na n-iasachtaí sin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

19. Riosca creidmheasa (ar lean)

19.1 Riosca creidmheasa a thomhas

Cuireann an Grúpa na tomhais seo a leanas ar neamhchosaint i bhfeidhm:

Punann Iasachtaí Féichiúnaí – Neamhchosaint creidmheasa a thomhas

- Neamhchosaint parfhiachais – an méid comhlán atá dlite ag an bhféichiúnaí, i. na méideanna iomlána atá dlite de réir théarmaí conartha tosaigh na n-iasachtaí a gnóthaíodh. Ba é €74 billiún iomlán an parfhiachais a ghnóthaigh an Grúpa. Is €1.7bn (2023: €5.0bn) iomlán an parfhiachais ag dáta na tuairiscithe.
- Neamhchosaint fiachais an GNBS – an méid gnóthaithe a d'íoc an Grúpa (móide aon airgead nua a thug an Grúpa ar iasacht, athraithe luach cothrom agus muirear úis curtha leis, lúide íocaíochtaí airgid faighte). Ba é €31.8 billiún an chomaoin iomlán a íocadh i leith iasachtaí agus díorthaigh ghaolmhara a fuarthas. Is €96m (2023: €449m) ollfhiachas GNBS ag dáta na tuairiscithe.

De réir Alt 10 den Acht, ní mór don GNBS an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach don Stát agus aird á tabhairt ar an bparfhiachas, ar chostas gnóthaithe, ar aon chostais de thoradh ar phlé le sócmhainní, ar chostas caipitil agus costais eile. Is tomhais bhunúsacha iad sin ar a mbunófar cinntí faoi chreidmheas agus faoi straitéis cháis. Is iad sin an bonn freisin chun an leibhéal Údaráis Tarmilgthe iomchuí a shocrú le haghaidh cinntí creidmheasa arna ndéanamh ag an nGrúpa nó ag Institiúidí Rannpháirteacha. Déanann an GNBS monatóireacht ar neamhchosaint fiachais an GNBS agus Parfhiachais ar bhonn comhthreomhar agus baineann sí úsáid astu mar thaca leis na cinntí creidmheasa go léir.

Riosca comhchruinnithe

Bíonn riosca comhchruinnithe i gceist sa chás go bhfuil sé de chumas ag neamhchosaint aonair nó grúpa neamhchosaintí, bunaithe ar thréithe comhchoiteanna riosca, caillteanais a chruthú atá mór go leor i gcoibhneas chaipiteal, sócmhainní iomlána, thuilleamh nó leibhéal riosca foriomlán an Ghrúpa lena chumas a phríomhchuspóirí a chomhlíonadh a chur i mbaoil.

Déanann an Grúpa a nochtadh do riosca a bhainistíú trí ráiteas inghlacthachta riosca an Ghrúpa agus déanann sé monatóireacht ar neamhchosaintí chun an iomarca comhchruinnithe riosca a chosc. De réir mar a rinne GNBS airgeadú ar a phunann, tá laghdú tagtha ar líon na nasc idir féichiúnaithe le himeacht ama agus tá an phunann iasachta féichiúnaí níos comhchruinnithe. Tá straitéisí féichiúnaí aonair agus sócmhainne aonair beartaithe chun na neamhchosaintí seo a bhainistíú.

Déantar monatóireacht rialta ar riosca comhchruinnithe do rannóga agus earnálacha, agus ar ghluaiseachtaí sna comhchruinnithe sin, chun an iomarca comhchruinnithe riosca a chosc, agus chun luathrabhadh a thabhairt ar bharrachais fhéideartha. Leis na tomhais sin, is féidir comhchruinnithe laistigh den Ghrúpa a thomhas agus dá bhrí sin éascaítear gníomh bainistíochta agus cinnteoireacht iomchuí.

19.2 Riosca creidmheasa a mheasúnú

Díríonn measúnú riosca creidmheasa ar cumas aisíochta an fhéichiúnaí agus contrapháirtí agus na feabhsuithe creidmheasa uile atá ar fáil, lena n-áirítear urrús. Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar sócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar earlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i cásanna áirithe le ráthaíochtaí pearsanta.

Bhraithe an Grúpa ar dtús ar na measúnaithe luachálacha a chuirtear ar urrús reatha agus iontaoibh a bhaineann le hiasachtaí arna ngnóthú mar chuid den phróiseas gnóthaithe. Ina theannta sin, déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go gcuirtear luacháil iomchuí, suas chun dáta ar aon fhoirmeacha breise urrúis nó iontaoibh san áireamh i dtogra creidmheasa féichiúnaí agus cleachtóra dócmhainneachta. D'fhéadfaí urrús reatha a athluacháil mar chuid den phróiseas sin freisin.

Is príomhchomaoin é, agus airgead nua á airleacan, ná cibé an bhfuil nó nach bhfuil feabhsú luacha i gceist le togra creidmheasa an fhéichiúnaí ó thaobh a chumas féideartha acmhainneacht a uasmhéadú chun fiachais a aisíoc seachas diúscairt sócmhainní ar bhun “mar atá”.

Agus foirmeacha breise nó malartacha urrúis nó iontaoibh á socrú, d'fhéadfadh an Grúpa measúnuithe sócmhainne pearsanta a choimisiúnú i leith féichiúnaí chun aon urrús nó iontaoibh a aithint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil chun leasanna an Ghrúpa a chosaint.

19.3 Rialú riosca creidmheasa

Tá an Grúpa tar éis Creat Níosann Imeachta agus Beartais um Bainistíocht Sócmhainní/Aisghabháil Sócmhainní a shainiú a leagann amach leibhéal údaráis le haghaidh teorannacha creidmheasa agus cinntí creidmheasa ceadaithe, chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú riosca creidmheasa atá le déanamh.

Leagann an Creat Níosann Imeachta agus Beartais na teorannacha creidmheasa agus cinnteoireachta ceadaithe, mar shampla:

- Straitéisí oibriú amach Féichiúnaí agus Cleachtóirí Dócmhainneacht agus Athbheithnithe Creidmheasa Straitéiseacha a fhaomhadh;
- Iasachtú nua a fhaomhadh;
- Athstruchtúrú iasachtaí nó athchaibidlíú iasachtaí i gcásanna nach dtugtar aon airgead nua ar iasacht;
- Gníomh forfheidhmithe arna ghlacadh ag an nGrúpa;
- Iasachtaí/sócmhainní a dhíol;
- Riachtanais bhainistíochta sócmhainní agus réadmhaoine;
- Costais féichiúnaí agus tríú páirtí riachtanach le straitéisí oibriú amach ceadaithe a chuir i bhfeidhm.

19. Riosca creidmheasa (ar lean)

19.3 Rialú riosca creidmheasa (ar lean)

Cinntear leibhéal an cheadaithe a theastaíonn le haghaidh cinntí creidmheasa trí thagairt do mhéid iomlán iarmhéid fiachais gan íoc an fhéichiúnaí, luach cóir na n-iasachtaí agus leibhéal an chistithe bhreise atá á lorg trí thagairt do Bheartas Údaráis Tarmligthe GNBS.

Déanann duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas cinntí creidmheasa a fhaomhadh, le leibhéal cascáideach d'údarás tarmligthe faofa:

- Sealbhóirí Beartais Údaráis Tarmligthe Painéil A;
- Bainisteoir Rannach Sinsearaí Painéil B;
- Bainisteoir Rannach Sinsearaí;
- Ceannaire (nó Leasceannaire) Roinne;
- POF agus Ceannaire (nó Leasceannaire);
- An Coiste Creidmheasa;
- An Bord.

Déanann an Fhoireann Bainistíochta Gnó maoirseacht ar chomhlíonadh Bheartas an Údaráis Tarmligthe a chomhordú agus déanann athbhreithnitheoirí neamhspleácha athbhreithnithe maoirseachta lena n-áirítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh.

Tá bearta rialaithe agus maolaithe sonracha arna nglacadh ag an nGrúpa léirithe thíos:

(a) Bainistiú Airgid Thirim

Tá bainistiú airgid thirim laistigh de rannpháirteachas le féichiúnaí ina phríomhrialú d'fhonn a chinntiú go bhfuil forchostais, caipiteal oibre nó íocaíochtaí caiteachais chaipitil fhorbartha oiriúnach agus fíoraithe i dtreo is go ndéanfaí sceitheadh féideartha airgid thirim a chosc. Tá gá le infheictheacht iomlán ioncaim ó chíos/trádál agus ioncaim ó dhíolacháin sócmhainní, ioncaim ó aonad cónaithe maoinithe ag GNBS san áireamh chomh maith.

(b) Comhthaobhacht

Déantar iasachtaí agus airleacain le féichiúnaithe agus cleachtóirí dócmhainneachta a chomhthaobhú go príomha trí mhuirir thar shócmhainní eastáit réadaigh, sócmhainní eile, liain ar éarlaisí airgid thirim, agus déantar iad a fhorlíonadh i gcásanna áirithe le ráthaíochtaí pearsanta agus corparáideacha.

Cuireann an Grúpa raon beartas agus cleachtas i bhfeidhm chun riosca creidmheasa a mhaolú. Is é an ceann is traidisiúnta díobh sin ná an chéad urrús muirir sheasta thar shócmhainní eastáit réadaigh i dtaca le haon chaipiteal oibre nó chaipiteal forbartha arna airleacan.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha comhthaobhachta atá inghlactha chun riosca creidmheasa a mhaolú ar iasachtaí:

- Morgáistí ar thalamh agus réadmhaoin éagsúil;
- Muirir chomhlúthacha ar shócmhainní gnó amhail áitreabh, fardal agus cuntais infhála;
- Muirir ar ionstraimí airgeadais amhail cothromais agus urrúis fhiachais;
- Muirir ar éarlaisí bainc, le díol cuntais adhmháil do fhéichiúnaí a bhaineann úsáid as maoiniú forbairt cónaithe ceadaithe san áireamh.

19.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa – roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile

Sa tábla a leanas leagtar amach an neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa le haghaidh sócmhainní airgeadais a raibh riosca creidmheasa ag baint leo amhail ag 31 Nollaig 2024, gan aird a thabhairt ar chomhthaobhacht ná feabhsuithe creidmheasa eile atá ar láimh.

Tá neamhchosaintí bunaithe ar na glanmhéideanna carraeireachta a thuairiscítear i Ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa.

Grúpa	Nóta	Neamhchosaint uasta 2024	Neamhchosaint uasta 2023
		€'000	€'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		370,391	305,501
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL		95,625	449,207
Sócmhainní eile		4,055	2,425
Infheistíocht i ionstraim cothromais		15,213	15,579
Iomlán na sócmhainní		485,284	772,712
Tiomantais iasachta	20.3	14,647	135,911
Neamhchosaint uasta iomlán		499,931	908,623

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

19. Riosca creidmheasa (ar lean)

19.4 Neamhchosaint uasta i leith riosca creidmheasa – roimh chomhthaobhacht arna coinneáil nó feabhsuithe creidmheasa eile (ar lean)

Gníomhaireacht	Neamhchosaint uasta 2024 €'000	Neamhchosaint uasta 2023 €'000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	4,866	2,029
Iasacht idirghrúpa ag FVTPL	37,946	161,219
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	105,696	105,696
Sócmhainní eile	15,966	4,993
Neamhchosaint uasta iomlán	164,474	273,937

19.5 Faisnéis faoi chaighdeán creidmheasa iasachtaí féichiúnaí agus ionstraimí airgeadais eile

(a) Iasachtaí féichiúnaithe

Tá beartas grádaithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun próifíl riosca a sholáthar de phunanna n GNBS agus a bhaineann le féichiúnaithe uile. Déanann scála grád creidmheasa an GNBS iarracht tomhas den riosca a shannadh ar aisghabháil sócmhainn airgeadais agus tá sé bunaithe ar dhá ghné le naoi ngrád féideartha á léiriú mar chomhcheangal d'uimhir agus litir 1A, 3B s.rl.

- Sa chéad ghné (scála 1, 2, 3) tomhaistear cáilíocht na sócmhainní bunúsacha a ghnóthaítear agus an t-ionchas maidir le haisghabháil fiachais a bhaineann le fiachas an GNBS.
- Sa dara ghné (scála A, B, C) déantar leibhéal feidhmíochta an fhéichiúnaí a rátáil trí bhaint amach na spriocanna airgeadais agus neamhairgeadais, a comhaontaíodh trí phróiseas rannpháirteachais an fhéichiúnaí, a thomhas.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na torthaí gráid féideartha sna catagóirí a leanas:

- Sásúil: Breithnítear go bhfuil an nasc ag comhoibriú le GNBS agus go bhfuil na garspriocanna comhaontaithe bainte amach
- Súil le bheith coimeáda orthu: Tá gá ann monatóireacht bhreise a dhéanamh ar an nasc agus tá fianaise ann go bhfuiltear ag ligean na garspriocanna imeacht siar, bíodh sé sin go hiarbhir nó go bhfuil sé infhéideartha
- Eile: Tá an nasc ag ligean na garspriocanna imeacht siar le sruth agus/nó tá cleachtóir dócmhainneachta ceaptha leis

Sa tábla a leanas, tá an dáileachán d'iasachtaí féichiúnaí ar FVTPL leagtha amach de réir na 3 thoradh grád gur féidir a fháil ag deireadh bliana.

	2024 €'000	2023 €'000
Sásúil	5,669	120,556
Breathnaigh	79,907	262,529
Eile	10,049	66,122
Iasachtaí féichiúnaithe	95,625	449,207

Tá an t-athrú ar luach cóir na hiasachtaí féichiúnaí inchurtha go príomhúil i leith athruithe sa riosca creidmheasa atá gaolmhar leis na bunfhéichiúnaithe agus an urrús comhthaobhach daingnithe. Tá an t-athrú ar luach punann mar gheall ar airgead saothraithe ar iasachtaí féichiúnaí le linn na tréimhse.

Tá sócmhainní uile na Gníomhaireachta ina sócmhainní idirghrúpa agus ina sócmhainní reatha.

(b) Méideanna ionstraimí airgeadais eile

Rinneadh cáilíocht chreidmheasa mhéideanna na n-ionstraimí airgeadais a leanas a ghrádú mar shásúil ar an dáta tuairiscithe.

- Airgead tirim agus coibhéisí airgid
- Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais
- Sócmhainní eile

Tarlaíonn loiceadh nuair nach éiríonn le contrapháirtí freastal ar a chuid oibleagáidí.

Coinnítear airgead tirim agus coibhéisí airgid le bainc cheannais agus le bainc/contrapháirtithe eile a bhfuil riosca mainneachtana an-íseal acu agus próifíl riosca creidmheasa íseal. Déanann gníomhaireachtaí rátála creidmheasa rátáil infheistíochta ar gach banc/contrapháirtí an 31 Nollaig 2023 (2022: grád infheistíochta).

19. Riosca creidmheasa (ar lean)

19.6 Tuairisciú geografacha

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar neamhchosaintí creidmheasa príomha an Ghrúpa ar a méideanna carraeireachta, bunaithe ar láthair iasachtaí na féichiúnaithe agus unfheistíochtaí i ionstraimí airgeadais comhthaobhachta.

Earnálacha geografacha 2024 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL			
– Talamh agus forbairt	80,919	-	80,919
– Réadmhaoin infheistíochta	13,860	846	14,706
Iomlán na n-iasachtaí féichiúnaithe	94,779	846	95,625
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	370,391	-	370,391
Sócmhainní eile	4,055	-	4,055
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	15,213	-	15,213
Iomlán na sócmhainní	484,438	846	485,284

Earnálacha geografacha 2023 Grúpa	Éire ag eisiamh Tuaisceart Éireann €'000	An chuid eile den Domhan €'000	Iomlán €'000
Iasachtaí féichiúnaithe tomhaiste ag FVTPL			
– Talamh agus forbairt	356,930	-	356,930
– Réadmhaoin infheistíochta	90,927	1,350	92,277
Iomlán na n-iasachtaí féichiúnaithe	447,857	1,350	449,207
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	305,501	-	305,501
Sócmhainní eile	2,425	-	2,425
Infheistíochtaí in ionstraim gnáthscair	15,579	-	15,579
Iomlán na sócmhainní	771,362	1,350	772,712

Sa ráiteas ar staid airgeadais na Gníomhaireachta, cuimsítear sócmhainní idirghrúpa maidir le cúiteamh na gcostas riarachán ón nGrúpa, dá réir sin tá na sócmhainní go léir atá neamhchosanta i leith riosca creidmheasa sa Ghníomhaireacht lonnaithe in Éirinn.

20. Riosca Leachtachta

Is é atá i riosca leachtachta ná an riosca nach mbeadh an Grúpa in ann a chuid oibleagáidí airgeadais uile a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Tagann riosca leachtachta chun cinn de bharr difríochtaí in uainíocht idir insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid.

20.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta

Tugtar faoi phróiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa laistigh den Ghrúpa agus déanann foireann ar leithligh i gCisteán an GNBS monatóireacht air. Áirítear sa phróiseas sin:

- Bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais laethúla leachtachta agus maoinithe an GNBS lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí go léir de réir mar a bheidh siad dlite: áirítear leo sin tiomantais iasachtaithe na todhchaí, ús ar dhliteanais, costais, táillí agus speansais oibriúcháin laethúla.
- Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas; trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa lena chinntiú go gcoinnítear acmhainní airgid imleora agus/nó go mbunaítear maoiniú imleor i gcásanna inar cosúil go dtarlódh neamhréireanna, agus dá bhrí sin ag íoslaghdú tionchar eis-sreafaí leachtachta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

20. Riosca Leachtachta (ar lean)

20.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta (ar lean)

Déantar monatóireacht agus tuairisciú tríd an sreabhadh airgid a thomhas agus trí réamh-mheastacháin faoin sreabhadh airgid le haghaidh tréimhsí idir seachtain amháin agus bliain amháin agus clúdaíonn an próiseas pleanála tréimhse níos faide ná bliain amháin. Cuireann aonad Riosca GBCN réamh-mheastacháin leachtachta neamhspleácha ar fáil don Bhord agus don Choiste Bainistíochta Riosca.

I 2024 agus 2023, is socraíocht dliteanais eile agus dliteanais léasa an príomhriosca leachtachta don Ghrúpa.

20.2 Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh

Léiríonn an tábla seo a leanas na sreabha airgid atá infoctha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de bhun a dhliteanas airgeadais neamhdhíorthaigh trí na haibíochtaí conartha atá fágtha ag an dáta tuairiscithe. Is iad na méideanna a nochtar sa tábla na sreafaí airgid neamhslasainithe.

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Grúpa 31 Nollaig 2024

Dlíteanais

Dlíteanais eile

Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú

0-6 mhí
€'000

Níos mó
ná 6 mhí
€'000

Iomlán
€'000

32,517

1,778

34,295

370,391

-

370,391

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Grúpa 31 Nollaig 2023

Dlíteanais

Dlíteanais eile

Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú

0-6 mhí
€'000

Níos mó
ná 6 mhí
€'000

Iomlán
€'000

21,140

2,666

23,806

305,501

-

305,501

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Gníomhaireacht 31 Nollaig 2024

Dlíteanais

Dlíteanais eile

Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú

0-6 mhí
€'000

Níos mó
ná 6 mhí
€'000

Iomlán
€'000

15,967

-

15,967

4,866

-

4,866

Sreafaí airgid neamhdhíorthaigh Gníomhaireacht 31 Nollaig 2023

Dlíteanais

Dlíteanais eile

Sócmhainní ar láimh chun riosca leachtachta a bhainistiú

0-6 mhí
€'000

Níos mó
ná 6 mhí
€'000

Iomlán
€'000

5,002

-

5,002

2,029

-

2,029

I measc na sócmhainní atá ar fáil chun na dliteanais go léir a chomhlíonadh agus chun na tiomantais iasachta atá dlite a chlúdach tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus Nótaí Stáitchiste. Ní chuireann sócmhain ar son bainistíocht riosca leachta iarmhéid iasachtaí a bhfuil fáil orthu san áireamh.

20. Riosca Leachtachta (ar lean)

20.3 Tiomantais iasachta

Tá achoimre ar dhátaí mhéideanna conartha ionstraimí airgeadais an Ghrúpa, lena dtiomnaítear é do chreidmheas a shíneadh do chustaiméirí agus do shaoráidí creidmheasa eile, sa tábla seo a leanas.

Grúpa Tiomantais go dtabharfar iasacht	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain €'000	1-2 bliana €'000	Níos mó ná 2 bhliain €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 2024	14,647	-	-	14,647
31 Nollaig 2023	83,058	52,853	-	135,911

Níl aon tiomantais ag an nGníomhaireacht creidmheas a shíneadh.

21. Luach cothrom na ndliteanas agus sócmhainní airgeadais

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom

Tugtar achoimre sa tábla a leanas ar mhéideanna carraeireachta agus luachanna cothroma na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais arna gcur i láthair sa ráiteas faoi staid airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta.

Grúpa	2024 Luach anonn €'000	2024 Luach cothrom €'000	2023 Luach anonn €'000	2023 Luach cothrom €'000
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	370,391	370,391	305,501	305,501
Airgead tugtha mar urrús comhthaobhach do GBCN	95,625	95,625	449,207	449,207
Sócmhainní eile	4,055	4,055	2,425	2,425
Infheistíochtaí i ionstraim cothromais	15,213	15,213	15,579	15,579
Iomlán na sócmhainní	485,284	485,284	772,712	772,712
Grúpa	2024 Luach anonn €'000	2024 Luach cothrom €'000	2023 Luach anonn €'000	2023 Luach cothrom €'000
Dlíteanais airgeadais				
Dlíteanais eile	34,295	34,295	23,806	23,806
Iomlán na ndlíteanas	34,295	34,295	23,806	23,806
Grúpa	2024 Luach anonn €'000	2024 Luach cothrom €'000	2023 Luach anonn €'000	2023 Luach cothrom €'000
Gníomhaireacht				
Sócmhainní airgeadais				
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	4,866	4,866	2,029	2,029
Iasacht idirghrúpa tomhaiste ag FVTPL	37,946	37,946	161,219	161,219
Sócmhainní eile	15,966	15,966	4,993	4,993
Infheistíocht i bhfochuideachtaí	105,696	105,696	105,696	105,696
Iomlán na sócmhainní	164,474	164,474	273,937	273,937

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

21. Luach cothrom na ndlíteanas agus sócmhainní airgeadais (ar lean)

(a) Comparáid idir luach carraeireachta agus luach cothrom (ar lean)

Gníomhaireacht	2024 Luach anonn €'000	2024 Luach cothrom €'000	2023 Luach anonn €'000	2023 Luach cothrom €'000
Dlíteanais airgeadais				
Dlíteanais eile	15,967	15,967	5,002	5,002
Iomlán na ndlíteanas	15,967	15,967	5,002	5,002

Sócmhainní airgeadais agus dlíteanais nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ar luach cothrom

I gcás sócmhainní agus dlíteanas airgeadais nach ndéantar iad a thomhas ar luach cothrom ina dhiaidh sin sa ráiteas faoin staid airgeadais, is ionann a luach cothrom agus luach carraeireachta mar gheall ar a nádúr gearrthéarmach.

(b) Ordilathas luacha chothroim

Sonraíonn IFRS 13, Tomhas Cóirluacha ordilathas trí leibhéil de theicnící luachála bunaithe ar cibé an bhfuil na hionchuir do na teicnící luachála sin inbhraite nó nach bhfuil. Léiríonn ionchuir inbhraite sonraí margaidh a fhaightear ó fhoinsí neamhspleácha; léiríonn ionchuir neamh-inbhraite boinn tuisceana margaidh an Ghrúpa. Cuimsítear san ordilathas luacha chothroim:

- Leibhéal 1 – Praghsanna luaite (gan coigeartú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna nó dlíteanas comhionann. Áirítear bannaí rilatis ar an leibhéal seo áit abhfuil praghsanna margaidh luaite.
- Leibhéal 2 – Ionchuir seachas praghsanna luaite san áireamh i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dlíteanas, go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear ar an leibhéal seo conarthaí díorthaigh thar an gcuntar. Baineann foinsí na bparaméadar ionchuir úsáid as an gcuair toraidh Euribor caighdeánach.
